TREOIRLÍNTE

TREOIRLÍNE (AE) 2022/912 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 24 Feabhra 2022

maidir le hUathchóras Nua Giniúna Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras- Eorpach (TARGET) agus lena n-aisghairtear Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) *(BCE/2022/8)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagail 17, 18 agus 22 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Rialaítear le Treoirlíne 2013/47/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an t-uathchóras Mearaistrithe Ollscocraíochtaí Fíor-Ama Tras-Eorpach (BCE/2012/27) ([1]).

(2) Tháining an "Comhaontú Comhchoiteann" a síníodh idir na bainc cheannais a oibríonn córais chomhpháirteacha de TARGET2 agus na taisclanna lárnacha urrús (TLUanna) a oibríonn ar ardán Urrús-TARGET2 i bhfeidhm an 20 Márta 2018. Baineann an Comhaontú sin le soláthar faisnéise agus le dliteanais i gcás dócmhainneachta rannpháirtí sna córais agus sainmhíníonn sé nóiméad iontrála coiteann d'íocaíochtaí agus d'orduithe aistrithe urrús a socraítear sna córais seo.

(3) An 6 Nollaig 2017 cheadaigh an Chomhairle Rialaithe Tionscadal Comhdhlúthaithe T2-T2S, arb é is cuspóir leis TARGET2 agus Urrúis-TARGET2 (T2S) a chomhdhlúthú agus a bharrfheabhsú, ag baint tairbhe as cuir chuige úrscothacha agus nuálaíocht theicneolaíoch, lena cumasaítear laghdú ina gcostas oibríochta comhcheangailte, agus lena feabhsaítear bainistiú leachtachta ar fud na seirbhísí éagsúla. Is é toradh an Tionscadail Comhdhlúthaithe T2-T2S an t-uathchóras nua giniúna Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-Ama Tras-Eorpach a shocraíonn in euro in airgead bainc cheannais (TARGET).

(4) Ba cheart TARGET a chur in ionad TARGET2 ón 21 Samhain 2022. Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) a aisghairm.

(5) Mar is amhlaidh i gcás TARGET2, ba cheart TARGET a struchtúrú go dlíthiúil mar iliomad córas íocaíochta ina ndéantar gach córas comhpháirte de TARGET a chomhchuibhiú a mhéid is féidir.

(6) Mar is amhlaidh i gcás TARGET2, ba cheart go mbeadh trí leibhéal rialachais ar leithligh i TARGET. Ba cheart go mbeadh inniúlacht deiridh ag Leibhéal 1 (An Chomhairle Rialaithe) maidir le TARGET agus go chosnaíonn sí a fheidhm phoiblí. Ba cheart go mbeadh inniúlacht fhochuideachta ag Leibhéal 2 (comhlacht bainistíochta teicniúil agus oibríochtúil) maidir le TARGET a bhainistiú agus a stiúradh, agus ba cheart go ndéanfadh Leibhéal 3 (ag soláthar banc ceannais náistúnta) na córais TARGET a fhobairt agus a oibriú chun leasa an Eurochórais.

(7) Ba cheart go soláthródh TARGET seirbhísí lárnacha bainistithe leachtachta, lena n-áirítear socraíocht oibríochtaí bainc cheannais trí phríomhchuntais airgid (MCAnna), ollsocraíocht fíor-ama (RTGS) ardluach d'íocaíochtaí trí chuntais airgid thiomnaithe RTGS (DCAnna), íocaíochtaí airgid i ndáil le socraíocht urrús trí chuntais airgid thiomnaithe T2S (DCAnna T2S) agus socraíocht íocaíochtaí meandracha trí chuntais airgid thiomnaithe Shocraíocht Íocaíochtaí Meandracha TARGET (TIPS) (DCAnna TIPS), agus seirbhísí do shocraíocht córais choimhdigh (AS) trí fho-chuntais, trí chuntais theicniúla AS RTGS, trí chuntais chiste ráthaíochta AS agus trí chuntais theicniúla AS TIPS.

([1]) Treoirlíne 2013/47/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Nollaig 2012 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-Ama Tras-Eorpach (TARGET2) (BCE/2012/27) (IO L 30, 30.1.2013, lch. 1).

(8) D'fhonn soiléireacht agus cóireáil chomhionann a chinntiú, is iomchuí go mbeadh soláthar na seirbhísí seo faoi rialú ag tacair coinníollacha comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET, ar cheart iad a thabhairt i gcrích idir gach rannpháirtí TARGET agus an banc ceannais náisiúnta (BCN) a oibríonn an córas comhpháirte de TARGET faoi seach.

(9) D'fhonn iomaíochas a mhéadú, ba cheart go ndéanfadh TARGET foráil do sholáthraithe seirbhíse líonra iolracha (NSPanna) a bheadh freagrach as an nasc teicniúil le TARGET a bhunú. Ba cheart cead a bheith ag rannpháirtithe TARGET caidreamh conarthach a dhéanamh le NSP faoi chuimsiú an chonartha lamháltais a tugadh i gcrích idir an Banca d'Italia, mar ghníomhaire Eurochórais agus an NSP, nó le fochonraitheoir an NSP dá rogha féin.

(10) Tá córais chomhpháirteanna de TARGET2 atá faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag BCNanna Eurochórais aitheanta le chéile ([2]) mar chóras íocaíochta a bhfuil tábhachtach shistéamach leis (SIPS) atá faoi réirRialachán ón mBanc Ceannais Eorpach (AE) Uimh. 795/2014(BCE/ 2014/28) ([3]). Ba cheart go dtiocfadh na córais chomhpháirteanna de TARGET faoi seach, mar na córais íocaíochta a chuirfear in ionad na gcóras comhpháirteanna de TARGET2 sin, faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28) agus go gcomhlíonfadh siad na ceanglais um maoirseacht a leagtar síos sa Rialachán sin.

(11) Tá TARGET riachtanach chun bunchúraimí áirithe an Eurochórais a chomhlíonadh, i.e. beartas airgeadaíochta an Aontais a chur chun feidhme agus oibriú rianúil córais íocaíochta a chur ar aghaidh,

(12) Is éard atá i gcórais chomhpháirteanna de TARGET ná comharbaí dlíthiúla ar na córais chomhpháirteanna de TARGET2 chomhfhreagracha,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

ROINN I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Soláthraítear le TARGET na cuntais seo a leanas maidir le socraíocht in euro in airgead bainc cheannais,

(a) Príomhchuntais airgid (MCAnna) le haghaidh socraíocht oibríochaí le bainc cheannais;

(b) Cuntais airgid thiomnaithe le haghaidh ollsocraíocht fíor-ama (DCAnna RTGS) agus fochuntais le haghaidh íocaíochtaí fíor-ama idirbhainc agus custaiméirí agus le haghaidh idirbhearta le córais choimhdeacha (AS) a shocrú;

(c) Cuntais theicniúla chórais choimhdeacha le haghaidh ollsocraíochta fíor-ama (cuntais theicniúla AS RTGS), cuntais theicniúla chórais choimhdeacha le haghaidh Socraíocht Íocaíochta Meandraí (TIPS) (cuntais theicniúla AS TIPS) agus cuntais chistí ráthaíochta córas coimhdeach (cuntais chistí ráthaíochta AS) chun idirbhearta a shocrú le jAS;

(d) Cuntais airgid thiomnaithe Urrúis-TARGET2 (DCAnna T2S) le haghaidh íocaíochtaí airgid i ndáil le hidirbhearta urrús; agus

(e) Cuntais airgid thiomnaithe do shocraíocht íocaíochtaí meandracha TARGET (TIPS DCAnna) chun íocaíochtaí meandracha a shocrú.

([2]) Cinneadh 2014/533/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Lúnasa 2014 maidir le TARGET2 a shainaithint mar chóras íocaíochta atá bhfuil tábhacht shistéamach leis de bhun Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 maidir le ceanglais um maoirseacht le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2014/35) (IO L 245, 20.8.2014, lch. 5).

([3]) Rialachán (AE) 795/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Iúil 2014 maidir le ceanglais um maoirseacht le aghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (BCE/2014/28) (IO L 217, 23.7.2014, lch. 16).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treoirlíne seo beidh le gach ceann de na téarmaí seo a leanas an bhrí a shanntar dó in Iarscríbhinn III:

(1) "grúpa faireacháin cuntas" (*accounting monitoring group*);

(2) "sealbhóir BIC inteagmhála" (*addressable BIC holder*);

(3) "córas coimhdeach" (AC), (*ancillary system*);

(4) "cuntas cistí ráthaíochta córais choimhdigh" (cuntas cistí ráthaíochta AS), (*ancillary system guarantee funds account, AS guarantee funds account*);

(5) "nós imeachta socraíochta córais choimhdigh" (nós imeachta socraíochta AS), *(ancillary system settlement procedure, AS settlement procedure*);

(6) "ordú aistrithe córais choimhdigh" (ordú aistrithe AS), (*ancillary system transfer order, AS transfer order*);

(7) "uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh" (*auto-collateralisation*);

(8) "uathordú aistrithe leachtacha" (*automated liquidity transfer order*);

(9) "leachtacht atá ar fáil" (*available liquidity*);

(10) "grúpa baincéireachta" (*banking group*);

(11) "brainse" (*branch*);

(12) "teachtaireacht craolta" (*broadcast message*);

(13) "lá gnó" nó "lá gnó TARGET" (*business day or TARGET business day*);

(14) "Cód aitheantais Gnó" (BIC), (*business code identifier*);

(15) "tuairim acmhainní" (*capacity opinion*);

(16) "ordú aistrithe airgid' ("*cash transfer order"*);

(17) "banc ceannais" (BC);

(18) "oibríocht bainc cheannais" (*central bank operation*);

(19) "BCN bainteach" (*connected NCB*);

(20) "Réiteach Teagmhasachta" (*Contingency Solution*);

(21) "instititúid chreidmheasa" (*credit institution*);

(22) "iarmhéid meabhráin creidmheasa" (CMB), (*credit memorandum balance*);

(23) "socraíocht traschórais" (*cross-system settlement*);

(24) "Cuntas airgid tiomnaithe" (DCA), (*dedicated cash account*);

(25) "ráta na saoráide taisce" (*deposit facility rate*);

(26) "saoráid taisce" (*deposit facility*);

(27) "BCN sa limistér euro" (*euro area NCB*);

(28) "Scéim Aistrithe Creidmheasa Meandraí (SCT Inst.) SEPA de chuid na Comhairle Eorpaí um Íocaíochtaí" nó "Scéim SCT Inst"*, (European Payments Council"s SEPA Instant Credit Transfer (SCT Inst) scheme or SCT Inst Scheme);*

(29) "BC Eurochórais" (*Eurosystem CB*);

(30) "teagmhas mainneachtana" *(event of default*);

(31) "cistí ráthaíochta" (*cistí rathaíochta*);

(32) "imeachtaí dócmhainneachta" (*insolvency proceedings*);

(33) "ordú íocaíochta meandraí" (*instant payment order*);

(34) "páirtí inrochtana" (*instructing party*);

(35) "creidmheas ionlae" (*intraday credit*);

(36) "gnólacht infheistíochta" (*investment firm*);

(37) "BCNanna Leibhéal 3" (*level 3 NCBs*);

(38) "orduithe aistrithe leachtacha" (*liquidity transfer order*);

(39) "ráta na saoráide iasachta imeallach" (*marginal lending facility rate*);

(40) "saoráid iasachta imeallach" (*marginal lending facility*);

(41) "seirbhís shoghluaiste cuardaigh ionadaithe (MPL)" (*mobile proxy look-up (MPL) service*);

(42) "íocaíocht gar meandrach" (*near instant payment*);

(43) "solathraí seirbhíse líonra" (*network service provider*);

(44) "ordú aistrithe airgid neamhshocraithe" (*non-settled cash transfer order*);

(45) "rannphairtí" (*participant*);

(46) "íocaí" (*payee*);

(47) "íocóir" (*payer*);

(48) "ordú íocaíochta" (*payment order*);

(49) "freagra dearfach aisghairme" (*positive recall answer*);

(50) "comhlacht earnála poiblí" (*public sector body*);

(51) "páirtí treorach" (*reachable party*);

(52) "nós imeachta socraíochta córais choimhdigh um ollsocraíocht fíor-ama" (Nós imeachta socraíochta AS RTGS), (*Real-time gross settlement ancillary system settlement procedure" (RTGS AS settlement procedure*);

(53) "cuntas teicniúil córais choimhdigh um ollsocraíocht fíor-ama" (*Real-time gross settlement ancillary system technical account*);

(54) "iarraidh ar aisghairm" (*recall request*);

(55) "ordú aistrithe leachtacha riailbhunaithe" (*rules-based liquidity transfer order*);

(56) "grúpa cuntas bainc socraíochta" (*settlement bank account group*)

(57) "banc socraíochta" (*settlement bank*);

(58) "fionraí" (*suspension*);

(59) "Cuntas TARGET" (*TARGET account*);

(60) "córas comhpháirte de TARGET" (*TARGET component system*);

(61) "comhordaitheoir TARGET" (*TARGET coordinator*);

(62) "nós imeachta socraíochta córais choimhdigh de Shocraíocht Íocaíochtaí Meandracha TARGET" (Nós imeachta socraíochta AS TIPS), (*TARGET Instant Payment Settlement (TIPS) ancillary system settlement procedure), (TIPS AS settlement procedure*);

(63) "cuntas teicniúil chórais choimhdigh de Shocraíocht Íocaíochtaí Meandaracha TARGET" (cuntas theicniúil AS TIPS), (*TARGET Instant Payment Settlement (TIPS) ancillary system technical account" (TIPS AS technical account*);

(64) "bainisteoir socraíochta TARGET" (*TARGET settlement manager*);

(65) "Urrúis-TARGET2" (T2S), (*TARGET2-Securities*);

(66) "mífheidhm theicniúil TARGET" (*technical malfunction of TARGET*).

Airteagal 3

Córais chomhpháirteanna de TARGET

1. Tá struchtúr dlíthiúil ar TARGET mar iliomad córas íocaíochta atá comhdhéanta de na córais chomhpháirteanna de TARGET.

2. Oibríonn gach BC sa Eurochóras a chóras comhpháirte de TARGET féin.

3. Córas a ainmnítear mar sin faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha lena gcuirtear Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a bheidh i ngach córas comhpháirte deTARGET ([4]).

4. Ní áireofar in ainmneacha na gcóras comhpháirteanna de TARGET ach "TARGET" agus ainm nó giorrúchán BC ábhartha an Eurochórais nó giorrúchán an Bhallstáit ina bhfuil an BC sin suite. Tabharfar BCE-TARGET ar chóras comhpháirte de TARGET an BCE.

Airteagal 4

Nasc BCNanna na mBallstát sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu

Ní fhéadfaidh BCNanna na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu bheith nasctha le TARGET ach amháin má thugann siad comhaontú i gcrích le BCanna an Eurochórais. Sonrófar sa chomhaontú sin go gcomhlíonfaidh na BCNanna nasctha sin an Treoirlíne seo, faoi réir aon sonraíochtaí agus modhnuithe iomchuí a chomhaontaítear go frithpháirteach.

Airteagal 5

Idirbhearta laistigh den CEBC

Próiseálfar idirbhearta atá ainmnithe in euro agus a dhéantar laistigh den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) trí TARGET, seachas íocaíochtaí a chomhaontaíonn na BCanna go déthaobhach a phróseáil trí chuntais chomhfhreagracha, más iomchuí.

Airteagal 6

Oibleagáidí agus éilimh laistigh den Eurochóras

1. Déanfar aon socrú d'orduithe aistrithe airgid idir rannpháirtithe i gcórais éagsúla comhpháirteacha TARGET a chomhiomlánú go huathoibríoch agus beidh siad mar chuid d'oibleagáid nó d'éileamh aonair de gach NBC an limistéir euro i leith an BCE mar atá leagtha amach i gcomhaontú idir BCNanna an Eurochórais. Déanfar aon éileamh nó oibleagáid gach aon BC an limistéir euro i leith an BCE a choigeartú ar bhonn laethúil trí úsáid a bhaint as deilte iarmhéideanna deireadh lae gach cuntas TARGET atá i leabhair NBC an limistéir euro faoi seach.

2. Coinneoidh gach BCN an limistéir euro cuntas chun a oibleagáid nó a éileamh i leith an BCE a eascróidh as socraíocht íocaíochtaí idir córais chomhpháirteanna de TARGET2 a thaifeadadh.

3. Osclóidh an BCE cuntas ina leabhair do gach BCN an limistéir euro d'fhonn léiriú a dhéanamh ag deireadh an lae ar oibleagáid nó ar éileamh an BCN sin de limistéar an euro i leith an BCE.

ROINN II

RIALACHAS

Airteagal 7

Leibhéil rialachais

1. Gan dochar d'Airteagal 8 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear "Reacht an CEBC" anseo feasta), beidh bainistíocht TARGET bunaithe ar scéim rialachais trí leibhéal. Tá na cúraimí a shanntar don Chomhairle Rialaithe (Leibhéal 1), don chomhlacht bainistíochta teicniúil agus oibríochtúil Leibhéal 2 agus do na BCNanna Leibhéal 3 leagtha síos in Iarscríbhinn I.

([4]) Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45)

2. Beidh an Chomhairle Rialaithe freagrach as treorú, bainistiú agus rialú TARGET. Tagann na cúraimí a shanntar do Leibhéal 1 faoi inniúlacht eisiach na gComhairle Rialaithe.

3. De réir an tríú fomhír d'Airteagal 12.1 de Reacht an BCE, beidh BCanna an Eurochórais freagrach as na cúraimí a shanntar do Leibhéal 2, laistigh den chreat ginearálta arna sainiú ag an gComhairle Rialaithe. Bhunaigh an Chomhairle Rialaithe comhlacht Leibhéal 2 agus chuir BCanna an Eurochórais cúraimí bainistíochta teicniúla agus oibríochtiúla áirithe a bhaineann le TARGET ar a iontaibh.

4. Eagróidh BCanna an Eurochórais iad féin trí chomhaontuithe iomchuí a thabhairt i gcrích.

5. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12.1 de Reacht an CEBC, beidh BCNanna Leibhéal 3 freagrach as na cúraimí a shanntar do Leibhéal 3, laistigh den chreat ginearálta arna shainiú ag an gComhairle Rialaithe.

6. Déanfaidh na BCNanna Leibhéal 3 comhaontuithe a thabhairt i gcrích le BCanna an Eurochórais lena rialaítear soláthar seirbhísí ón BCNanna Leibhéal 3. Áireofar na BCNanna bainteacha sna comhaontuithe sin freisin, mar is iomchuí.

7. Déanfaidh an tEurochóras, mar sholáthraí seirbhísí T2S, agus BCanna sa Eurochórais mar oibreoirí a gcórais chomhpháirteanna de TARGET náisiúnta faoi seach comhaontú a thabhairt i gcrích lena rialaítear na seirbhísí atá le soláthar ag an Eurochóras do na BCanna maidir le hoibriú DCAnna T2S. Déanfaidh na BCNanna bainteacha comhaontuithe den sórt sin freisin, mar is iomchuí.

ROINN III

OIBRIÚ TARGET

Airteagal 8

Deasc tacaíochta córais

Bunóidh agus cothabhálfaidh gach aon BC sa Eurochóras deasc tacaíochta córais chun cabhrú le rannpháirtithe a gcóras chomhpháirte de TARGET náisiúnta faoi seach. Soláthrófar an deasc tacaíochta idir 07:00 CET agus 18:15 CET ar a laghad. Leathnófar é seo go 18:30 CET ar an lá deireanach den tréimhse chothabhála cúlchiste Eurochórais.

Airteagal 9

Coinníollacha comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET

1. Glacfaidh gach BCN an limistéir euro socruithe chun na Coinníollacha Comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET mar atá leagtha síos in Iarscríbinn I agus ionas go mbeidh an bhrí a shanntar dóibh in Iarscríbhinn III acu, má tá siad liostaithe in Iarscríbhinn III freisin. Rialófar go heisiach leis na socruithe seo an gaol idir BCN ábhartha an limistéir euro agus a rannphairtí maidir le hoscailt agus le hoibriu cuntas TARGET.

2. Le héifeacht ón 20 Samhain 2023, ní osclóidh BCanna an Eurochórais cuntais seachas cuntais TARGET do rannpháirtithe atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i TARGET chun seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne seo a sholáthar, faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:

(a) cuntais do na rannpháirtithe sin atá liostaithe faoi Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b) de na Coinníollacha Comhchuibhithe maidir le rannpháirtíocht i TARGET;

(b) cuntais ina gcoinnítear cistí idirlae chun críocha taiscí airgid agus aistarraingtí airgid a dhéanamh agus chun na críche sin amháin;

(c) cuntais a úsáidtear chun cistí urghafa nó cistí a ghealltar do chreidiúnaí tríú páirtí nó cistí dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/1) ([5]) a shealbhú;

(d) cuntais a úsáideann rannpháirtithe i gcórais a oibríonn BCN agus a úsáidtear chun íocaíochtaí meandracha a chomhlíonann an scéim ACS Inst a imréitiú.

3. Glacfaidh an BCE Téarmaí agus Coinníollacha BCE-TARGET trí na Coinníollacha Comhchuibhithe maidir le rannpháirtíocht i TARGET2, mar atá leagtha síos in Iarscríbhinn II, a chur chun feidhme.

(a) Ní sholáthróidh BCE-TARGET seirbhísí imréitigh agus socraíochta ach d'eagraíochtaí imréitigh agus socraíochta, lena n-áirítear eintitis a bunaíodh lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), má tá siad faoi réir maoirseachta ag údarás inniúil agus má tá a rochtain ar BCE-TARGET formheasta ag an gComhairle Rialaithe;

(b) Ní sholáthróidh BCE-TARGET creidmheas ionlae nó uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh.

4. Poibleofar na socruithe caighdeánacha arna nglacadh ag BCanna sa Eurochóras chun na Coinníollacha Comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET a chur chun feidhme.

5. Féadfaidh BCanna sa Eurochóras maoluithe a iarraidh ar na Coinníollacha Comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET ar bhonn srianta an dlí náisiúnta. Breithneoidh an Chomhairle Rialaithe iarratais den sórt sin ar bhonn cás-ar-chás agus deonóidh sí maoluithe nuair is iomchuí.

6. Faoi réir an chomhaontaithe airgeadaíochta ábhartha, féadfaidh an BCE coinníollacha iomchuí a chinneadh maidir le rannpháirtíocht i TARGET ag eintitis dá dtagraítear in Iarschríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4(2), pointe (e).

7. Ní cheadóidh BCanna an Eurochóras d'aon eintiteas a bheith ina shealbhóir BIC inteagmhála nó ina pháirtí inrochtana ina gcóras comhpháirte de TARGET má ghníomhaíonn an t-eintiteas seo trí shealbhóir cuntais TARGET atá ina BCN de Bhallstát ach nach BC sa Eurochóras ná BCN bainteach é.

8. Ní chláróidh BCanna sa Eurochórais sealbhóirí BIC inteagmhála atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i TARGET mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4, seachas a mbrainsí féin agus na heintitis sin atá liostaithe faoi Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b).

9. Cé is moite de rialacha i ndáil le AS, ní chuirfidh BCanna sa Eurochóras aon rialacha breise i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht i TARGET seachas iad siúd atá leagtha amach sna Coinníollacha Comhchuibhithe le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET. Ní ghearrfar aon táillí as TARGET a úsáid nó i dtaca leis, seachas na táillí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Foscríbhinnn VI, cé is moite de tháillí a ghearrtar ar sheirbhísí a bhaineann le BCN a chomhbhainistíonn SCA (mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 2) má thairgeann BCN sa Eurochórais na seirbhísí seo. Urramóidh BCN Eurochórais a thairgeann comhbhainistíocht SCA prionsabal an aisghabhála costas iomláin agus é ag socrú a tháillí ar na seirbhísí seo agus tabharfaidh sé ar aghaidh, ar a laghad, na costais iomlána a eascraíonn as na seirbhísí seo.

10. Mar mhaolú ar mhír 9, féadfaidh BCNanna Eurochórais rialacha breise a leagan síos maidir le cuntais TARGET a osclaíodh chun cistí a shealbhú a sholáthraítear mar chomhthaobhacht airgid nó atá mar chuid de chomhthiomsú cumhdaigh.

Airteagal 10

Creidmheas ionlae — Uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh

1. Féadfaidh BCNanna an limistéir euro creidmheas idirlae a thabhairt do rannpháirtí. Ní fhéadfar creidmheas idirlae a dheonú ach ar a phríomh-SCA agus i gcomhréir leis na socruithe lena gcuirtear i bhfeidhm na rialacha maidir le creidmheas ionlae a sholáthar a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid II. Ní dheonófar aon chreidmheas idirlae do rannpháirtí a bhfuil a cháilitheacht mar chontrapháirtí d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais curtha ar fionraí nó a bhfuil deireadh curtha leis.

2. Tar éis dóibh iarratas a fháil ó rannpháirtí a bhfuil rochtain aige ar chreidmheas ionlae, tairgfidh BCNanna an limistéir euro saoráid uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh ar DCAnna T2S, ar choinníoll go ndéantar é seo i gcomhréir leis na Coinníollacha um Oibríochtaí Uath-sholáthar urrúis chomhthaobhaigh a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid IV.

([5]) Rialachán (AE) Uimh, 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le ceanglais cúlchiste íosta a chur i bhfeidhm (BCE/2021/1) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 1).

3. Ní bheidh rannpháirtithe atá faoi réir bearta sriantacha arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó ag na Ballstáit de bhun Airteagal 65(1), pointe (b), Airteagal 75 nó Airteagal 215 den Conradh, a bhfuil a gcur chun bhfeidhme, dar le BCN ábhartha an limistéir euro agus tar éis an BCE a chur ar an eolas, neamh-chomhoiriúnach le feidhmiú rianúil TARGET, incháilithe le haghaidh creidmheasa idirlae nó uath-sholáthar urrúis chomhthaobhaigh.

4. Féadfaidh BCNanna an limistéir euro creidmheas ionlae a dheonú do AS mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 10(2), pointe (d) ar choinníoll gur cuireadh na socruithe faoi bhráid na Comhairle Rialaithe roimh ré agus go mbeidh siad formheasta ag an gComhairle Rialaithe.

5. Féadfaidh BCNanna an limistéir euro creidmheas thar oíche a dheonú do chontrapháirtithe lárnacha incháilithe áirithe (CPLanna), faoi na coinníollacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 10(5), ar choinníoll gur cuireadh an iarraidh faoi bhráid na Comhairle Rialaithe roimh ré agus go mbeidh sí formheasta ag an gComhairle Rialaithe.

6. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, ar thogra ó BCN ábhartha an limistéir euro, na ranna cisteáin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 10(2), pointe (b) a dhíolmhú ón gceanglas comhthaobhacht leordhóthanach a sholáthar sula bhfaigheann siad creidmheas ionlae.

7. I gcás ina gcinneann BCN an limistéir euro rochtain rannpháirtí ar chreidmheas idirlae nó ar uath-sholáthar urrúis chomhthaobhaigh a chur ar fhionraí, a theorannú nó a fhoirceannadh, ar fhorais stuamachta mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 13(1), pointe (c) nó Iarscríbhinn I , Cuid IV, Airteagal 11, faoi seach, tabharfaidh sí fógra i scríbhinn láithreach don BCE agus do BCNanna eile an limistéir euro agus do BCNanna bainteacha. Nuair is iomchuí, déanfaidh an Chomhairle Rialaithe cinneadh maidir le cur chun feidhme aonfhoirmeach na mbeart arna nglacadh i ngach córas comhpháirte de TARGET.

8. Má dhéantar rochtain contrapháirtí ar ionstraimí beartais airgeadaíochta a fhionraí, a theorannú nó a eisiamh ar fhorais stuamachta nó ar shlí eile i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 158 de Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([6]), déanfaidh BCN ábhartha an limistéir euro an cinneadh sin a chur chun feidhme maidir le rochtain ar chreidmheas ionlae, de bhun forálacha sna socruithe conarthacha nó rialúcháin arna gcur i bhfeidhm ag BCN ábhartha an limistéir euro.

9. I gcás ina gcinneann BCN an limistéir euro rochtain chontrapháirtí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais ar shaoráidí creidmheasa idirlae nó a chur ar fionraí, a uath-sholáthar urrúis chomhthaobhaightheorannú nó a fhoirceannadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 13(1) nó Iarscríbhinn I, Cuid IV, Airteagal 11, faoi seach, ní thiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh sé ceadaithe ag Comhairle Rialaithe BCE.

10. De mhaolú ó mhír 9, in imthosca práinneacha, féadfaidh BCN an limistéir euro rochtain chontrapháirtí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais ar shaoráidí creidmheasa agus/nó uathchomhthaobhachta ionlae a chur ar fionraí le héifeacht láithreach. I gcásanna den sórt sin tabharfaidh BCN an limistéir euro lena mbaineann fógra i scríbhinn don Chomhairle Rialaithe BCE láithreach. Beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Rialaithe BCE gníomh BCN an limistéir euro a aisiompú. Mar sin féin, mura gcuireann Comhairle Rialaithe BCE fógra do BCN an limistéir euro faoin aisiompú sin laistigh de 10 lá gnó tar éis don BCE fógra a fháil, measfar gur cheadaigh Comhairle Rialaithe an BCE gníomh BCN an limistéir euro.

11. Féadfaidh Comhairle Rialaithe an BCE a chinneadh na pionóis a leagtar amach in Iarscríbinn I, Cuid II, Airteagal 12(4) a tharscaoileadh nó a laghdú má tá iarmhéid dochair an eintitis i dtrácht ag deireadh an lae inchurtha i leith force majeure agus/nó mífheidhme teicniúil ar TARGET, an téarma deiridh mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.

Airteagal 11

Coinníollacha breise le haghaidh AS

1. I dteannta fhorálacha Airteagal 9(1) go (9), beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir leis an gcaidreamh idir BC sa Eurochóras ábhartha agus an AS lena n-áirítear ASanna a oibríonn BCanna sa Eurochóras.

2. Soláthróidh BCanna sa Eurochóras seirbhísí aistrithe cistí in airgead bainc cheannais don AS atá ag gníomhú sa cháil sin. Tairgfear na seirbhísí seo trí cheachtar acu:

([6]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (athmhúnlú) ((IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

(a) an nós imeachta um Shocraíocht AS TIPS chun tacú le socraíocht íocaíochtaí meandracha de bhun na scéime ACS Inst nó íocaíochtaí beagnach meandracha i leabhair an AS; nó

(b) Nósanna Imeachta Socraíochta AS RTGS do gach cás gnó eile.

3. Féadfaidh BCanna sa Eurochóras, go heisceachtúil agus tar éis cead a fháil ón gcomhlacht Leibhéal 2 dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, úsáid DCA RTGS ag AS a fhorcheadú ach amháin maidir le socraíocht íocaíochtaí meandracha de bhun na scéime ACS Inst. Beidh iarraidh réasúnaithe ón AS de dhíth le haghaidh iarratais ar chead. Má dheonaítear an iarraidh beidh feidhm ag an bpraghsáil atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Foscríbhinn VI, mír 4.

4. Osclóidh gach BC sa Eurochóras fochuntas ar iarratas le haghaidh aon bhainc um shocraíochtaí a bhfuil DCA RTGS aige dó nuair a ghlacann AS an bhainc um shocraíochtaí páirt i gcóras comhpháirte de TARGET an BCN sin sa Eurochóras nó i gcóras comhpháirte de TARGET difriúil.

5. Féadfaidh BCanna sa Eurochóras, de bharr na gcoinníollacha sin in Iarscríbhinn I, coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht AS i TARGET a bhaineann le:

(a) leanúnachas gnó agus nósanna imeachta teagmhasachta;

(b) cineál na teidlíochta ar chistí a choinnítear ar chuntas TARGET i gcás nach leis an AS na cistí a choinnítear;

(c) cearta gealltáin agus fritháirimh na BCanna ar chuntais TARGET atá i seilbh an AS nó thar a cheann;

(d) bailiú agus dáileadh úis fabhraithe;

(e) ceanglais rialála (lena n-áirítear maoirseacht) ar bhainc socraíochta AS nó ar AS (lena n-áirítear iad siúd a chuireann rialtóirí eachtracha i bhfeidhm);

(f) malartú faisnéise chun comhlíonadh le beartas an Eurochórais a fhíorú.

6. Déanfaidh BCanna sa Eurochóras faisnéis a mhalartú maidir le haon teagmhas suntasach le linn phróiseas socraíochta AS.

Airteagal 12

Maoiniú agus modheolaíocht costais

1. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe na rialacha is infheidhme maidir le maoiniú TARGET.

2. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe an struchtúr praghsála do TARGET ag baint úsáide as modheolaíocht costais chomhchoiteann an Eurochórais.

Airteagal 13

Forálacha slándála

Comhlíonfaidh BCanna sa Eurochóras bearta a shonróidh an Chomhairle Rialaithe lena leagtar amach na beartais slándála agus na ceanglais slándála agus na rialuithe slándála is infheidhme maidir le TARGET, lena n-áirítear i ndáil le cibear-athléimneacht agus slándáil faisnéise.

Airteagal 14

Rialacha iniúchóireachta

Déanfar measúnuithe iniúchóireachta i gcomhréir leis na prionsabail agus na socruithe atá leagtha amach i mBeartas Iniúchóireachta CEBC na gComhairle Rialaithe

Airteagal 15

Oibleagáidí i gcás fionraí nó foirceanta

1. Déanfaidh BCanna sa Eurochóras rannpháirtíocht rannpháirtí sa chóras comhpháirte de TARGET ábhartha a fhoirceannadh nó a fhionraí láithreach, gan fógra a thabhairt roimh ré, más rud é:

(a) go n-osclaítear imeachtaí dócmhainneachta i ndáil le rannpháirtí; nó

(b) nach gcomhlíonann rannpháirtí na critéir rochtana maidir le rannpháirtíocht sa chóras comhpháirtech TARGET ábhartha a thuilleadh.

2. Má dhéanann BC sa Eurochóras rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET a fhionraí nó a fhoirceannadh i gcomhréir le mír 1 nó ar fhorais stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 17, tabharfaidh sé fógra láithreach do gach BC eile sa Eurochóras, ag soláthar gach ceann díobh seo a leanas:

(a) ainm agus BIC an rannpháirtí;

(b) an fhaisnéis a raibh cinneadh BCN an limistéir euro bunaithe uirthi, lena n-áirítear aon fhaisnéis nó tuairim a fuarthas ón údarás maoirseachta ábhartha;

(c) an beart a glacadh agus tréimhse ama beartaithe lena chur i bhfeidhm.

Déanfaidh gach BC sa Eurochóras, má iarrann BC eile sa Eurochóras amhlaidh, faisnéis a mhalartú i ndáil leis an rannpháirtí sin, lena n-áirítear faisnéis maidir le orduithe aistrithe airgid a dhírítear air.

3. Glacfaidh BC sa Eurochóras a chuir deireadh le rannpháirtíocht rannpháirtí ina chóras comhpháirteach TARGET nó a chuir ar fionraí í, i gcomhréir le mír 1, dliteanas air féin i ndáil le BCanna eile sa Eurochóras más rud é:

(a) ina dhiaidh sin, go n-údaraíonn sé socraíocht orduithe airgid a dhírítear ar rannpháirtithe a bhfuil a rannpháirtíocht curtha ar fionraí nó foirceanta aige; nó

(b) nach gcomhlíonann sé leis na hoibleagáidí i míreanna 1 agus 2.

4. Ní dhéanfaidh BC sa Eurochóras a chuir rannpháirtíocht rannpháirtí ina chóras comhpháirteach TARGET ar fionraí de bhun mhír 1(a) íocaíochtaí ón rannpháirtí sin a phróiseáil ach amháin ar threoracha a ionadaithe, lena n-áirítear iad siúd arna gceapadh ag údarás inniúil nó cúirt, amhail riarthóir dócmhainneachta an rannpháirtí, nó de bhun cinnidh infhorghníomhaithe ó údarás inniúil nó ó chúirt a sholáthraíonn treoracha maidir leis an gcaoi a ndéanfar na híocaíochtaí a phróiseáil. Diúltóidh BC sa Eurochóras do gach ordú aistrithe airgid atá ag dul amach ó DCA(nna) TIPS rannpháirtí ar fionraí.

Airteagal 16

Nósanna imeachta maidir le diúltú iarratais ar rannpháirtíocht i TARGET ar fhorais stuamachta

Más rud é, de bhun Iarscrbhínn I, Cuid I, Airteagal 5(5)(c), go ndiúltaíonn BC sa Eurochóras iarratas a bheith rannpháirteach i TARGET ar fhorais stuamachta, cuirfidh BC sin an Eurochórais BCanna eile sa Eurochórais ar an eolas go pras faoin diúltú sin.

Airteagal 17

Nósanna imeachta maidir le fionraí, teorannú nó foirceannadh rannpháirtíochta i TARGET agus maidir le rochtain ar chreidmheas ionlae agus ar uath-sholáthar urrúis chomhthaobhaigh ar fhorais stuamachta.

1. Más rud é, ar fhorais stuamachta, go ndéanann BCN an limistéir euro rochtain rannpháirtí ar chreidmheas ionlae a fhionraí, a theorannú nó a fhoirceannadh de bhun Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 13(1), pointe (c) nó rochtain ar uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a fhionraí, a theorannú nó a fhoirceannadh de bhun Iarscríbhinn I, Cuid IV, Airteagal 11 nó go ndéanann BC an Eurochórais rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET a fhionraí nó a fhoirceannadh de bhun Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 25(2), pointe (e), beidh éifeacht leis an gcinneadh, a mhéid is féidir, ag an am céanna i ngach córas comhpháirte de TARGET2.

2. Soláthróidh BCN an limistéir euro an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2) go pras do na húdaráis mhaoirseachta ábhartha i mBallstát BCN an limistéir euro agus iarrfaidh sé orthu faisnéis a chomhroinnt le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát eile ina bhfuil fochuideachta nó brainse ag an rannpháirtí. Agus an cinneadh de bhun mhír 1 á chur san áireamh, deanfaidh BCNanna eile an limistéir euro gníomhaíocht iomchuí agus soláthróidh siad faisnéis faoi sin don BCE go pras.

3. Féadfaidh Bord Feidhmiúcháin an BCE a mholadh don Chomhairle Rialaithe aon chinntí a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go gcuirfear na bearta a glacadh de bhun mhíreanna 1 agus 2 i bhfeidhm go haonfhoirmeach.

4. Cuirfidh BCNanna an limistéir euro sna Ballstáit ina bhfuil an cinneadh le cur i bhfeidhm an rannpháirtí ar an eolas faoin gcinneadh, agus glacfaidh siad gach beart cur chun feidhme is gá.

Airteagal 18

Nósanna imeachta maidir le comhar ag BCanna sa Eurochóras i ndáil le bearta riaracháin nó sriantacha

Maidir le cur i bhfeidhm Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 29(3):

1. roinnfidh aon BC sa Eurochóras gach faisnéis a fhaigheann sé i ndáil le hordú íocaíochta beartaithe go pras le BCanna uile a bhféadfadh tionchar a bheith orthu mar thoradh air, seachas orduithe um aistriú leachtacha idir cuntais éagsúla an rannpháirtí chéanna;

2. déanfaidh aon BC sa Eurohóras a fhaigheann fianaise ó rannpháirtí go ndearnadh fógra chuig aon údarás inniúil, nó go bhfuarthas toiliú uaidh, an fhianaise sin a tharchur go pras chuig aon BC eile a ghníomhaíonn mar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí de réir mar is cuí;

3. cuirfidh BC sa Eurochóras atá ag gníomhú mar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra in iúl go pras don íocóir ansin gur féidir leis ordú ábhartha um aistriú airgid a iontráil i TARGET.

Airteagal 19

Nósanna imeachta leanúnachais gnó agus teagmhasachta

1. Má tharlaíonn teagmhas a dhéanann difear do ghnáthoibriú TARGET, tabharfaidh BC sa Eurochóras lena mbaineann fógra láithreach do chomhordaitheoir TARGET, agus cinnfidh an chomhordaitheoir sin, in éineacht le bainisteoir socraíochta BC sa Eurochóras lena mbaineann ar na céimeanna eile is gá a ghlacadh.

2. Déanfaidh BCanna sa Eurochóras mainneachtain atá nasctha le rannpháirtí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I Aguisín IV, mír 2.4, 3.3 nó 4.2 a thuairisciú do chomhordaitheoir TARGET tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis thús na mainneachtana nó ar an gcéad deis tar éis dóibh an mhainneachtain a bhrath dá bhféadfadh an mhainneachtain sin dul i bhfeidhm ar oibriú TARGET nó riosca sistéamach a chruthú nó má tá an rannpháirtí ainmnithe mar rannpháirtí criticiúil ag BCanna sa Eurochóras ar bhonn critéar a dhéantar a nuashonrú go tréimhsiúil agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an BCE.

3. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh BCanna an Eurochórais cinneadh a dhéanamh sceideal oibriúcháin TARGET a athrú ar chúiseanna lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do mhainneachtain a dhéanann difear do AS. Déanfaidh BCanna an Eurochórais an cinneadh sin i dteannta a chéile.

4. I gcás aon imeachtaí eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ghnáthfheidhmiú TARGET, déanfaidh BC an Eurochórais lena mbaineann faireachán agus bainistíocht ar imeachtaí den sórt sin d'fhonn cosc a chur ar aon iarmhairt ar fheidhmiú rianúil TARGET.

5. Coinneoidh BCanna an Eurochórais nasc leis an Réiteach Teagmhasachta a choinneáil.

Airteagal 20

An chaoi ina ndéileálfar le héilimh faoi scéim cúitimh TARGET

1. Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfar an nós imeachta cúitimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Foscríbhinnn II a bhainistiú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Déanfaidh BC an rannpháirtí a chuireann isteach an t-éileamh ar chúiteamh an t-éileamh sin a mheas ar bhonn réamhshuime agus déanfaidh sé cumarsáid leis an rannpháirtí maidir leis an measúnú sin. Nuair is gá chun éilimh a mheas, tabharfaidh BCanna eile lena mbaineann cúnamh don BC sin. Cuirfidh an BC ábhartha an BCE agus gach BC eile lena mbaineann ar an eolas a luaithe is a bheidh sé féin ar an eolas faoi éilimh atá ar feitheamh.

3. Laistigh de naoi seachtaine tar éis mífheidhmiú teicniúil TARGET, ullmhóidh BC an rannpháirtí a chuir isteach an t-éileamh réamhthuarascáil mheasúnaithe ina mbeidh measúnú BC ar na héilimh a fuarthas agus cuirfidh sé faoi bhráid an BCE agus gach BC eile lena mbaineann í.

4. Laistigh de chúig seachtaine tar éis na réamhthuarascála mheasúnaithe a fháil, déanfaidh an Chomhairle Rialaithe an measúnú deiridh ar gach éileamh a fuarthas, agus cinnfidh sí ar na tairiscintí cúitimh atá le déanamh do na rannpháirtithe i gceist. Laistigh de chúig lá gnó tar éis an measúnú deiridh a bheith críochnaithe, cuirfidh an BCE toradh an mheasúnaithe deiridh in iúl do na BCanna lena mbaineann. Cuirfidh na BCanna sin a gcuid rannpháirtithe ar an eolas go pras faoi thoradh an mheasúnaithe deiridh agus, nuair is infheidhme, faoi shonraí na tairisceana cúitimh, mar aon leis an bhfoirm arb éard í an litir ghlactha.

5. Laistigh de dhá sheachtain tar éis dul in éag don tréimhse dá dtagraítear san abairt dheiridh d'Iarscríbhinn I, Aguisín II, mír 4(d), cuirfidh an BC an BCE agus gach BC eile lena mbaineann ar an eolas faoi na tairiscintí cúitimh ar glacadh leo agus cé na tairiscintí cúitimh ar diúltaíodh dóibh.

6. Cuirfidh na BCanna an BCE ar an eolas faoi aon éileamh a chuireann a gcuid rannpháirtithe faoina mbráid agus atá lasmuigh de raon feidhme scéim chúitimh TARGET, ach a bhaineann le mífheidhm theicniúil TARGET.

Airteagal 21

An chaoi ina ndéileálfar le caillteanais mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET

1. I gcás mífheidhmiú theicniúil TARGET:

(a) Ar thaobh an íocóra, baineann aon BC, a bhfuil íocóir tar éis taisce a chur leis, sochar as gnóthachain airgeadais áirithe arb ionann iad agus an difríocht idir ráta phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin an Eurochórais agus an ráta taisce a chuirtear i bhfeidhm ar an méadú imeallach ar úsáid shaoráid taisce an Eurochórais ar feadh tréimhse mhífheidhm theicniúil TARGET agus suas go dtí méid na n-orduithe airgid neamhshocraithe. I gcás go bhfágtar cistí barrachais neamhchúititheag an íocóir, is ionann na gnóthachain airgeadais agus ráta phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin an Eurochórais, a chuirtear i bhfeidhm ar mhéid na gcistí barrachais neamhúsmhara ar feadh tréimhse mhífheidhm theicniúil TARGET agus suas go dtí méid na n-orduithe airgid neamhshocraithe.

(b) Ar thaobh an íocaí, baineann an BC a bhfuil an t-íocaí ar iasacht uaidh trí úsáid a bhaint as an tsaoráid iasachta imeallach sochar as gnóthachain airgeadais áirithe arb ionann iad agus an difríocht idir an ráta saoráide iasachta imeallach agus ráta phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin an Eurochórais a chuirtear i bhfeidhm ar an méadú imeallach ar úsáid na saoráide iasachta imeallaí ar feadh tréimhse mhífheidhm theicniúil TARGET agus suas go dtí méid na n-orduithe íocaíochta neamhshocraithe.

2. Is ionann gnóthachain airgeadais an BCE:

(a) an tuilleamh i ndáil leis na BCNanna bainteacha a eascraíonn as luach saothair éagsúil iarmhéideanna deiridh lae na BCNanna bainteacha sin i ndáil leis an BCE; agus

(b) méid an úis phionósaigh a fhaigheann an BCE ó BCNanna bainteacha aon uair a ghearrann ceann de na BCNanna bainteacha sin pionós ar rannpháirtí mar gheall ar mhainneachtain creidmheas ionlae a aisíoc in am, mar a fhoráiltear sa chomhaontú idir BCanna an Eurochórais agus na BCNanna bainteacha.

3. Déanfaidh na BCanna na gnóthachain airgeadais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chomhthiomsú agus úsáidfear an méid comhthiomsaithe mar thoradh ar sin chun na BCanna sin a thabhaíonn na costais a bhaineann lena rannpháirtithe a chúiteamh a aisíoc. Déanfar aon ghnóthachain airgeadais nó costais a thabhóidh na BCanna as a gcuid rannpháirtithe a chúiteamh a roinnt i measc BCanna an Eurochórais de réir an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE.

Airteagal 22

Cearta slándála i ndáil le cistí ar fhochuntais agus le ráthaíocht in-Eurochórais

1. Chun críocha orduithe aistrithe AS a bhaineann le nós imeachta socraíochta C AS RTGS, áiritheoidh aon BC an Eurochórais a bhfuil fochuntais dá shealbhóirí DCA RTGS oscailte aige, nach féidir na hiarmhéideanna ar na fo-chuntais sin (lena n-áirítear méaduithe nó laghduithe ar an iarmhéid sin a eascraíonn as íocaíochtaí socraíochta traschórais a chreidiúnú nó a dhochar chuig an bhfo-chuntas nó uaidh nó ó chreidiúnú aistrithe leachtachta chuig an bhfo-chuntas) tráth a chuireann an AS tús le timthriall socraíochta a úsáid ach amháin chun orduithe aistrithe AS a bhaineann leis an nós imeachta socraíochta C AS RTGS sin a shocrú. Is é sin an cás in ainneoin aon imeachtaí dócmhainneachta maidir leis an sealbhóir ábhartha DCA RTGS agus in ainneoin aon bheart forfheidhmithe aonair a bhaineann le fochuntas shealbhóir sin an DCA RTGS.

2. Gach uair a aistrítear leachtacht go fochuntas shealbhóir DCA RTGS agus i gcás nach é BC an Eurochórais BC an AS, deimhneoidh BC an Eurochórais sin, ar chumarsáid ón AS (trí theachtaireacht "tús timthrialla") iarmhéid an fhochuntais don AS ábhartha agus é sin á dhéanamh dó, ráthaíocht íocaíochta suas go dtí méid an iarmhéid áirithe seo a thabhairt do BC an AS. Beidh dearbhú tola ceangailteach ó thaobh dlí ó BC an AC i gceist le deimhniú an iarmhéid don AS go ráthóidh an BC sin íocaíocht suas le méid an iarmhéid deimhnithe don AS. Trí mhéadú nó laghdú an iarmhéid sin a dheimhniú ar orduithe aistrithe socraíochta tras-chórais AS a chreidiúnú nó a dhochar chuig an bhfochuntas nó uaidh nó aistriú leachtachta a chreidiúnú don fhochuntas, dearbhaíonn BC an Eurochórais nach é BC an AS agus BC an AS méadú nó laghdú ar an ráthaíocht i méid na híocaíochta. Beidh an dá ráthaíocht neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus iníoctha ar an gcéad éileamh. Rachaidh an dá ráthaíocht in éag ar chumarsáid ón AS go bhfuil an socraíocht críochnaithe (trí theachtaireacht "deireadh timthrialla").

ROINN IV

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 23

Réiteach Díospóidí agus an dlí is infheidhme

1. I gcás díospóide idir BCanna an Eurochórais i ndáil leis an Treoirlíne seo, déanfaidh na páirtithe dá ndéantar difear iarracht an díospóid a réiteach de réir an Mheabhráin Comhthuisceana maidir le Nós Imeachta um Réiteach Díospóide laistigh den CEBC.

2. De mhaolú ó mhír 1, mura féidir díospóid a bhaineann le roinnt na gcúraimí idir Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a réiteach trí chomhaontú idir na páirtithe dá ndéantar difear, réiteoidh an Chomhairle Rialaithe an díospóid.

3. I gcás díospóide den chineál dá dtagraítear i mír 1, cinnfear cearta agus oibleagáidí faoi seach na bpáirtithe go príomha leis na rialacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Treoirlíne seo. I ndíospóidí maidir le orduithe aistrithe airgid idir córais chomhpháirteacha TARGET, beidh feidhm ag dlí an Bhallstáit ina bhfuil suíochán BC Eurochórais an íocaí, ar bhealach forlíontach, ar choinníoll nach dtagann sé salach ar an Treoirlíne seo.

Airteagal 24

Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) a aisghairm

1. Aisghairtear Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) le héifeacht ón 21 Samhain 2022.

2. Déanfar tagairtí don Treoirlíne aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoirlíne seo.

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

2. Comhlíonfaidh bainc cheannais an Eurochórais an Treoirlíne seo ón 21 Samhain 2022.

3. Glacfaidh [bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu] na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus iad a chur i bhfeidhm ón 21 Samhain 2022. Cuirfidh siad téacsanna na mbeart sin agus na modhanna a úsáideadh chun iad a chur i bhfeidhm in iúl don BCE faoin 19 Aibreán 2022 ar a dhéanaí.

Airteagal 26

Forálacha ilghnéitheacha agus idirthréimhseacha

1. Ar an dáta a shonraítear in Airteagal 25 (2):

(a) déanfar iarmhéideanna an rannpháirtí ar a chuntais TARGET2 PM a aistriú sna MCAnna ábhartha mar a shonraítear ag an rannpháirtí;

(b) déanfar DCAnna TIPS de DCAnna TIPS TARGET2;

(c) déanfar DCAnna T2S de DCAnna T2S TARGET2;

(d) déanfar cuntais theicniúla AS RTGS, cuntais theicniúla AS TIPS agus cuntais chiste ráthaíochta AS faoi seach de chuntais theicniúla TARGET2, cuntais theicniúla AS TIPS TARGET2 agus cuntais ciste ráthaíochta TARGET2;

(e) déanfar iarmhéideanna ar Chuntais Baile a aistriú sna MCAnna ábhartha mar a shonraítear ag an rannpháirtí.

2. Ní bheidh aon chaillteanas nó aon bhrabús ag rannpháirtithe mar thoradh ar aistriú iarmhéideanna de bhun mhír 1.

3. Leanfar de na hoibleagáidí laistigh den Eurochóras a eascraíonn as socraíocht íocaíochtaí idir rannpháirtithe i gcórais éagsúla chomhpháirteanna de TARGET2 de bhun Airteagal 6 de Threoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) a thaifeadadh in TARGET i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoirlíne seo.

4. D'ainneoin Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 5(1), pointí (d) agus (e), fanfaidh tuairimí acmhainne agus tuairimí tíre a iarrann BCanna an Eurochórais de bhun Airteagal 13 de Threoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) nó de bhun Iarscríbhinn II, Airteagal 8(2), Iarscríbhinn IIA, Airteagal 6(2), agus Iarscríbhinn IIB, Airteagal 6(2) a ghabhann le Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27), faoi seach, de bheith bailí chun críocha na Treoirlíne seo.

5. D'ainneoin Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 10(2), pointe (d), fanfaidh rochtain ar chreidmheas idirlae arna dheonú ag an gComhairle Rialaithe faoi théarmaí Iarscríbhinn III, mír (2)(e) a ghabhann le Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) de bheith bailí.

6. Leanfaidh grúpaí a aithnítear ag an gComhairle Rialaithe i gcomhréir leis an sainmhíniú ar "ghrúpa" in Iarscríbhinn II, Airteagal 1 de Threoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) de bheith á n-aithint agus á meas mar ghrúpaí baincéireachta chun críocha na Treoirlíne seo.

Airteagal 27

Seolaithe, bearta cur cun feidhme agus tuairisciú do leibhéal 1

1. Dírítear an Treoirlíne seo chuig bainc cheannais uile Eurochórais.

2. Gheobhaidh an Chomhairle Rialaithe tuarascáil ar bhonn bliantúil ó Leibhéal 2 ina mbeidh an fhaisnéis a éileoidh an Chomhairle Rialaithe d'fhonn a freagrachtaí mar Leibhéal 1 a chomhlíonadh.

Arna déanamh in Frankfurt am Maim, 24 Feabhra 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

COINNÍOLLLACHA COMHCHUIBHITHE LE HAGHAIDH RANNPHÁIRTÍOCHTA I TARGET

CUID I

Téarmaí agus coinníollacha ginearálta

Airteagal 1

Raon feidhme

Rialaíonn na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCuid I an gaol idir [cuir isteach ainm BC] agus a rannpháirtithe i TARGET- [cuir isteach BC/tagairt tíre]. Tá feidhm ag na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCodanna II, III, IV, V, VI agus VII den Iarscríbhinn seo a mhéid a roghnaíonn rannpháirtithe agus a dheonaítear dóibh cuntas amháin nó níos mó a thuairiscítear sna Codanna sin. Tugtar na "Coinníollacha Comhchuibhithe" nó na "Coinníollacha" le chéile anseo feasta ar na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i gCodanna I go VII den Iarscríbhinn seo.

Airteagal 2

Foscríbhinní

1. Is cuid dhílis de na Coinníollacha seo na Foscríbhinní seo a leanas:

Foscríbhinn I:	Sonraíochtaí teicniúla chun orduithe aistrithe airgid a phróiseáil
Foscríbhinn II:	Scéim chúitimh TARGET
Foscríbhinn III:	Téarmaí tagartha maidir le hacmhainn agus tuairimí tíre
Foscríbhinn IV:	Nósanna imeachta leanúnachais gnó agus nósanna imeachta teagmhasachta
Foscríbhinn V:	Sceideal oibriúcháin TARGET
Foscríbhinn VI:	Sceideal táillí
Foscríbhinn VII:	Ceanglais maidir le bainistiú slándála faisnéise agus bainistíú leanúnachais gnó
[Foscríbhinn VIII:	Cuir isteach más gá: Liosta sainmhínithe atá leagtha amach in Iarscríbinn III a ghabhann leis an Treoirlíne]

2. I gcás aon choimhlinte nó neamhréireachta idir ábhar aon Fhoscríbhinne agus ábhar aon fhorála eile sna Coinníollacha seo, beidh an ceann deireanach i réim.

Airteagal 3

Cuir síos ginearálta ar TARGET

1. Tá struchtúr dlíthiúil ar TARGET mar iliomad córas íocaíochta comhdhéanta de na córais chomhpháirteanna de TARGET go léir, a bhfuil gach ceann acu ainmnithe mar "chóras" faoin dlí náisiúnta ábhartha lena gcuirtear Treoir 98/26/CE i bhfeidhm.

2. Cuimsítear le TARGET córais íocaíochta in euro a shocraítear in airgead bainc cheannais agus a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta leachtachta lárnacha, ollsocraíocht fíor-ama le haghaidh íocaíochtaí agus seirbhísí um shocraíocht AS, agus a chumasaíonn d'íocaíochtaí airgid i ndáil le socraíocht urrús agus socraíocht íocaíochtaí meandracha.

3. Soláthraíonn TARGET:

(a) MCAnna chun oibríochtaí bainc ceannais a shocrú;

(b) DCAnna RTGS le haghaidh ollsocraíocht fíor-ama mhórluach íocaíochtaí agus fo-chuntais más gá le haghaidh socraíochta AS;

(c) DCAanna T2S le haghaidh íocaíochtaí airgid i ndáil le socraíocht urrús;

(d) DCAnna TIPS chun íocaíochtaí meandracha a shocrú; agus

(e) na cuntais seo a leanas le haghaidh socraíochta AS: (i) cuntais theicniúla AS RTGS; (ii) cuntais chiste ráthaíochta AS; agus (iii) cuntais theicniúla AS TIPS.

Déanfar gach cuntas i TARGET-[cuir isteach ainm BC] a shainaithint trí bhíthin uimhir chuntais uathúil a bheidh comhdhéanta de na heilimintí a ndéantar tuairisc orthu in Iarscríbhinn I, Foscríbhinn I, mír 2.

Airteagal 4

Critéir rochtana

1. Tá na cineálacha eintiteas seo a leanas incháilithe le bheith ina rannpháirtithe i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre], arna iarraidh sin:

(a) institiúidí creidmheasa a bunaíodh san Aontas nó sa LEE, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn siad trí bhrainse a bunaíodh san Aontas nó sa LEE;

(b) institiúidí creidmheasa a bunaíodh taobh amuigh den LEE, ar choinníoll go ngníomhóidh siad trí bhrainse a bunaíodh san Aontas nó san LEE;

(c) BCNanna na mBallstát agus an BCE;

ar choinníoll nach bhfuil na heintitis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) faoi réir bearta sriantacha arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó ag na Ballstáit de bhun Airteagal 65(1)(b), Airteagal 75 nó Airteagal 215 den Chonradh, a bhfuil a gcur chun bhfeidhme, dar le [TARGET [tagairt BC/tíre] tar éis an BCE a chur ar an eolas, neamh-chomhoiriúnach le feidhmiú rianúil TARGET.

2. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC], dá rogha féin, na heintitis seo a leanas a ligean isteach mar rannpháirtithe:

(a) ranna cisteáin rialtais láir nó réigiúnacha na mBallstát;

(b) comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát atá údaraithe chun cuntais a choinneáil do chustaiméirí;

(c)

(i) gnólachtaí infheistíochta a bunaíodh san Aontas nó sa LEE, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn siad trí bhrainse a bunaíodh san Aontas nó sa LEE; agus

(ii) institiúidí creidmheasa a bunaíodh taobh amuigh de LEE, ar choinníoll go ngníomhaíonn siad trí bhrainse a bunaíodh san Aontas nó sa LEE;

(d) eintitis a bhainistíonn AS, agus a ghníomhaíonn sa cháil sin; agus

(e) institiúidí creidmheasa nó aon cheann de na heintitis de na cineálacha atá liostaithe i bpointí (a) go (d), sa dá chás sin, i gcás ina mbunaítear iad seo i dtír a ndearna an tAontas comhaontú airgeadaíochta léi lena gceadaítear rochtain ag aon cheann de na heintitis sin ar chórais íocaíochta san Aontas faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontú airgeadaíochta agus ar choinníoll go bhfuil an córas dlí ábhartha atá i bhfeidhm sa tír comhionann le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

Airteagal 5

Nós Imeachta iarratais

1. Chun a bheith ina rannpháirtí i TARGET-[cuir isteach ainm BC/tagairt tíre] beidh eintiteas mar a thuairiscítear in Airteagal 4(1) nó ina eintiteas a bhféadfar ligean isteach [cuir isteach ainm BC] faoi Airteagal 4(2) agus comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas:

(a) an bonneagair TF riachtanach chun nascadh le TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a shuiteáil, a bhainistiú, a oibriú, a mhonatóiriú agus a shábháilteacht a áirithiú agus a bheith in ann orduithe aistrithe airgid a chur faoina bhráid. Agus é sin á dhéanamh, féadfaidh rannpháirtithe iarrthacha bheith bainteach le tríú páirtithe ach is ag na rannpháirtithe iarrthacha a fhanfaidh an dhliteanas aonair.

(b) na tástálacha a éilíonn [cuir isteach ainm BC] a ghnóthú;

(c) más iarratasóir é ar DCA RTGS, ar DCA T2S nó ar DCA TIPS, déanfaidh sé MCA le [cuir isteach ainm BC] a shealbhú nó a oscailt;

(d) tuairim um acmhainní a sholáthar san fhoirm a shonraítear i bhForscríbhinn III, mura rud é go bhfuil an fhaisnéis agus na huiríll a bheidh le soláthar sa tuairim sin um acmhainní faighte cheana ag [cuir isteach ainm BC] i gcomhthéacs eile;

(e) maidir leis na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b) agus in Airteagal 4(2), pointe (c)(ii), tuairim tíre san fhoirm a shonraítear i bhForschríbinn III, mura rud é go bhfuil an fhaisnéis agus na huiríll atá le soláthar sa tuairim tíre sin faighte cheana ag [cuir isteach ainm BC] i gcomhthéacs eile;

(f) más iarrathóir DCA TIPS, gur chloigh sé leis an scéim ACS Inst trí Chomhaontú Forleanúna um Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA a shíniú;

(g) más iarrathóir cuntais theicniúil AS TIPS, go bhfuil fianaise curtha ar fáil aige gur cuireadh an litir nochtaithe lena taispeántar a rún le bheith ina Sásra Imréitigh agus Glanta (CSM) de chuid SCT Inst comhlíontach ar fáil don Chomhairle Eorpach um Íocaíochtaí (CEI).

2. Déanfaidh iarratasóirí iarratas ar [cuir isteach ainm BC], lena cuimsítear na doiciméid/an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) foirmeacha bailithe sonraí tagartha, agus iad comhlíonta, arna soláthar ag [cuir isteach ainm BC]; agus

(b) an tuairim um acmhainní, ma éilíonn [cuir isteach ainm BC] í, agus an tuairim tíre, má éilíonn [cuir isteach ainm BC] í";

(c) más iarrathóir DCA TIPS, fianaise gur chloigh sé leis an scéim SCT Inst;

(d) má tá an t-iarratasóir ag déanamh iarratais ar nós imeachta socraíochta TIPS AS a úsáid, fianaise gur chuir sé an litir nochtaithe lena taispeántar go bhfuil sé ar intinn aige a bheith ina CSM a chomhlíonann SCT Inst ar fáil don CEI;

(e) i gcás go n-ainmneoidh an t-iarratasóir gníomhaire íocaíochta, an fhianaise gur chomhaontaigh an gníomhaire íocaíochta gníomhú sa ról sin.

3. ComhlíonfaidhI iarratasóirí atá ina rannpháirtithe TARGET cheana féin agus a dhéanann iarratas ar chuntas nua mar a thuairiscítear i: (i) gCuid III (DCA-RTGS); (ii) gCuid IV (DCA-T2S); (iii) gCuid V (DCA-TIPS); (iv) gCuid VI (cuntas teicniúil AS RTGS); agus/nó (v) gCuid VII (cuntas teicniúil AS TIPS) forálacha mhíreanna 1 agus 2 a mhéid is ábhartha don chuntas nua a ndéantar iarratas ina leith.

4. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] aon fhaisnéis bhreise a mheasann sé is gá a iarraidh chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas chun TARGET a oscailt.

5. Diúltóidh [cuir isteach ainm BC] don iarratas páirt a ghlacadh más rud é:

(a) Nach eintiteas incháilithe mar a thuairiscítear in Airteagal 4(1) an t-iarratasóir nó nach eintiteas é a bhféadfar ligean isteach ag [cuir isteach ainm BC] faoi Airteagal 4(2);

(b) nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na ceanglais rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1; agus/nó

(c) i mheasúnú [cuir isteach ainm BC], chuirfeadh an rannpháirtíocht sin cobhsaíocht, fóntacht agus sábháilteacht fhoriomlán TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó aon chóras comhpháirte eile de TARGET i mbaol, nó chuirfeadh sé feidhmíocht chúraimí [cuir isteach ainm BC], mar a thuairiscítear i [déan tagairt don dlí náisiúnta ábhartha] agus i Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh i gcontúirt, nó cruthaíonn sé rioscaí ar fhorais stuamachta.

6. Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] a chinneadh maidir leis an iarratas a bheith rannpháirteach i TARGET-[cuir isteach ainm BC/tagairt tíre] in iúl don rannpháirtí iarrthach laistigh de mhí tar éis do [cuir isteach ainm BC] an t-iarratas a fháil. I gcás go n-iarrann [cuir isteach ainm BC] faisnéis bhreise de bhun mhír 4, cuirfear an cinneadh in iúl laistigh de mhí tar éis do [cuir isteach ainm BC] an fhaisnéis bhreise seo a fháil ón iarratasóir. Beidh cúiseanna leis an diúltú in aon chinneadh diúltaithe.

Airteagal 6

Rannpháirthithe

1. Beidh MCA amháin ar a laghad le [cuir isteach ainm BC] ag rannpháirtithe nach AS iad agus féadfaidh siad freisin DCA RTGS, DCA T2S agus/nó DCA TIPS amháin nó níos mó le [cuir isteach ainm BC] a shealbhú.

2. Beidh AS a úsáideann nósanna imeachta socraíochta RTGS AS nó nós imeachta socraíochta TIPS AS faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa Chuid agus sa Chuid VI nó Cuid VII, faoi seach. Féadfaidh siad MCA, DCAnna T2S agus, go heisceachtúil agus má cheadaítear iad le [cuir isteach ainm BC], DCA RTGS amháin nó níos mó a bheith acu ach amháin maidir le híocaíochtaí meandreacha a ghlanadh de bhun na scéime SCT Inst. Má tá DCA RTGS nó DCA T2S ag AS, beidh MCA amháin ar a laghad aige freisin leis an [cuir isteach ainm BC]. Sa chás go bhfuil MCA nó DCA RTGS nó DCAnna T2S amháin nó níos mó ag AS, beidh feidhm ag na Codanna faoi seach de na Coinníollacha seo freisin.

Airteagal 7

Rochtain ar chuntas rannpháirtí ag eintitis seachas an rannpháirtí

1. A mhéid is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de, féadfaidh rannpháirtí rochtain ar a chuntais TARGET a thabhairt d'eintiteas amháin nó níos mó a ainmníonn sé, chun críocha orduithe aistrithe airgid a chur isteach agus chun gníomhaíochtaí eile a dhéanamh.

2. Maidir le horduithe aistrithe airgid arna gcur isteach nó cistí arna bhfáil ag na heintitis arna n-ainmniú ag rannpháirtí dá dtagraítear i mír 1, measfar iad a bheith curtha isteach nó faighte ag an rannpháirtí sin féin.

3. Beidh an rannpháirtí faoi cheangal ag na horduithe aistrithe airgid sin agus ag aon ghníomh eile arna dhéanamh ag an eintiteas nó na heintitis dá dtagraítear i mír 1, beag beann ar ábhar na socruithe conarthacha nó aon socruithe eile idir an rannpháirtí sin agus an t-eintiteas sin agus beag beann ar aon neamhchomhlíonadh leo.

Airteagal 8

Billeáil

1. Sainaithneoidh [cuir isteach ainm BC] ítimí inbhilleáilte de réir Foscríbhinn VI agus leithdháilfidh sé gach ceann acu ar an rannpháirtí as a dtagann an ítimí inbhilleáilte sin.

2. Déanfar aon táille is iníoctha i ndáil le hordú aistrithe airgid arna thíolacadh ag AS nó i ndáil le haistriú airgid a fhaigheann AS a mhuirearú go heisiach ar an AS sin, is cuma má úsáideann sé nósanna imeachta socraíochta AS RTGS nó DCA RTGS.

3. Leithdháilfear ítimí inbhilleáilte arna nginiúint ag gníomhaíochtaí arna nglacadh ag na heintitis ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 7, agus ag bainc cheannais ag gníomhú thar ceann rannpháirtí, ar an rannpháirtí sin.

4. Eiseoidh [cuir isteach ainm BC] sonraisc ar leithligh chuig an rannpháirtí as na seirbhísí ábhartha a thuairiscítear in: (i) Cuid III (DCA-RTGS); (ii) Cuid IV (DCA T2S); (iii) Cuid V (DCA TIPS); (iv) Cuid VI (nósanna imeachta socraíochta AS RTGS); agus (v) Cuid VII (nós imeachta socraíochta AS TIPS).

5. Socróidh [cuir isteach ainm BC] gach sonrasc trí dhochar díreach ar MCA atá i seilbh an rannpháirtí, mura rud é go bhfuil rannpháirtí eile ainmnithe ag an rannpháirtí i TARGET (a fhéadfaidh a bheith i TARGET-[cuir isteach ainm BC/tagairt tíre]) nó i gcóras comhpháirte eile) mar ghníomhaire íocaíochta agus go bhfuil treoir tugtha do [cuir isteach ainm BC] MCA an ghníomhaire íocaíochta sin a chur do dhochar. Ní dhéanfaidh treoir den sórt sin an rannpháirtí a scaoileadh óna oibleagáid gach sonrasc a íoc.

6. I gcás ina bhfuil gníomhaire íocaíochta ainmnithe, cuirfidh an rannpháirtí fianaise ar fáil don [cuir isteach ainm an BC] gur chomhaontaigh an gníomhaire íocaíochta gníomhú sa cháil sin.

7. Chun críocha an Airteagail seo, déileálfar ar leithligh le gach AS, fiú má oibríonn an t-eintiteas dlíthiúil céanna dhá cheann nó níos mó díobh, agus is cuma an bhfuil an AS ainmnithe faoi Threoir 98/26/CE. I gcás AS nach bhfuil ainmnithe faoi Threoir 98/26/CE, sainaithneofar é mar AS trí thagairt do na critéir seo a leanas: (a) gur socrú foirmiúil é, bunaithe ar ionstraim conarthach nó reachtach, e.g. comhaontú i measc na rannpháirtithe agus oibreoir an chórais; (b) go bhfuil ballraíocht iolrach aige; (c) go bhfuil comhrialacha agus socruithe caighdeánaithe aige; agus (d) gur córas é chun íocaíochtaí agus/nó urrúis a imréitigh, a ghlanluacháil agus/nó a shocrú idir na rannpháirtithe.

Airteagal 9

Grúpaí Billeála

1. Arna iarraidh sin don rannpháirtí, cruthóidh [cuir isteach ainm BC] grúpa billeála chun go bhféadfaidh a chomhaltaí leas a bhaint as an bpraghsáil chéimlaghdaitheach is infheidhme maidir le DCAnna RTGS. Ní fhéadfaidh an grúpa billeála a áireamh ach sealbhóirí DCA RTGS a bhaineann leis an ngrúpa baincéireachta céanna, ó chóras comhpháirte amháin nó níos mó de TARGET.

2. Ar iarratas ó shealbhóir DCA RTGS cuirfidh [cuir isteach ainm BC] sealbhóir an DCA RTGS sin le nó scriosfaidh sé é ó ghrúpa billeála a d'fhéadfadh a bheith i TARGET-[cuir isteach ainm BC/tagairt tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET. Cuirfidh sealbhóir an DCA RTGS gach ball eile den ghrúpa billeála ar an eolas faoin iarratas sin sula ndéanfar é.

3. Sonraiscfear sealbhóirí DCA RTGS a chuimsítear i ngrúpa billeála ina n-aonair mar a leagtar amach in Airteagal 8.

Airteagal 10

Oibleagáidí [cuir isteach ainm BC] agus an rannpháirtí

1. Tairgfidh [cuir isteach ainm BC] na seirbhísí a thuairiscítear i gCodanna II, III, IV, V, VI agus VII de na Coinníollacha seo i gcás inar roghnaigh rannpháirtí cuntas dá dtagraítear ann agus gur deonaíodh dó é. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sna Coinníollacha seo nó a cheanglaítear le dlí, úsáidfidh [cuir isteach ainm BC] gach modh réasúnach de réir na gcumhachtaí atá aige chun a oibleagáidí faoi na Coinníollacha seo a chomhlíonadh, gan toradh a ráthú.

2. Is é [cuir isteach ainm BC] an soláthróir seirbhísí de bhun na Coinníollacha seo. Measfar gur gníomhartha agus neamhghníomhartha [cuir isteach ainm BC] gníomhartha agus neamhghníomhartha na BCNanna Leibhéal 3, a nglacfaidh sé dliteanas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 I. Ní chruthóidh rannpháirtíocht de bhun na gCoinníollacha seo caidreamh conarthach idir rannpháirthithe agus na BCNanna Leibhéal 3 nuair a ghníomhaíonn aon cheann acu sin ina cháil mar BCN Leibhéal 3. Maidir le treoracha, teachtaireachtaí nó faisnéis a fhaigheann rannpháirtí ón TARGET, nó a sheolann sé chuig TARGETi ndáil leis na seirbhísí a sholáthraítear faoi na Coinníollacha seo, measfar iad a bheith faighte ó nó seolta chuig [cuir isteach ainm BC].

3. Íocfaidh an rannpháirtí táillí le [cuir isteach ainm BC] i gcomhréir le hAirteagal 8.

4. Áiritheoidh an rannpháirtí go bhfuil sé nasctha go teicniúil le TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] i gcomhréir le sceideal oibriúcháin TARGET atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V. Féadfar an oibleagáid seo a chomhlíonadh trí aonán ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 7.

5. Déanfaidh an rannpháirtí uiríoll agus baránta do [cuir isteach ainm BC] nach sáraíonn comhlíonadh a oibleagáidí faoi na Coinníollacha seo aon dlí, rialachán nó fodhlí is infheidhme ina leith nó aon chomhaontú atá ina cheangal air.

6. Íocfaidh an rannpháirtí aon dleachtanna stampa is infheidhme nó aon chánacha nó dleachtanna doiciméadacha eile, más infheidhme, mar aon le haon chostais eile a thabhóidh an rannpháirtí agus a chuntas TARGET á oscailt, á chothabháil nó á dhúnadh aige.

Airteagal 11

Comhar agus malartú faisnéise

1. Agus a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh acu agus a gcearta faoi na Coinníollacha seo á bhfeidhmiú acu, comhoibreoidh [cuir isteach ainm BC] agus na rannpháirtithe go dlúth chun cobhsaíocht, fóntacht agus sábháilteacht TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a chinntiú. Cuirfidh siad ar fáil dá chéile aon fhaisnéis nó doiciméid atá ábhartha chun a n-oibleagáidí faoi seach a chomhlíonadh agus chun a gcearta faoi seach a fheidhmiú faoi na Coinníollacha seo, gan dochar d'aon oibleagáidí rúndachta baincéireachta.

2. Bunóidh agus cothabhálfaidh [cuir isteach ainm BC] deasc tacaíochta córais chun cabhrú le rannpháirtithe maidir le deacrachtaí a thagann chun cinn i ndáil le hoibríochtaí córais.

3. Beidh faisnéis cothrom le dáta ar stádas oibríochta gach seirbhíse ar fáil ar Chóras Faisnéise TARGET (TIS) ar leathanach gréasáin tiomnaithe ar shuíomh gréasáin an BCE.

4. Féadfaidh an [cuir isteach ainm BC] teachtaireachtaí ábhartha an chórais a chur in iúl do rannpháirtithe trí theachtaireacht chraolta nó, mura bhfuil an acmhainn sin ar fáil, trí aon mhodh cumarsáide iomchuí eile.

5. Déanfaidh rannpháirtithe na foirmeacha bailithe sonraí tagartha atá ann cheana a nuashonrú go tráthúil agus cuirfidh siad foirmeacha bailithe sonraí tagartha nua faoi bhráid [cuir isteach ainm BC]. Fíoróidh na rannpháirtithe cruinneas na faisnéise a bhaineann leo agus a chuirtear isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ag an [cuir isteach ainm BC].

6. Údararaíonn an rannpháirtí leis seo [cuir isteach ainm BC] aon fhaisnéis a bhaineann le rannpháirtithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó na BCNanna Leibhéal 3 a chur in iúl dóibh i gcomhréir leis an gconradh a rinneadh leis na comhaontuithe NSPanna idir na BCN Leibhéal 3 agus Comhlachtaí Deimhniúcháin Chóras an Euro lena rialaítear soláthar na seirbhísí atá le soláthar ag na BCN Leibhéal 3.

7. Cuirfidh na rannpháirtithe [cuir isteach ainm BC] ar an eolas gan mhoill mhíchuí faoi aon athrú ar a gcumas dlíthiúil agus faoi aon athruithe reachtaíochta ábhartha a dhéanann difear do na saincheisteanna a chuimsítear i dtuairim na tíre a bhaineann leo, mar a leagtar amach sna téarmaí tagartha a thugtar i bhFoscríbhinn III.

8. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] nuashonrú nó athnuachan na dtuairimí tíre nó na dtuairimí acmhainne dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (d) agus (e) a iarraidh tráth ar bith.

9. Cuirfidh rannpháirtithe [cuir isteach ainm BC] ar an eolas láithreach má tharlaíonn teagmhas mainneachtana i ndáil leo féin nó má tá siad faoi réir bearta um chosc géarchéime nó bearta bainistithe géarchéime de réir bhrí Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) nó aon reachtaíocht choibhéiseach eile is infheidhme.

Airteagal 12

Luach Saothair Cuntas

1. Íocfar MCAnna, DCAnna agus fochuntais ag nialas faoin gcéad nó ag ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle, mura n-úsáidtear iad aon cheann de na nithe seo a leanas chun coinneáil:

(a) cúlchistí íosta;

(b) cúlchistí barrachais;

(c) taiscí rialtais mar atá sainmhínithe in Airteagal 2, pointe (5) de Threoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/7) ([2]).

([1]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([2]) Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2019 2019 maidir le hoibríochtaí bainistithe sócmhainní agus dliteanas intíre arna ndéanamh ag na bainc cheannais náisiúnta (BCE/2019/7) (IO L 113, 29.04.2019, lch. 11).

I gcás cúlchistí íosta, beidh ríomh agus íoc luach saothair sealúchas faoi rialú ag Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ([3]) ón gComhairle agus ag Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).

I gcás cúlchistí barrachais, beidh ríomh agus íoc luach saothair sealúchas faoi rialú ag Cinneadh (AE) Uimh. 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ([4]).

I gcás taiscí rialtais, rialófar luach saothair sealúchas leis na forálacha a bhaineann leis na taiscí rialtais sin mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/7).

2. Íocfar luach saothair iarmhéideanna thar oíche a shealbhaítear ar chuntas teicniúil AS TIPS nó ar chuntas teicniúil AS RTGS do nós imeachta socraíochta D an chórais choimhdigh, agus cistí ráthaíochta, lena n-áirítear iad siúd a shealbhaítear ar chuntas ciste ráthaíochta AS, ag ráta na saoráide taisce.

Airteagal 13

Bainistíocht cuntas

1. Déanfaidh rannpháirtithe monatóireacht agus bainistíocht ar an leachtacht ar a gcuntais de réir sceideal oibriúcháin TARGET mar atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V agus déanfaidh siad réiteach ar leibhéal an idirbhirt uair amháin sa lá ar a laghad. Féadfar an oibleagáid seo a chomhlíonadh trí eintiteas ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 7.

2. Bainfidh an rannpháirtí úsáid as na huirlisí a sholáthraíonn [cuir isteach ainm BC] chun críche réitigh cuntas, go háirithe an ráiteas cuntais laethúil a chuirtear ar fáil do gach rannpháirtí. Féadfar an oibleagáid seo a chomhlíonadh trí eintiteas ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 7.

3. Cuirfidh na rannpháirtithe an [cuir isteach ainm BC] ar an eolas láithreach i gcás go dtarlóidh neamhréir i ndáil le haon cheann dá gcuntais.

Airteagal 14

Cúlchistí íosta

1. Arna iarraidh sin do rannpháirtí atá faoi réir íoscheanglais chúlchiste, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] MCA nó DCA amháin nó níos mó a bhaineann leis an rannpháirtí sin a mharcáil i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] mar ar seilbh chun ceanglais chúlchiste íosta a chomhlíonadh.

2. Chun ceanglais chúlchiste a chomhlíonadh, más infheidhme maidir leis an rannpháirtí, cuirfear san áireamh suim iarmhéideanna deiridh lae na gcuntas go léir atá i seilbh an rannpháirtí sin le [cuir isteach ainm BC] agus atá marcáilte chun na críche sin.

Airteagal 15

Íosteorainneacha agus uasteorainneacha

1. Féadfaidh an rannpháirtí íosteorainn agus uasteorainn a shocrú ar a MCAnna nó ar a DCAnna.

2. Féadfaidh an rannpháirtí rogha a dhéanamh fógra a fháil má sháraítear an íosteorainn nó an uasteorainn. Ina theannta sin, i gcás MCAnna nó DCAnna RTGS, féadfaidh an rannpháirtí a roghnú go spreagfaidh an sárú ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe.

3. Ní spreagfaidh socrú ordaithe aistrithe leachtachta seiceáil ar sáraíodh an íosteorainn nó an uasteorainn.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle an 23 Samhain 1998 maidir le cur i bhfeidhm cúlchistí íosta ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 1).

([4]) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le híocaíocht luach saothair shealúchais na gcúlchistí barrachais agus íocaíocht luach saothair taiscí áirithe (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

Airteagal 16

Grúpa monatóireachta cuntas

1. Féadfaidh sealbhóir MCA grúpa monatóireachta cuntas amháin nó níos mó a chruthú chun monatóireacht a dhéanamh ar leachtacht ar roinnt MCAnna nó DCAnna agus tiocfaidh sé chun bheith ina pháirtí ceannais d'aon ghrúpa monatóireachta cuntas a chruthaíonn sé.

2. Féadfaidh rannpháirtí aon cheann dá MCAnna nó DCAnna a osclaíodh laistigh de TARGET-[cuir isteach tagairt BC/íre] nó aon chóras comhpháirte eile de TARGET a chur le grúpa monatóireachta cuntas amháin nó níos mó agus ar an gcaoi sin a bheith ina bhall den ghrúpa monatóireachta cuntas sin. Féadfaidh ball de ghrúpa monatóireachta cuntas tús a chur lena chuntas a bhaint den ghrúpa monatóireachta cuntas sin tráth ar bith. Cuirfidh rannpháirtí páirtí ceannais grúpa monatóireachta cuntas ar an eolas sula gcuirfidh sé cuntas leis an ngrúpa monatóireachta cuntas sin nó sula mbainfidh sé cuntas uaidh.

3. Ní bheidh ach an páirtí ceannais do ghrúpa monatóireachta cuntas in ann iarmhéideanna na gcuntas go léir a chuimsítear sa ghrúpa monatóireachta cuntas sin a fheiceáil.

4. Féadfaidh an páirtí ceannais an grúpa monatóireachta cuntas a scriosadh agus cuirfidh sé baill eile an ghrúpa monatóireachta cuntas ar an eolas roimh an scriosadh sin.

Airteagal 17

Orduithe aistrithe airgid a ghlacadh agus a dhiúltú

1. Measfar go nglacann an [cuir isteach ainm BC] le horduithe aistrithe airgid a chuireann rannpháirtithe isteach:

(a) má chomhlíonann an teachtaireacht aistrithe ceanglais theicniúla TARGET a ndéantar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn I;

(b) má chomhlíonann an teachtaireacht na rialacha formáidithe agus na coinníollacha a ndéantar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn I;

(c) má éiríonn leis an teachtaireacht an seiceáil iontrála dúbailte a thuairiscítear i bhFoscríbhínn I;

(d) i gcásanna inar cuireadh íocóir ar fionraí maidir lena chunta(i)s a dhochar nó má cuireadh íocaí ar fionraí maidir le creidiúnú a dhéanamh ar a chunta(i)s, fuarthas toiliú sainráite BC an rannpháirtí ar fionraí;

(e) i gcásanna ina ndéantar an t-ordú aistrithe airgid mar chuid de nós imeachta socraíochta AS RTGS, go bhfuil cuntas an rannpháirtí san áireamh sa ghrúpa cuntas bainc socraíochta a d'iarr an AS sin mar atá leagtha amach i gCuid VI, Airteagal 1(7); agus

(f) más rud é, más ábhartha i gcás socraíochta traschórais mar chuid de nósanna imeachta socraíochta RTGS AS, go bhfuil an AS lena mbaineann mar chuid de shocrú socraíochta traschórais mar atá leagtha amach in Airteagal 9 de Chuid VI.

2. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] aon ordú aistrithe airgid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 a dhiúltú láithreach. Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] an rannpháirtí ar an eolas faoi aon diúltú d'ordú airigd aistrithe, mar a shonraítear i bhForscríbhinn I.

Airteagal 18

Orduithe aistrithe airgid a iontráil sa chóras agus a ndo-athraitheacht

1. Chun críocha na chéad abairte d'Airteagal 3(1) agus d'Airteagal 5 de Threoir 98/26/CE agus [cuir isteach forálacha dlí náisiúnta lena gcuirtear na hAirteagail seo de Threoir 98/26/CE chun feidhme]:

(a) measfar gach ordú aistrithe airgid, ach amháin mar a fhoráiltear i bpointí b), c) agus d) den mhír seo, a bheith curtha isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] agus neamh-inchúlghairthe ag an nóiméad a bhfuil cuntas TARGET an rannpháirtí ábhartha curtha chun dochair;

(b) meastar go ndéantar orduithe íocaíochta meandraí a bheith curtha isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] agus a bheith neamhinchúlghairthe ag an nóiméad a fhorchoimeádtar na cistí ábhartha ar DCA TIPS an rannpháirtí nó ar a chuntas teicniúil DCA TIPS;

(c) i gcás idirbheart atá socraithe ar DCAnna T2S agus atá faoi réir dhá ordú aistrithe ar leith a chomhoiriúnú:

(i) measfar go ndéantar orduithe aistrithe den sórt sin curtha isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] tráth ar dearbhaíodh ar Ardán T2S go gcomhlíonann siad rialacha teicniúla T2S agus measfar gur neamhinchúlghairthe iad tráth a dtugadh an stádas "comhoiriúnaithe" don idirbheart ar Ardán T2S;

(ii) i gcás idirbheart a bhaineann le TLU rannpháirteach amháin a bhfuil comhpháirt comhoiriúnaithe ar leithligh aige ina seoltar orduithe aistrithe go díreach chuig an TLU rannpháirteach sin chun comhoiriúnú a dhéanamh orthu ina chomhpháirt comhoiriúnaithe ar leithligh, measfar go gcuirtear orduithe aistrithe den sórt sin isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] tráth ar dearbhaíodh iad a bheith comhlíonta le rialacha teicniúla T2S ag an TLU rannpháirteach sin agus measfar go bhfuil siad neamhinchúlghairthe tráth a dtugtar stádas "comhoiriúnaithe" don idirbheart ar Ardán T2S. Tá liosta de na TLUanna rannpháirteacha dá dtagraítear sa phointe (ii) seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an BCE;

(d) measfar orduithe aistrithe airgid i dtaca le nósanna imeachta socraíochta AS RTGS a bheith curtha isteach i gcóras comhpháirte de TARGET an chuntais atá le cur chun dochair tráth a ghlacfaidh an córas comhpháirte de TARGET sin leo agus measfar go bhfuil siad neamhinchúlghairithe ag an nóiméad sin.

2. Ní dhéanfaidh forálacha mhír 1 difear d'aon rialacha AS a shonraíonn nóiméad iontrála san AS agus/nó do-athraitheacht na n-orduithe aistrithe a chuirtear faoina bhráid ag pointe ama níos luaithe ná nóiméad iontrála na n-orduithe aistrithe AS faoi seach sa chóras comhpháirte ábhartha de TARGET.

3. Ní fhéadfar orduithe aistrithe airgid a chuimsítear in algartam a chúlghairm le linn na tréimhse ina bhfuil an t-algartam á reáchtáil.

Airteagal 19

Nósanna imeachta leanúnachais gnó agus teagmhasachta

1. I gcás teagmhais sheachtraigh neamhghnácha nó aon teagmhas eile a dhéanann difear d'idirbhearta ar chuntais TARGET, beidh feidhm ag na nósanna imeachta leanúnachais gnó agus nósanna imeachta teagmhasachta a thuairiscítear i bhFoscríbhinn IV.

2. I gcúinsí eisceachtúla féadfar sceideal oibriúcháin TARGET a athrú, agus sa chás sin cuirfear na rannpháirtithe ar an eolas trí [cuir isteach ainm BC].

3. I gcúinsí eisceachtúla féadfaidh AS iarraidh a dhéanamh ar [cuir isteach ainm BC] sceideal oibriúcháin TARGET a mhodhnú.

4. Soláthraíonn an tEurochóras Réiteach Teagmhasachta le húsáid má tharlaíonn na himeachtaí a thuairiscítear i mír 1. Beidh nasc leis an Réiteach Teagmhasachta agus a úsáid éigeantach do rannpháirtithe a mheasann [cuir isteach ainm BC] a bheith ríthábhachtach agus do rannpháirtithe a shocraíonn idirbhearta ríthábhachtacha, mar atá leagtha amach i bhFoscríbhinn IV. Féadfaidh rannpháirtithe eile, arna iarraidh sin, ceangal a dhéanamh leis an Réiteach Teagmhasachta.

Airteagal 20

Ceanglais slándála

1. Cuirfidh rannpháirtithe rialuithe slándála leordhóthanacha i bhfeidhm chun a gcórais a chosaint ar rochtain agus úsáid neamhúdaraithe. Beidh na rannpháirtithe freagrach go heisiach as rúndacht, sláine agus infhaighteacht a gcóras a chosaint go leordhóthanach.

2. Cuirfidh na rannpháirtithe [cuir isteach ainm BC] ar an eolas láithreach faoi aon teagmhas a bhaineann le slándáil ina mbonneagar teicniúil agus, nuair is iomchuí, teagmhais a bhaineann le slándáil a tharlaíonn do bhonneagar teicniúil na soláthraithe tríú páirtí. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] tuilleadh faisnéise a iarraidh faoin teagmhas agus, más gá, a iarraidh ar an rannpháirtí bearta iomchuí a dhéanamh chun atarlú teagmhais den sórt sin a chosc.

3. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] ceanglais bhreise slándála a fhorchur, go háirithe maidir le cibearshlándáil nó chun calaois a chosc, ar gach rannpháirtí agus/nó ar rannpháirtithe a mheastar a bheith an-thábhachtach ag [cuir isteach ainm BC].

4. Soláthróidh na rannpháirtithe na nithe seo a leanas do [cuir isteach ainm BC]: (i) rochtain bhuan ar a bhfianú ar chloí le riachtanais slándála críochphointe a NSP roghnaithe; agus (ii) ar bhonn bliantúil ráiteas féindeimhnithe TARGET de réir mar is gá do na cineálacha cuntas a shealbhaíonn siad agus mar a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin [cuir isteach ainm BC] agus ar shuíomh gréasáin an BCE i mBéarla.

5. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] measúnú ar ráiteas (ráitis) féindeimhnithe an rannpháirtí ar leibhéal comhlíonta an rannpháirtí le gach ceann de na ceanglais atá leagtha amach i gceanglais féindeimhnithe TARGET. Liostaítear na ceanglais seo i bhFoscríbhinn VII.

6. Déanfar leibhéal comhlíonta an rannpháirtí le riachtanais fhéindeimhnithe TARGET a chatagóiriú mar seo a leanas, in ord méaditheach déine: "comhlíonadh iomlán"; "mion-neamhchomhlíonadh"; nó, "neamhchomhlíonadh mór". Tá feidhm ag na critéir seo a leanas: sroichtear comhlíonadh iomlán nuair a shásaíonn na rannpháirtithe 100% de na riachtanais; is é mion-neamhchomhlíonadh cás ina shásaíonn rannpháirtí níos lú ná 100% ach 66% ar a laghad de na ceanglais agus is é neamhchomhlíonadh mór cás ina shásaíonn rannpháirtí níos lú ná 66% de na ceanglais. Má thaispeánann rannpháirtí nach bhfuil ceanglas sonrach infheidhme maidir leis, measfar go gcomhlíonann sé an ceanglas faoi seach chun críocha an chatagóirithe. Déanfaidh rannpháirtí nach dtagainn ar "chomhlíonadh iomlán" plean gníomhaíochta a thíolacadh a thaispeánfaidh conas atá sé ar intinn aige comhlíonadh iomlán a bhaint amach. Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] na húdaráis mhaoirseachta ábhartha ar an eolas faoi stádas chomhlíonadh an rannpháirtí sin.

7. Má dhiúltaíonn an rannpháirtí rochtain bhuan a dheonú ar a fhianú ar chloí riachtanais slándála críochphointe a NSP roghnaithe nó mura soláthraíonn sé féindeimhniúchán TARGET, déanfar leibhéal comhlíonta an rannpháirtí a chatagóiriú mar "neamhchomhlíonadh mór".

8. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] athmheasúnú ar chomhlíonadh na rannpháirtithe ar bhonn bliantúil.

9. Féadfaidh an [cuir isteach ainm BC] na bearta sásaimh seo a leanas a fhorchur ar rannpháirtithe ar measadh go raibh a leibhéal comhlíonta mar mion-neamhchomhlíonadh nó neamhchomhlíonadh mór, in ord méadaitheach déine:

(a) níos mó monatóireachta: soláthróidh an rannpháirtí tuarascáil mhíosúil do [cuir isteach ainm BC], arna síniú ag feidhmeannach sinsearach, ar a dhul chun cinn maidir le dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh. Ina theannta sin, gearrfaidh an rannpháirtí muirear pionóis míosúil de EUR 1 000 ar gach cuntas lena mbaineann. Féadfar an beart sásaimh seo a fhorchur i gcás go bhfaighidh an rannpháirtí an dara measúnú leantach ar mhion-neamhchomhlíonadh nó measúnú ar neamhchomhlíonadh mór;

(b) fionraí: féadfar rannpháirtíocht i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a chur ar fionraí sna himthosca a thuairiscítear in Airteagal 25 (2), pointí (b) agus/nó (c). De mhaolú ar Airteagal 25, tabharfar fógra trí mhí faoin bhfionraí sin don rannpháirtí. Gearrfaidh an rannpháirtí muirear pionóis míosúil de EUR 2 000 ar gach cuntas fionraithe. Féadfar an beart sásaimh seo a fhorchur i gcás go bhfaighidh an rannpháirtí an dara measúnú leantach ar neamhchomhlíonadh mór;

(c) foirceannadh: féadfar rannpháirtíocht i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a chur ar fionraí sna himthosca a thuairiscítear in Airteagal 25(2), pointí (b) agus/nó (c). De mhaolú ar Airteagal 25, tabharfar fógra trí mhí don rannpháirtí. Gearrfaidh an rannpháirtí muirear pionóis breise de EUR 1 000 i leith gach cuntais fhoirceanta. Féadfar an beart sásaimh seo a fhorchur mura ndeachaigh an rannpháirtí i ngleic leis an neamhchomhlíonadh mór chun sástacht [cuir isteach ainm BC] tar éis trí mhí a bheith ar fionraí.

10. Maidir le rannpháirtithe a cheadaíonn rochtain ar a gcuntas TARGET ag tríú páirtithe, mar atá leagtha amach in Airteagal 7 agus rannpháirtithe a bhfuil sealbhóirí BIC inteagmhálacha cláraithe acu mar atá leagtha amach i gCuid III, Airteagal 2, tabharfaidh siad aghaidh ar an riosca a eascróidh as rochtain den sórt sin a cheadú, i gcomhréir leis na ceanglais slándála atá leagtha amach i míreanna 1 go 9.

Airteagal 21

Scéim chúitimh

Mura féidir ordú um aistriú airgid a shocrú ar an lá gnó céanna ar glacadh leis mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET, tairgfidh [cuir isteach ainm BC] an rannpháirtí lena mbaineann a chúiteamh de réir an nós imeachta speisialta atá leagtha síos i bhFoscríbhinn II.

Airteagal 22

Córas dliteanais

1. Agus a n-oibleagáidí á gcomhlíonadh acu de bhun na gCoinníollacha seo, beidh [cuir isteach ainm BC] agus na rannpháirtithe faoi cheangal ag dualgas ginearálta cúraim réasúnaigh i ndáil lena chéile.

2. Beidh [cuir isteach ainm BC] faoi dhliteanas dá rannpháirtithe i gcásanna calaoise (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do mhí-iompar toiliúil) nó mórfhaillí, as aon chaillteanas a eascróidh as oibriú TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre]. I gcásanna gnáthfhaillí, beidh dliteanas [cuir isteach ainm BC] teoranta do chaillteanas díreach an rannpháirtí, i.e. méid an idirbhirt atá i gceist agus/nó an caillteanas úis air, gan aon chaillteanas iarmhartach a áireamh.

3. Ní bheidh [cuir isteach ainm BC] faoi dhliteanas as aon chaillteanas a eascraíonn as aon mhífheidhmiú nó aon chliseadh i mbonneagar teicniúil (lena n-áirítear bonneagar ríomhaireachta, cláir, sonraí, feidhmchláir nó líonraí [cuir isteach ainm BC]), má tharlaíonn mífheidhmiú nó cliseadh den sórt sin in ainneoin gur ghlac [cuir isteach ainm BC] na bearta sin is gá le réasún chun an bonneagar sin a chosaint ar mhífheidhmiú nó ar chliseadh, agus chun iarmhairtí an mhífheidhmithe nó an chliste sin a réiteach (lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do nósanna imeachta leanúnachais gnó agus teagmhasachta dá dtagraítear i bhFoscríbhinn IV a thionscnamh agus a chríochnú).

4. Ní bheidh [cuir isteach ainm BC] faoi dhliteanas:

(a) a mhéid is gurb é an rannpháirtí is cúis leis an gcaillteanas; nó

(b) má eascraíonn an caillteanas ó theagmhais sheachtracha nach raibh neart réasúnach ag [cuir isteach ainm BC] orthu (force majeure).

5. D'ainneoin na [cuir isteach forálacha dlí náisiúnta is infheidhmne] chun feidhme, beidh feidhm ag míreanna 1 go 4 a mhéid is féidir dliteanas [cuir isteach ainm BC] a eisiamh.

6. Glacfaidh [cuir isteach ainm BC] agus na rannpháirtithe gach beart réasúnach agus indéanta chun aon damáiste nó caillteanas dá dtagraítear san Airteagal seo a mhaolú.

7. Agus cuid dá chuid oibleagáidí nó gach ceann dá chuid oibleagáidí faoi na Coinníollacha seo á gcomhlíonadh aige, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] tríú páirtithe a choimisiúnú ar a son, go háirithe soláthraithe teileachumarsáide nó líonra eile nó eintitis eile, más gá sin chun oibleagáidí [cuir isteach ainm BC] a chomhlíonadh] nó más gnáthchleachtas margaidh é. Beidh oibleagáid [cuir isteach ainm BC] teoranta do roghnú agus do choimisiúnú cuí aon tríú páirtithe den sórt sin agus beidh dliteanas [cuir isteach ainm BC] teoranta dá réir. Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tríú páirtithe iad na BCNanna Leibhéal 3

Airteagal 23

Fianaise

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sna Coinníollacha seo, déanfar gach teachtaireacht a bhaineann le horduithe aistrithe airgid amhail deimhnithe dochair nó creidmheasanna, nó teachtaireachtaí ráitis, idir [cuir isteach ainm BC] agus na rannpháirtithe, tríd an NSP ábhartha.

2. Glacfar le taifid leictreonacha nó i scríbhinn de na teachtaireachtaí arna gcoimeád ag [cuir isteach ainm BC] nó ag an NSP ábhartha mar mhodh fianaise ar na híocaíochtaí arna bpróseáil trí [cuir isteach ainm BC]. Glacfar leis an leagan sábháilte nó an leagan clóite den teachtaireacht bhunaidh NSP mar mhodh fianaise, beag beann ar fhoirm na teachtaireachta bunaidh.

3. Má theipeann ar nasc rannpháirtí leis an NSP, úsáidfidh an rannpháirtí na bealaí malartacha chun teachtaireachtaí a tharchur mar a a aontaíodh le [cuir isteach ainm BC]. I gcásanna den sórt sin, beidh an luach fianaise céanna ag an leagan sábháilte nó clóite den teachtaireacht arna táirgeadh ag [cuir isteach ainm BC] agus a bhí ag an teachtaireacht bhunaidh, beag beann ar a foirm.

4. Coinneoidh [cuir isteach ainm BC] taifid iomlána ar orduithe aistrithe airgid a chuireann rannpháirtithe isteach agus ar íocaíochtaí a fhaigheann siad ar feadh tréimhse [cuir isteach tréimhse a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta ábhartha] ón am a gcuirtear na horduithe aistrithe airgid sin isteach agus a fhaightear na híocaíochtaí sin, ar choinníoll go gcumhdóidh na taifid iomlána sin cúig bliana ar a laghad le haghaidh aon rannpháirtí i TARGET atá faoi réir aireachais leanúnaigh de bhun bearta sriantacha arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó ag na Ballstáit, nó níos mó má éilítear le rialacháin shonracha é.

5. Glacfar le leabhair agus taifid [cuir isteach ainm BC] féin mar mhodh fianaise ar aon oibleagáidí a bhaineann leis na rannpháirtithe agus ar aon fhíorais agus teagmhais a bhfuil na páirtithe ag brath orthu.

Airteagal 24

Fad agus gnáthfhoirceannadh rannpháirtíochta agus dúnadh cuntas

1. Gan dochar d'Airteagal 25, beidh rannpháirtíocht i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh rannpháirtí aon cheann díobh seo a leanas a fhoirceannadh tráth ar bith agus fógra 14 lá gnó a thabhairt ina thaobh, mura rud é go gcomhaontaíonn sé tréimhse fógra níos giorra le [cuir isteach ainm BC].

(a) a rannpháirtíocht iomlán i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre];

(b) ceann amháin nó níos mó dá DCAnna, cuntais theicniúla AS RTGS agus/ nó cuntais theicniúla AS TIPS ;

(c) ceann amháin nó níos mó dá MCAnna, ar choinníoll go leanann sé de bheith ag cloí le hAirteagal 6.

3. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] aon cheann díobh seo a leanas a fhoirceannadh tráth ar bith agus fógra trí mhí a thabhairt ina thaobh, mura gcomhaontaíonn sé tréimhse fógra níos giorra leis an rannpháirtí ábhartha:

(a) rannpháirtíocht iomlán rannpháirtí i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre];

(b) ceann amháin nó níos mó de DCAnna aonair ,cuntais theicniúla RTGS AS nó cuntais theicniúla TIPS AS rannpháirtí;

(c) ceann amháin nó níos mó de MCAnna rannpháirtí, ar choinníoll go leanann sé MCA amháin ar a laghad a shealbhú.

4. Ar fhoirceannadh rannpháirtíochta, fanfaidh na dualgais rúndachta atá leagtha síos in Airteagal 28 i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana a thosóidh le dáta an fhoirceanta.

5. Ar fhoirceannadh rannpháirtíochta, dúnfaidh [cuir isteach ainm BC] cuntais TARGET uile an rannpháirtí lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 26.

Airteagal 25

Fionraí agus foirceannadh urghnách rannpháirtíochta

1. Déanfar rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a fhoirceannadh láithreach gan fógra roimh ré nó a chur ar fionraí má tharlaíonn ceann de na teagmhais mhainneachtana seo a leanas:

(a) tionsnamh imeachtaí dócmhainneachta; agus/nó

(b) níchomhlíonann an rannpháirtí na critéir rochtana atá leagtha síos in Airteagal 4 a thuilleadh.

Chun críocha na míre seo, ní cháileoidh bearta um chosc géarchéime nó bearta um bainistíocht géarchéime de réir bhrí Threoir 2014/59/AE i gcoinne rannpháirtí go huathoibríoch mar thionsnamh imeachtaí dócmhainneachta.

2. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] rannpháirtíocht rannpháirti i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a fhoircheannadh gan fógra a thabhairt roimh ré nó an rannpháirtíocht sin a chur ar fionraí más rud é:

(a) go dtarlaíonn teagmhas mainneachtana amháin nó níos mó (seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1);

(b) go bhfuil sárú ábhartha déanta ag an rannpháirtí ar aon cheann de na Coinníollacha seo;

(c) go mainníonn an rannpháirtí aon oibleagáid ábhartha a chur i gcrích i ndáil le [cuir isteach ainm BC];

(d) go scoirfidh an rannpháirtí de chomhaontú bailí a bheith aige le NSP chun an nasc riachtanach le TARGET a sholáthar;

(e) go dtarlaíonn aon teagmhas eile a bhaineann le rannpháirtíocht, a chuirfeadh, i measúnú [cuir isteach ainm BC], bagairt ar chobhsaíocht, fhóntacht agus shábháilteacht fhoriomlán TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó aon chóras comhpháirte eile de TARGET, nó a chuirfeadh feidhmíocht chúraimí [cuir isteach ainm BC] i mbaol mar a thuairiscítear i [déan tagairt don dlí náisiúnta ábhartha] agus i Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, nó a chruthaíonn rioscaí ar fhorais stuamachta;

(f) go ndéanann BCN rochtain an rannpháirtí ar chreidmheas idirlae a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, lena n-áirítear uathchomhthaobhacht, de bhun Chuid II, Airteagal 13; agus/nó

(g) go bhfuil an rannpháirtí eisiata ó nó go scoirfidh sé ar dhóigh eile de bheith ina bhall de cheann de Ghrúpa Dúnta Úsáideoirí an NSP.

3. Agus a lánrogha á fheidhmiú aige faoi mhír 2, cuirfidh [ainm BC isteach] san áireamh, inter alia, tromchúis an teagmhais mainneachtana nó na teagmhas a luaitear i bpointí (a) go (c) d'Airteagal 2.

4. I gcás go gcuirfidh [cuir isteach ainm BC] rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí nó go ndéanfaidh sé an rannpháirtíocht sin a fhoirceannadh faoi mhíreanna 1 nó 2, cuirfidh [cuir isteach ainm BC] na BCanna eile agus sealbhóirí cuntais PM i ngach ceann de chórais chomhpháirteanna de TARGET ar an eolas gan mhoill mhíchuí – trí bhíthin teachtaireacht craolta, faoin bhfionraí nó faoin bhfoirceannadh sin. Measfar gur eisíodh an teachtaireacht sin ó BC baile an rannpháirtí faoi seach.

5. A luaithe a gheobhaidh na rannpháirtithe teachtaireacht a eisítear faoi mhír 4, measfar go bhfuil siad curtha ar an eolas faoi fhoirceannadh/fhionraí rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET- [cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET. Íocfaidh na rannpháirtithe aon chaillteanais a eascróidh as ordú aistrithe airgid a chur isteach chuig rannpháirtithe a bhfuil a rannpháirtíocht curtha ar fionraí nó a fhoirceannadh má rinneadh an t-ordú aistrithe airgid sin i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] tar éis an teachtaireacht a fháil.

Airteagal 26

Cuntais TARGET a dhúnadh ag [cuir isteach ainm BC] ar an rannpháirtíocht a fhoirceannadh

Ar fhoirceannadh rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] de bhun Airteagal 24 nó Airteagal 25, dúnfaidh [cuir isteach ainm BC] cuntais TARGET an rannpháirtí lena mbaineann, tar éis dó aon orduithe aistrithe airgid scuaine a shocrú nó a dhiúltú, agus úsáid a bhaint as a chearta gealltáin agus fritháirimh faoi Airteagal 27.

Airteagal 27

Cearta gealltáin agus fritháirimh [cuir isteach ainm BC]

1. [Cuir isteach más infheidhme: Beidh gealltán ag [cuir isteach ainm BC] maidir le hiarmhéideanna creidmheasa an rannpháirtí atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí ar a chuntais TARGET, agus ar an gcaoi sin déanann sé aon éileamh reatha agus aon éileamh sa todhchaí a eascróidh as an gcaidreamh dlíthiúil idir na páirtithe a chomhthaobhú]

(a) [cuir isteach más infheidhme: Aistreofar éilimh rannpháirtí atá ann cheana agus a bheidh ann i leith [cuir isteach ainm BC] agus a eascróidh as iarmhéid creidmheasa ar an gcuntas TARGET chuig [cuir isteach ainm BC] mar chomhthaobhacht, i.e. mar aistriú muiníneach, le haghaidh aon éilimh [cuir isteach ainm BC] atá ann cheana nó a bheidh ann i gcoinne an rannpháirtí a éiríonn as an [cuir isteach tagairt don socrú a chuireann na Coinníollacha seo chun feidhme]. Bunófar an chomhthaobhacht sin toisc na cistí a bheith curtha chun sochair do chuntais TARGET an rannpháirtí agus dá thoisc sin amháin.]

(b) [Cuir isteach más infheidhme: Beidh muirear foluaineach ag [cuir isteach ainm BC] thar iarmhéideanna creidmheasa an rannpháirtí atá ann cheana nó a bheidh ann ar a chuntais TARGET, agus ar an gcaoi sin déanfaidh sé aon éilimh atá ann cheana nó a bheidh ann agus a eascróidh as an gcaidreamh dlíthiúil idir na páirtithe, a chomhthaobhú.]

2. [Cuir isteach más infheidhme: Beidh an ceart dá dtagraítear i mír 1 ag [cuir isteach ainm BC] fiú mura bhfuil a éilimh ach teagmhasach nó mura bhfuil siad dlite fós.]

3. [Cuir isteach más infheidhme: Admhaíonn an rannpháirtí leis seo, ag gníomhú dó ina cháil mar shealbhóir cuntas TARGET, gealltán a chruthú i bhfabhar [cuir isteach ainm BC], ar osclaíodh an cuntas sin leis; is éard a bheidh san admháil seo soláthar sócmhainní atá curtha in ngeall do [cuir isteach ainm BC] dá dtagraítear faoin dlí [cuir isteach aidiacht náisiúnta ábhartha]. Geallfar go neamh-inchúlghairthe, agus gan aon teorainn, aon mhéideanna a íoctar isteach i gcuntais TARGET a bhfuil a n-iarmhéid curtha i ngeall toisc gur íocadh isteach iad agus toisc sin amháin, mar urrús comhthaobhachta chun na hoibleagáidí urraithe a chomhlíonadh go hiomlán.]

4. Nuair a tharlaíonn:

(a) teagmhas mainneachtana, dá dtagraítear in Airteagal 25(1); nó

(b) aon teagmhas mainneachtana eile nó aon teagmhas dá dtagraítear in Airteagal 25(2) as ar eascair foirceannadh nó fionraí rannpháirtíocht an rannpháirtí, d'ainneoin tús a bheith curtha le haon imeachtaí dócmhainneachta i leith rannpháirtí agus d'ainneoin aon sanndh, astú breithiúnach nó astú eile nó diúscairt chearta an rannpháirtí nó diúscairt ina leith, cuirfidh dlús láithreach agus uathoibríoch le gach oibleagáid atá ag an rannpháirtí,

gan fhógra roimh ré agus gan gá le ceadú roimh ré ó aon údarás, ionas go mbeidh sé dlite láithreach. Ina theannta sin, déanfar oibleagáidí frithpháirteacha an rannpháirtí agus [cuir isteach ainm BC] a fhritháireamh go huathoibríoch i gcoinne a chéile, agus íocfaidh an páirtí a bhfuil an méid féichiúnais is airde aige an difríocht leis an bpáirtí eile.

5. Tabharfaidh [cuir isteach ainm BC] fógra go pras don rannpháirtí faoi aon fhritháireamh de bhun mhír 4 tar éis don fhritháireamh sin a bheith déanta.

6. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] gan fógra roimh ré dochar a dhéanamh do chuntas TARGET an rannpháirtí de mhéid ar bith a dhlíonn an rannpháirtí do [cuir isteach ainm BC] agus a eascraíonn as an gcaidreamh dlíthiúil idir an rannpháirtí agus [cuir isteach ainm BC].

7. Ní dhéanfaidh forálacha an Airteagail seo aon cheart, gealltán, muirear éilimh nó cuntais fritháirimh a chruthú a leith cuntais TARGET seo a leanas a úsáideann AS:

(a) cuntais TARGET a úsáidtear de réir na nósanna imeachta socraíochta AS faoi Chuid VI nó faoi Chuid VII;

(b) cuntais TARGET arna sealbhú ag AS faoi Chodanna II go V, i gcás nach leis an AS na cistí a choinnítear sna cuntais sin ach go gcoinnítear iad thar ceann a gcustaiméirí nó go n-úsáidtear iad chun orduithe aistrithe airgid a shocrú thar ceann a gcustaiméirí.

Airteagal 28

Rúndacht

1. Coinneoidh [cuir isteach ainm BC] gach faisnéis íogair nó rúnda faoi rún, lena n-áirítear nuair a bhaineann an fhaisnéis sin le híocaíocht, faisnéis theicniúil nó eagraíochtúil an rannpháirtí, rannpháirtithe ón ngrúpa céanna nó chustaiméirí an rannpháirtí, mura rud é gur thug an rannpháirtí nó a chustaiméir thoiliú i scríbhinn leis an bhfaisnéis sin a nochtadh [cuir isteach an frása seo a leanas más infheidhme faoin dlí náisiúnta: nó mura rud é go bhfuil nochtadh den sórt sin ceadaithe nó riachtanach faoin dlí [cuir isteach aidiacht a bhaineann le hainm tíre].

2. De mhaolú ar mhír 1, aontaíonn an rannpháirtí nach measfar gur faisnéis faoi rún í, faisnéis um aon ghníomh a dhéantar faoi Airteagal 25.

3. De mhaolú ar mhír 1, aontaíonn an rannpháirtí go bhféadfaidh [cuir isteach ainm BC] faisnéis íocaíochta, theicniúil nó eagraíochtúil maidir leis an rannpháirtí, rannpháirtithe ón ngrúpa céanna nó custaiméirí an rannpháirtí a fuarthas le linn oibriú TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a nochtadh do:

(a) BCanna eile nó tríú páirtithe a bhfuil baint acu le hoibriú TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre], a mhéid is gá chun feidhmiú éifeachtach TARGET nó chun faireachán a dhéanamh ar risíocht an rannpháirtí nó a ghrúpa baincéireachta;

(b) BCanna eile d'fhonn na hanailísí is gá a dhéanamh ar oibríochtaí margaidh, feidhmeanna beartais airgeadaíochta, cobhsaíocht airgeadais nó comhtháthú airgeadais; nó

(c) údaráis mhaoirseachta, réitigh agus formhaoirseachta na mBallstát agus an Aontais, lena n-áirítear BCanna, a mhéid is gá sin chun a gcúraimí poiblí a chomhlíonadh,

agus ar choinníoll nach bhfuil sé neamhréir leis an dlí is infheidhme.

4. Ní bheidh [cuir isteach ainm BC] faoi dhliteanas as iarmhairtí airgeadais agus tráchtála an nochta a dhéanfar i gomhréir le mír 3.

5. De mhaolú ar mhír 1 agus ar choinníoll nach féidir leis sin, cibé acu go díreach nó go hindíreach, an rannpháirtí nó custaiméirí an rannpháirtí a shainaithint, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] faisnéis íocaíochta a úsáid, a nochtadh nó a fhoilsiú maidir leis an rannpháirtí nó le custaiméirí an rannpháirtí chun críocha staidrimh, staire, eolaíochta nó chun críocha eile i bhfeidhmiú a fheidhmeanna poiblí nó feidhmeanna eintiteas poiblí eile a nochtar an fhaisnéis dóibh.

6. Ní féidir faisnéis a bhaineann le hoibriú TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a raibh rochtain ag rannpháirtithe uirthi, a úsáid ach chun na gcríoch atá leagtha síos sna Coinníollacha seo. Coinneoidh na rannpháirtithe an fhaisnéis sin faoi rún, mura rud é gur thug [cuir isteach ainm BC] a thoiliú i scríbhinn le nochtadh. Cinnteoidh na rannpháirtithe go mbeidh aon tríú páirtithe a ndéanann siad cúraimí a eisfhoinsiú, a tharmligean nó a ligean ar fhochonradh dóibh, agus a bhfuil nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíonadh oibleagáidí na bpáirtithe faoi na Coinníollacha seo, faoi cheangal ag na ceanglais rúndachta san Airteagal seo.

7. Údarófar [cuir isteach ainm BC], d'fhonn orduithe aistrithe airgid a shocrú, na sonraí riachtanacha a phróiseáil agus a aistriú chuig an NSP.

Airteagal 29

Cosaint sonraí, sciúradh airgid a chosc, bearta riaracháin nó sriantacha agus saincheisteanna gaolmhara

1. Measfar go bhfuil rannpháirtithe ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí go léir a bhaineann le reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí go léir orthu a bhaineann leis an reachtaíocht sin agus beidh siad in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint do na húdaráis inniúla. Measfar go bhfuil na rannpháirtithe ar an eolas faoina n-oibleagáidí go léir a bhaineann le reachtaíocht maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, gníomhaíochtaí núicléacha atá leathadh-íogair agus forbairt na gcóras seachadta arm núicléach, agus comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí uile sin, go háirithe i dtéarmaí bearta iomchuí a chur chun feidhme maidir le haon íocaíochtaí a chuirtear do dhochar nó do shochar a gcuntais TARGET. Cinnteoidh na rannpháirtithe go gcuirfear ar an eolas iad faoi bheartas aisghabhála sonraí a NSP roghnaithe sula dtéann siad i mbun an chaidrimh chonarthaigh leis an NSP.

2. Údaraíonn na rannpháirtithe do [cuir isteach ainm BC] aon fhaisnéis a bhaineann leo a fháil ó aon údarás airgeadais nó maoirseachta nó comhlacht trádála, cibé acu náisiúnta nó eachtrannach é, más gá an fhaisnéis sin chun go mbeidh an rannpháirtí rannpháirteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre].

3. Comhlíonfaidh na rannpháirtithe, agus iad ag gníomhú mar sholáthraí seirbhíse íocaíochta íocóra nó íocaí, na ceanglais go léir a eascróidh as bearta riaracháin nó sriantacha a fhorchuirtear de bhun Airteagal 75 nó Airtegal 215 den Chonradh agus a bhfuil siad faoina réir, lena n-áirítear iad siúd maidir le fógra agus/nó cead a fháil ó údarás inniúil i ndáil le hidirbhearta a phróiseáil. Ina theannta sin:

(a) nuair is é [cuir isteach ainm BC] soláthraí seirbhíse íocaíochta rannpháirtí ar íocóir é:

(i) tabharfaidh an rannpháirtí an fógra riachtanach nó gheobhaidh sé toiliú thar ceann an bhainc ceannais a éilítear go príomha fógra a thabhairt nó toiliú a fháil, agus soláthróidh sé fianaise do [cuir isteach ainm BC] gur thug sé fógra nó go bhfuair sé toiliú;

(ii) ní dhéanfaidh an rannpháirtí aon ordú aistrithe airgid chun cistí a aistriú chuig cuntas atá i seilbh eintitis nach é an rannpháirtí é, isteach i TARGET go dtí go bhfaighidh sé deimhniú ó [cuir isteach ainm BC] gur tugadh an fógra riachtanach nó go bhfuair soláthróir seirbhíse íocaíochta an íocaí an toiliú nó go bhfuarthas é thar a cheann;

(b) nuair is [cuir isteach ainm BC] soláthraí seirbhíse íocaíochta rannpháirtí ar íocaí é, tabharfaidh an rannpháirtí an fógra riachtanach nó gheobhaidh sé toiliú thar ceann an bhainc ceannais a éilítear go príomha chun fógra a thabhairt nó toiliú a fháil, agus déanfaidh sé fianaise a sholáthar don [cuir isteach ainm BC] go ndearna sé fógra nó go bhfuair sé toiliú.

Chun críocha na míre seo, beidh leis na téarmaí "soláthraí seirbhíse íocaíochta", "íocóir" agus "íocaí" na bríonna a shanntar dóibh sna bearta riaracháin nó sriantacha is infheidhme.

Airteagal 30

Fógraí

1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sna Coinníollacha seo, seolfar gach fógra a éilítear nó a cheadaítear de bhun na gCoinníollacha seo leis an bpost cláraithe, leis an fhacsamhail, trí mhodhanna leictreonacha, má chomhaontaítear é sin go déthaobhach nó ar shlí eile i scríbhinn. Cuirfear fógraí do [cuir isteach ainm BC] faoi bhráid cheann na [cuir isteach roinn na gcóras íocaíochta nó an t-aonad ábhartha BC] de [cuir isteach ainm BC], [cuir seoladh ábhartha BC san áireamh] nó chuig [cuir isteach seoladh BIC an BC]. Seolfar fógraí chuig an rannpháirtí ag an seoladh, an uimhir facs nó a sheoladh BIC de réir mar a thugann an rannpháirtí le fios ó am go ham don [cuir isteach ainm BC] iad.

2. Chun a chruthú gur seoladh fógra, is leor a chruthú gur seoladh an fógra go fisiciúil nó go leictreonach chuig an seolaí ábhartha

3. Scríobhfar gach fógra i [cuir isteach an teanga náisiúnta ábhartha agus/nó i "mBéarla"].

4. Beidh na rannpháirtithe faoi cheangal ag gach foirm agus doiciméad [cuir isteach ainm BC] a líon agus/nó a shínigh siad, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'fhoirmeacha bailithe sonraí tagartha, dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a), agus faisnéis arna soláthar faoi Airteagal 11(54), a cuireadh isteach de réir mhíreanna 1 agus 2 agus a gcreideann [cuir isteach ainm BC] le réasún a fuarthas ó na rannpháirtithe, a bhfostaithe nó a ngníomhairí.

Airteagal 31

Caidreamh conarthach le NSP

1. D'fhonn treoracha agus teachtaireachtaí a sheoladh chuig nó a fháil ó TARGET, caithfidh rannpháirtithe:

(a) conradh a thabhairt i gcrích le NSP faoi chuimsiú an chonartha lamháltais leis an NSP sin d'fhonn nasc teicniúil a bhunú le TARGET [cuir isteach tagairt BC/tíre]; nó

(b) nasc a dhéanamh trí aonán eile a chuir conradh é féin le NSP i gcrích faoi chuimsiú a chonartha lamháltais leis an NSP sin.

2. Beidh an caidreamh dlíthiúil idir rannpháirtí agus an NSP á rialú go heisiach ag téarmaí agus coinníollacha an chonartha a tugadh i gcrích eatarthu.

3. Ní bheidh na seirbhísí atá le soláthar ag NSP mar chuid de na seirbhísí a bheidh le déanamh ag [cuir isteach ainm BC] i leith TARGET.

4. Ní bheidh [cuir isteach ainm BC] faoi dhliteanas as aon ghníomhartha, earráidí nó easnaimh de chuid NSP (lena n-áirítear a stiúrthóirí, a fhoireann agus a fhochonraitheoirí) nó as aon ghníomhartha, earráidí nó easnaimh tríú páirtithe a roghnaíonn rannpháirtithe chun rochtain a fháil ar líonra NSP.

Airteagal 32

Nós Imeachta leasuithe

Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] na Coinníollacha seo, lena n-áirítear na Foscríbhinní, a leasú go haontaobhach. Fógrófar leasuithe ar na Coinníollacha seo, lena n-áirítear na Foscríbhinní, trí [cuir isteach modh ábhartha fógartha]. Measfar gur glacadh le leasuithe mura ndéanann an rannpháirtí agóid go sainráite laistigh de 14 lá tar éis dó a bheith curtha ar an eolas faoi na leasuithe sin. Sa chás go ndéanann an rannpháirtí agóid in aghaidh an leasaithe, tá an [cuir isteach ainm BC] i dteideal rannpháirtíocht an rannpháirtí sin i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a fhoirceannadh agus aon cheann dá chuntais TARGET a dhúnadh.

Airteagal 33

Cearta tríú páirtithe

1. Ní dhéanfaidh rannpháirtithe aon chearta, leasanna, oibleagáidí, freagrachtaí nó éilimh a eascróidh as na Coinníollacha seo nó a bhaineann leo a aistriú, a gheallúint nó a shannadh do thríú páirtí ar bith gan toiliú i scríbhinn ón [cuir isteach ainm BC].

2. Ní chruthaíonn na Coinníollacha seo aon chearta i bhfabhar nó aon oibleagáidí i ndáil le haon eintiteas seachas [cuir isteach ainm BC] agus rannpháirtithe i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre].

Airteagal 34

Dlí rialaithe, dlínse agus ionad feidhmíochta

1. Beidh an caidreamh déthaobhach idir an [cuir isteach ainm BC] agus rannpháirtithe i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] faoi rialú ag an dlí [cuir isteach aidiacht a bhaineann le hainm na tíre].

2. Gan dochar d'inniúlacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tagann aon díospóid a eascraíonn as ábhar a bhaineann leis an gcaidreamh dá dtagraítear i mír 1 faoi inniúlacht eisiach na gcúirteanna inniúla [cuir isteach áit shuíochán an BC].

3. Is é [cuir isteach áit shuíochán BC] an t-ionad feidhmíochta maidir leis an gcaidreamh dlíthiúil idir [cuir isteach tagairt do BC] agus na rannpháirtithe.

Airteagal 35

Inscoiteacht

Má tá nó má éiríonn aon fhoráil sna Coinníollacha seo neamhbhailí, ní dhéanfaidh sin dochar d'infheidhmeacht fhorálacha eile na Coinníollacha seo.

Airteagal 36

Teacht i bhfeidhm agus nádúr ceangailteach

1. Tiocfaidh na Coinníollacha seo i bhfeidhm ón [cuir isteach an dáta ábhartha].

2. [Cuir isteach más iomchuí faoin dlí náisiúnta ábhartha: Trí iarraidh a bheith rannpháirteach i TARGET- cuir isteach tagairt BC/tíre] aontaíonn rannpháirtithe iarrathacha go huathoibríoch leis na Coinníollacha seo eatarthu féin agus maidir le [cuir isteach ainm BC].]

CUID II

Téarmaí agus coinníollacha speisialta do phríomh-chuntais airgid (MCAS)

Airteagal 1

Oscailt agus bainistiú MCA

1. Osclóidh agus oibreoidh [cuir isteach ainm BC] cuntas MCA amháin ar a laghad do gach rannpháirtí ach amháin i gcás gur AS an rannpháirtí nach n-úsáideann ach nósanna imeachta socraíochta RTGS nó AS TIPS, agus sa chás sin is faoi rogha an AS a bheidh úsáid MCA.

2. Chun críche oibríochtaí beartais airgeadaíochta a shocrú mar atá leagtha amach in [cuir isteach tagairt don doiciméadacht Ghinearálta], agus chun úis ó oibríochtaí den sórt sin a shocrú, ainmneoidh an rannpháirtí MCA príomha a shealbhaítear i [cuir isteach ainm BC].

3. Úsáidfear an MCA príomha a ainmneofar i gcomhréir le mír 2 chun na críocha seo a leanas:

(a) luach saothair mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 12, mura rud é go bhfuil rannpháirtí eile i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ainmnithe ag an rannpháirtí chun na críche sin;

(b) deonú creidmheasa idirlae nuair is infheidhme.

4. Ní bheidh aon iarmhéid diúltach ar MCA príomha níos ísle ná an líne creidmheasa (má dheonaítear é). Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar MCA nach MCA príomha é.

Airteagal 2

Comhbhainistíú MCA

1. Ar iarraidh ó shealbhóir MCA, ligfidh [cuir isteach ainm BC] do MCA atá i seilbh an tsealbhóra MCA sin á chomhbhainistiú ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) sealbhóir MCA eile i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre];

(b) sealbhóir MCA i gcóras comhpháirte eile de TARGET;

(c) [cuir isteach ainm BC] más infheidhme].

Má tá níos mó ná MCA amháin ag sealbhóir an MCA, féadfaidh gach MCA a shealbhaítear á chomhbhainistiú ag comhbhainisteoir difriúil.

Beidh na cearta agus na pribhléidí céanna ag an gcomhbhainisteoir maidir le MCA a chomhbhainistíonn sé agus atá aige maidir lena MCA féin.

2. Soláthróidh sealbhóir an MCA fianaise do [cuir isteach ainm BC] maidir le toiliú an chomhbhainisteora chun gníomhú sa cháil sin. [*Le cuir isteach má úsáidtear 1(c)* - Ní bheidh gá le fianaise den sórt sin maidir le toiliú chun gníomhú i gcás gurb é an comhbhainisteoir [cuir isteach ainm BC]

3. Comhlíonfaidh sealbhóir MCA atá ag gníomhú mar chomhbhainisteoir oibleagáidí shealbhóir MCA an MCA comhbhainistithe faoi Chuid I, Airteagal 5(1), pointe (a)(i), Cuid I, Airteagal 10(4), agus Cuid I, Airteagal 31(1).

4. Comhlíonfaidh sealbhóir MCA MCA comhbhainistithe oibleagáidí rannpháirtí faoi Chuid I agus Cuid II i leith an MCA comhbhainistithe. Sa chás nach bhfuil nasc díreach teicniúil ag sealbhóir an MCA le TARGET, ní bheidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 5(1), pointe (a)(i), Cuid I, Airteagal 10(4), agus Cuid I, Airteagal 31(1).

5. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 7 maidir le sealbhóir aerárthach lag-chomhlíontach a ainmneoidh eintiteas chun gníomhú mar chomhbhainisteoir ar aerárthach lag-chomhlíontach de bhun an Airteagail seo.

6. Tabharfaidh sealbhóir an MCA fógra [láithreach] don [cuir isteach ainm BC] má scoireann an comhbhainisteoir de ghníomhú nó má chuirtear deireadh leis an socrú comhbhainistíochta idir sealbhóir an MCA agus an comhbhainisteoir.

Airteagal 3

Grúpa aistrithe leachtachta MCA

1. Ar iarratas ó shealbhóir MCA, cruthóidh [cuir isteach ainm BC] grúpa aistrithe leachtachta MCA, chun próiseáil orduithe aistrithe leachtachta MCA-go-MCA a chumasú.

2. Ar iarratas ó shealbhóir MCA cuirfidh [cuir isteach ainm BC] ceann de MCAnna shealbhóir an MCA le nó scriosfaidh sé é ó ghrúpa aistrithe leachtachta MCA atá ann cheana a cruthaíodh i TARGET-[cuir isteach tagairt Bc/tíre] nó córas comhpháirte eile de TARGET. Cuirfidh sealbhóir an MCA gach sealbhóir MCA eile sa ghrúpa aistrithe leachtachta MCA sin ar an eolas sula ndéanfaidh sé iarratas den chineál sin.

Airteagal 4

Idirbhearta arna bpróiseáil trí MCA

1. Déantar na hidirbhearta seo a leanas a phróiseáil trí MCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre):

(a) oibríochtaí bainc ceannais;

(b) orduithe aistrithe leachtachta chuig agus ó chuntais taisce thar oíche arna n-oscailt ag [cuir isteach ainm BC] in ainm an rannpháirtí;

(c) orduithe aistrithe leachtachta chuig MCA eile laistigh den ghrúpa aistrithe leachtachta MCA céanna;

(d) orduithe aistrithe leachtachta chuig DCA T2S, DCA TIPS nó DCA RTGS, nó chuig fochuntas de.

2. Déantar an t-idirbheart seo a leanas a phróiseáil trí MCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre):

(a) [cuir isteach más gá [orduithe aistrithe airgid a eascraíonn as lóisteálacha agus aistarraingtí.]]

Airteagal 5

Orduithe aistrithe leachtacha

1. Féadfaidh sealbhóir MCA orduú aistrithe leachtachtach a chur isteach mar cheann de na orduithe aistrithe leachtacha seo a leanas:

(a) ordú aistrithe leachtachta láithreach, ar treoir é maidir le forghníomhú láithreach;

(b) buanordú aistrithe leachtachta, a bheidh ina threoir chun méid aistrithe sonraithe a fhorghníomhú go athfhillteach nuair a tharlaíonn teagmhas réamhshainithe gach lá gnó.

Airteagal 6

Orduithe aistrithe leachtacha riailbhunaithe

1. Féadfaidh sealbhóir MCA íosteorainn agus/nó uasteorainn a shonrú le haghaidh a MCA

2. Trí uasteorainn a shocrú agus ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a roghnú, más rud é, tar éis ordú íocaíochta a shocrú, go sáraítear an uasteorainn, tugann sealbhóir an MCA treoir do [cuir isteach ainm BC] ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a fhorghníomhú a thugann creidmheas do DCA RTGS nó MCA eile arna ainmniú ag an sealbhóir MCA sin agus atá laistigh den ghrúpa aistrithe leachtachta MCA céanna. Féadfaidh an DCA RTGS nó MCA creidiúnaithe bheith i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile deTARGET.

3. Trí uasteorainn a shocrú agus ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a roghnú, más rud é, tar éis ordú íocaíochta a shocrú, go sáraítear an íosteorainn, tionscnaítear ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a chuireann dochair do DCA RTGS nó MCA eile arna ainmniú ag an sealbhóir MCA sin agus atá laistigh den ghrúpa aistrithe leachtachta MCA céanna. Féadfaidh an DCA RTGS nó MCA atá le cur do dhochar bheith i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET. Caithfidh sealbhóir an DCA RTGS nó an MCA atá le cur do dhochar a údarú go ndéanfar a chuntas a chur do dhochar ar an mbealach seo.

4. Féadfaidh sealbhóir MCA a MCA a údarú le bheith curtha do dhochar i gcás go sáraítear íosteorainn i gceann amháin nó níos mó de DCAnna RTGS nó MCAnna sonraithe atá laistigh den ghrúpa aistrithe leachtachta céanna i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET. Trí údarú a thabhairt a chuntas a bheith curtha do dhochar, tugann sealbhóir an MCA treoir do [cuir isteach ainm BC] ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a fhorghníomhú lena tugtar creidmheas do DCA(nna) RTGS nó MCA(nna) aon uair a sháraítear an íosteorainn.

5. i gcás nach bhfuil go leor leachtacha ar DCA RTGS arna ainmniú chun críche orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe faoi Chuid III, Airteagal 1(5) agus (6), féadfaidh sealbhóir MCA a MCA a údarú le bheith curtha do dhochar chun orduithe íocaíochta práinneacha, orduithe aistrithe AS nó orduithe íocaíochta ardtosaíochta a shocrú. Trí údarú a thabhairt a chuntas a bheith curtha do dhochar, tugann sealbhóir an MCA treoir do [cuir isteach ainm BC] ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a fhorghníomhú lena tugtar creidmheas dona DCA RTGS.

Airteagal 7

Orduithe forchoimeádas leachtachta

1. Nuair a ghlacfar le horduithe aistrithe airgid, socrófar láithreach iad ar choinníoll go bhfuil leachtacht ar fáil ar MCA an íocóra.

2. Sa chás nach bhfuil go leor airgid ar MCA chun socraíocht a chur i bhfeidhm, beidh feidhm ag an riail ábhartha mar atá leagtha amach i bpointí (a) go (e) [ag brath ar chineál an ordaithe aistrithe airgid]

(a) Ordú íocaíochta ar an MCA: diúltófar don treoir má thionscnaíonn an [cuir isteach ainm BC] é agus spreagfadh sé athrú ar líne creidmheasa idirlae an rannpháirtí agus dochair nó chreidmheas comhfhreagrach dá MCA. Ciúálfar gach treoir eile.

(b) Ordú aistrithe leachtachta láithreach: diúltófar don ordú gan socraíocht páirteach nó aon iarracht bhreise é a shocrú.

(c) Buan-ordú aistrithe leachtachta : socrófar an t-ordú go páirteach gan aon iarracht eile é a shocrú.

(d) Ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe: socrófar an t-ordú go páirteach gan aon iarracht bhreise é a shocrú.

(e) Ordú aistrithe leachtachta chuig cuntas taisce thar oíche: diúltófar don ordú gan socrú páirteach nó aon iarracht bhreise é a shocrú.

3. Próiseálfar gach ordú aistrithe airgid sa chiú de réir an phrionsabail "is túisce isteach is túisce amach" (FIFO) gan tosaíocht nó athordú a dhéanamh.

4. Diúltófar d'orduithe aistrithe airgid sa chiú ag deireadh an lae gnó.

Airteagal 8

Orduithe Leachtachta

1. Féadfaidh sealbhóir MCA treoir a thabhairt do [cuir isteach ainm BC] méid sonraithe leachtachta a fhorchoimeád ar a MCA chun oibríochtaí bainc cheannais nó orduithe aistrithe leachtachta chuig cuntais taisce thar oíche a shocrú ag baint úsáide as ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) ordú cúl-leachtachta reatha a mbeidh éifeacht láithreach aige don lá gnó TARGET reatha;

(b) buanordú cúl-leachtachta a bheidh le déanamh ag tús gach lá gnó TARGET.

2. Sa chás nach leor an méid leachtachta nach cúl-leachtacht í chun an t-ordú cúl-leachtachta reatha nó buan a chomhlíonadh, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] an ordú cúl-leachtacht go páirteach. Tugtar treoir do [cuir isteach ainm BC] tuilleadh orduithe cúl-leachtachta a fhorghníomhú go dtí go sroichfear an méid neamhíoctha a fhorchoimeád. Déanfar orduithe cúl-leachtachta atá ar feitheamh a dhiúltú ag deireadh an lae gnó.

3. Socrófar oibríochtaí bainc ceannais ag baint úsáide as an cúl-leachtacht mar atá leagtha amach i mír 1 agus ní shocrófar orduithe aistrithe airgid eile ach amháin trí úsáid a bhaint as leachtacht atá ar fáil tar éis an méid a fhorchoimeádtar a asbhaint.

4. D'ainneoin mhír 2, i gcás nach leor leachtacht nach cúl-leachtacht í ar phríomh-MCA shealbhóir an MCA chun líne creidmheasa ionlae shealbhóir an MCA a laghdú, úsáidfidh [cuir isteach ainm BC] an cúl-leachtacht.

Airteagal 9

Próiseáil orduithe aistrithe airgid i gcás fionraí nó foirceanta

1. Ar fhoirceannadh rannpháirtíocht rannpháirtí i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre], ní ghlacfaidh [cuir isteach ainm BC] le haon orduithe nua aistrithe airgid ón rannpháirtí sin. Diúltófar d'orduithe aistrithe airgid sa chiú, d'orduithe aistrithe airgid stórasaithe nó d'orduithe nua aistrithe airgid i bhfabhar an rannpháirtí sin.

2. Má chuirtear rannpháirtí ar fionraí ó TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fhorais seachas na forais a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), stórálfaidh an [cuir isteach ainm BC] gach ceann d'orduithe aistrithe airgid isteach agus amach ar MCA an rannpháirtí sin agus gan iad a thíolacadh le haghaidh socraíochta ach amháin tar éis do BC an rannpháirtí fionraithe glacadh leo go sainráite.

3. Má chuirtear rannpháirtí ar fionraí ó TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar na forais a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), ní phróiseálfar aon orduithe aistrithe airgid amach ó MCA an rannpháirtí sin ach ar threoracha a ionadaithe, lena n-áirítear iad siúd arna gceapadh ag údarás inniúil nó ag cúirt, mar riarthóir dócmhainneachta an rannpháirtí, nó de bhun cinnidh infhorghníomhaithe ó údarás inniúil nó ó chúirt lena soláthraítear treoracha maidir leis an gcaoi a ndéanfar na horduithe aistrithe airgid a phróiseáil. Próiseálfar gach orduithe aistrithe airgid isteach i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 10

Eintitis atá incháilithe le haghaidh creidmheas ionlae

1. Soláthróidh [cuir isteach ainm BC] creidmheas ionlae d'institiúidí creidmheasa a bunaíodh san Aontas nó sa LEE agus atá ina gcontrapháirtithe incháilithe d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais, agus a bhfuil rochtain acu ar an saoráid iasachta imeallach agus a bhfuil cuntas acu leis an BCN ábhartha an limistéir euro, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn na hinstitiúidí creidmheasa sin trí bhrainse a bunaíodh san Aontas nó sa LEE agus lena n-áirítear freisin brainsí a bunaíodh san Aontas nó sa LEE d'institúidí creidmheasa a bunaítear lasmuigh de LEE, ar choinníoll go mbunaítear brainsí den sórt sin sa tír chéanna le BCN ábhartha an limistéir euro. Ní féidir creidmheas ionlae a sholáthar d'entitis atá faoi réir bearta sriantacha arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó ag na Ballstáit de bhun Airteagal 65(1)(b), Airteagal 75 nó Airteagal 215 den Conradh, a bhfuil a gcur chun bhfeidhme, dar le [cuir isteach ainm BC] tar éis an BCE a chur ar an eolas, neamh-chomhoiriúnach le feidhmiú rianúil TARGET.

2. Féadfaidh [cuir isteach ainm BCN] creidmheas idirlae a dheonú do na heintitis seo a leanas freisin:

(a) institiúidí creidmheasa a bunaíodh san Aontas nó sa LEE nach contrapháirtithe incháilithe iad le haghaidh oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais agus/nó nach bhfuil rochtain acu ar an tsaoráid iasachta imeallach, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn siad trí bhrainse a bunaíodh san Aontas nó sa LEE agus lena n-áirítear brainsí a bunaíodh san Aontas nó sa LEE d'institiúidí creidmheasa a bhunaítear lasmuigh den LEE;

(b) ranna cisteáin rialtais láir nó réigiúnacha na mBallstát agus comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát atá údaraithe chun cuntais a choinneáil do chustaiméirí;

(c) institúidí creidmheasa a bunaíodh san Aontas nó sa LEE, ar choinníoll go bhfuil socrú curtha i gcrích acu le rannpháirtí a bhfuil rochtain aige ar chreidmheas idirlae, mar a leagtar amach i mhír 1 thuas, chun a chinntiú go gcumhdófar aon staid dochair iarmharaigh ag deireadh an lae ábhartha; agus

(d) eintitis seachas iad siúd a thagann faoi phointe (a) a bhainistíonn AS agus a ghníomhaíonn sa cháil sin;

ar choinníoll, sna cásanna a shonraítear i bpointí (b) go (d), go mbunaítear an t-eintiteas a fhaigheann creidmheas ionlae sa dlínse chéanna le [cuir isteach ainm an BC].

3. Ní féidir creidmheas ionlae a dheonú ach ar laethanta gnó TARGET.

4. Maidir leis na heintitis a luaitear i mír 2(b) go (d), agus i gcomhréir le [cuir insteach forálacha náisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm Airteagal 19 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)], beidh creidmheas idirlae teoranta don lá a dheonaithe agus ní fhéadfar aon síneadh creidmheasa thar oíche a fháil.

5. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] rochtain ar an tsaoráid chreidmheasa thar oíche a sholáthar do CPLanna incháilithe áirithe,faoi raon feidhme Airteagail 139(2)(c) den Chonradh i gcomhar le hAirteagail 18 agus 42 de Reacht an CEBC agus [cuir isteach forálacha náisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm Airteagal 1(1) de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)]. Is CPLanna incháilithe iad siúd, ag gach tráth iomchuí:

(a) atá ina n-eintitis incháilithe chun críocha mhír 2(d), ar choinníoll freisin go bhfuil na heintitis incháilithe sin údaraithe mar CPLanna de réir reachtaíocht an Aontais is infheidhme nó an reachtaíochta náisiúnta is infheidhme;

(b) atá bunaithe i limistéar an euro;

(c) a bhfuil rochtain acu ar chreidmheas ionlae.

6. Beidh gach creidmheas thar oíche a dheonófar do CPLanna incháilithe faoi réir théarmaí an Airteagail seo agus Airteagal 11 agus 12 (lena n-áirítear na forálacha maidir le comhthaobhacht incháilithe).

7. Beidh feidhm ag na smachtbhannaí dá bhforáiltear i míreanna 12 agus 11 nuair a mhainníonn CPLanna incháilithe an creidmheas thar oíche a thug a BCN dóibh a aisíoc.

Airteagal 11

Comhthaobhacht incháilithe le haghaidh creidmheasa idirlae

Beidh creidmheas ionlae bunaithe ar chomhthaobhacht incháilithe. Beidh comhthaobhacht incháilithe comhdhéanta de na sócmhainní céanna atá incháilithe le húsáid in oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais, agus beidh sí faoi réir na rialacha céanna maidir le luach agus riosca a rialú leo siúd atá leagtha síos i [cuir insteach forálacha náisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm Cuid a Ceathair de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)].

Airteagal 12

Nós imeachta síneadh creidmheasa le haghaidh creidmheasa idirlae

1. Soláthrófar creidmheas ionlae saor ó ús.

2. Measfar go huathoibríoch gur iarraidh ón eintiteas leas a bhaint as an tsaoráid iasachta imeallach mainneachtain eintitis dá dtagraítear i Airteagal 10( ) an creidmheas ionlae a aisíoc ag deireadh an lae. Má tá DCA ag eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 10(1), cuirfear aon iarmhéid deiridh lae ar a DCA(nna) san áireamh chun méid an leasa is féidir an t-eintiteas a bhaint as an tsaoráid iasachta imeallach uathoibríoch a ríomh. Ní spreagfaidh sé seo aon scaoileadh coibhéiseach sócmhainní arna réamh-thaisceadh mar chomhthaobhacht don bhunchreidmheas ionlae gan íoc.

3. Má mhainníonn eintiteas dá dtagraítear i Airteagal 10(),(b), (d) nó (Is ionann D) an creidmheas ionlae a aisíoc ag deireadh an lae ar chúis ar bith, beidh an t-eintiteas sin faoi dhliteanas na bpionós seo a leanas:

(a) má tá iarmhéid dochair ar chuntas an eintitis ábhartha ag deireadh an lae don chéad uair laistigh d'aon tréimhse 12 mhí, tabhóidh an t-eintiteas sin ús pionóis arna ríomh ag ráta cúig phointe céatadáin os cionn an ráta iasachta imeallaigh ar mhéid an iarmhéid dochair sin;

(b) má tá iarmhéid dochair ar chuntas an eintitis i dtrácht ag deireadh an lae don dara huair ar a laghad laistigh den tréimhse 12 mhí chéanna, déanfar an t-ús pionóis a luaitear i bhfomhír (a) a mhéadú de 2.5 phointe céatadáin do gach uair sa bhreis ar an gcéad cheann gur tharla suíomh dochair laistigh den tréimhse 12 mhí seo.

4. Féadfaidh Comhairle Rialaithe BCE a chinneadh na pionóis a fhorchuirtear de bhun mhír 10 a tharscaoileadh nó a laghdú, má tá iarmhéid an rannphairtí i dtrácht ag deireadh an lae inchurtha i leith *force majeure* agus/nó mífheidhm theicniúil TARGET, an téarma deiridh mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III é.

Airteagal 13

Creidmheas ionlae a fhionraí, a theorannú nó a fhoirceannadh

1. Déanfaidh [cuir isteach ainm BCN] rochtain ar chreidmheas idirlae a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh má tharlaíonn ceann de na himeachtaí mainneachtana seo a leanas:

(a) cuirtear príomh-MCA an rannpháirtí leis an [cuir isteach ainm BCN] ar fionraí nó cuirtear deireadh leis;

(b) ní chomhlíonann an rannpháirtí lena mbaineann aon cheann de na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10 chun creidmheas idirlae a sholáthar a thuilleadh;

(c) déanann údarás breithiúnach inniúil nó údarás eile cinneadh in ndáil leis an rannpháirtí, nós imeachta a chur chun feidhme chun an rannpháirtí a fhoirceannadh nó leachtaitheoir nó oifigeach comhchosúil a cheapadh don rannpháirtí nó aon nós imeachta comhchosúil eile a chur chun feidhme i ndáil leis an rannpháirtí;

(d) bíonn an rannpháirtí faoi réir reo cistí agus/nó bearta eile arna bhforchur ag an Aontas lena sriantar cumas an eintitis a chistí a úsáid;

(e) cuireadh incháilitheacht an rannpháirtí mar chontrapháirtí d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais ar fionraí nó cuireadh deireadh leis.

2. féadfaidh [cuir isteach ainm BCN] rochtain ar chreidmheas idirlae a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh má dheanfaidh BCN rannpháirtíocht an rannpháirtí i TARGET a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh de bhun chur chun feidhme an BCN sin de Chuid I, Airteagal 25(2).

3. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] a chinneadh rochtain rannpháirtí ar chreidmheas ionlae a chur ar fionraí, a theorannú nó a fhoirceannadh má mheastar go bhfuil rioscaí ag baint leis an rannpháirtí ar fhorais stuamachta.

CUID III

Téarmaí agus coinníollacha speisialta maidir le cuntais airgid tiomnaithe ollsocraíochta fíor-ama (DCAnna RTGS)

Airteagal 1

DCA RTGS a oscailt agus a bhainistiú

1. Ar iarratas ó shealbhóir MCA, osclóidh agus oibreoidh [cuir isteach ainm BC] DCA RTGS amháin nó níos mó, agus fo-chuntais amháin nó níos mó má éilítear iad le húsáid um shocraíocht AS. Má chloígh sealbhóir an MCA leis an scéim SCT Inst trí Chomhaontú Forleanúna um Aistriú Creidmheasa Meandraí SEPA a shíniú, ní osclófar ná ní oibreofar DCA(nna) RTGS (agus aon fho-chuntais) mura bhfuil sealbhóir an MCA teagmhála agus mura bhfanfaidh sé inteagmhála i gcónaí, mar shealbhóir DCA TIPS nó mar pháirtí inteagmhála trí shealbhóir DCA TIPS.

2. Ar iarratas ó shealbhóir cuntais a osclaíodh de bhun mhír 1 (sealbhóir RTGS DCA), déanfaidh [cuir isteach ainm BC] an cuntas DCA RTGS nó a fho-chuntas a chur le grúpa cuntas bainc socraíochta le haghaidh socraíochta AS. Soláthróidh sealbhóir an DCA RTGS aon doiciméid ábhartha, arna síniú go cuí ag an sealbhóir DCA RTGS sin agus ag an AS do [cuir isteach ainm BC].

3. Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar DCA RTGS ná ar a fho-chuntais.

4. Beidh iarmhéid nialasach ag fo-chuntais thar oíche.

5. Ainmneoidh sealbhóir DCA RTGS ceann dá DCAnna RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] chun orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe a phróiseáil. Trí ainmniú den sórt sin, tugann sealbhóir an DCA RTGS treoir do [cuir isteach ainm BC] aistriú leachtachta uathoibrithe a chur i gcrích lena tugtar creidiúint don MCA (do na MCAnna) i gcás nach bhfuil cistí leordhóthanacha ar an MCA príomhá chun orduithe íocaíochta ar oibríochtaí bainc ceannais iad a shocrú.

6. Déanfaidh rannpháirtí a bhfuil dhá DCA RTGS nó níos mó agus dhá MCA nó níos mó aige ceann dá DCAnna RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre], nach bhfuil ainmnithe cheana mar an MCA príomhúil, a ainmniú chun orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe a phróiseáil sa chás nach bhfuil cistí leordhóthanacha ar cheann dá MCAnna eile chun orduithe íocaíochta ar oibríochtaí bainc ceannais iad a shocrú.

Airteagal 2

Sealbhóirí BIC inteagmhála

1. Féadfaidh sealbhóirí DCA RTGS ar institiúidí creidmheasa iad mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 4 (1), pointí (a) nó (b), nó Cuid I, Airteagal 4(2), pointe(e), sealbhóirí BIC inteagmhála a chlárú. Ní fhéadfaidh sealbhóirí DCA RTGS sealbhóirí BIC inteagmhála a chloígh le scéim SCT Inst trí shíniú Comhaontaithe Forleanúna um Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA a chláraigh ach amháin má tá na heintitis sin inrochtana, mar shealbhóir DCA TIPS nó mar pháirtí inrochtana trí shealbhóir DCA TIPS.

2. Ní fhéadfaidh sealbhóirí RTGS DCA ar eintitis iad mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) clárú mar sealbhóir BIC inteagmhála aon BIC a bhaineann leis an eintiteas dlíthiúil céanna.

3. Féadfaidh sealbhóir BIC inteagmhála orduithe aistrithe airgid a chur isteach agus orduithe aistrithe airgid a fháil trí shealbhóir DCA RTGS.

4. Ní fhéadfaidh níos mó ná sealbhóir DCA RTGS amháin sealbhóir BIC inteagmhála a chlárú.

5. Measfar go bhfuil orduithe aistrithe airgid a cuireadh isteach nó a bhfuarthas ag sealbhóirí BIC inteagmhála curtha isteach nó faighte ag an rannpháirtí féin.

6. Beidh an rannpháirtí faoi cheangal ag na haistrithe airgid sin agus ag aon ghníomh eile a dhéanfaidh sealbhóirí BIC inteagmhála, beag beann ar ábhar na socruithe conarthacha nó aon socruithe eile idir an rannpháirtí sin agus an t-eintiteas sin nó aon neamhchomhlíonadh leis.

Airteagal 3

Rochtain ilseolaithe

1. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS ar institiúid creidmheasa é mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 4(1)(a) nó (b) údarú sainráite a thabhairt do na hinstitiúidí creidmheasa agus na brainsí seo a leanas a DCA RTGS a úsáid chun críche orduithe aistrithe airgid a chur isteach agus/nó a fháil go díreach trí rochtain ilseolaithe:

(a) institiúidí creidmheasa mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 4(1), pointí (a) nó (b) a bhaineann leis an ngrúpa baincéireachta céanna le sealbhóir DCA RTGS;

(b) brainsí an tsealbhóra DCA RTGS sin;

(c) brainsí eile nó ceannoifig an eintitis dhlíthiúil chéanna le sealbhóir DCA RTGS.

2. Tabharfar an t-údarú chun DCA RTGS a úsáid trí rochtain ilseolaithe mar atá leagtha amach i mír 1 ar eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 a chloígh le scéim Inst SCT trí Chomhaontú Forleanúna um Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA a shíniú ach amháin má tá na heintitis sin inrochtana, mar shealbhóir DCA TIPS nó mar pháirtí inrochtana trí shealbhóir TIPS DCA.

3. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 7 maidir le sealbhóirí DCA RTGS a thugann rochtain ar a DCA RTGS trí rochtain ilseolaithe.

Airteagal 4

Grúpa aistrithe leachtachta RTGS

1. Ar iarratas ó shealbhóir DCA RTGS, cruthóidh [cuir isteach ainm BC] grúpa aistrithe leachtachta RTGS, chun próiseáil orduithe aistrithe leachtachta DCA RTGS-go-DCA RTGS a chumasú.

2. Ar iarratas ó shealbhóir DCA RTGS cuirfidh [cuir isteach ainm BC] ceann de na DCAnna RTGS de chuid shealbhóir DCAnna RTGS le grúpa aistrithe leachtachta RTGS atá ann cheana agus a cruthaíodh in TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET nó scriosfaidh sé as é. Cuirfidh sealbhóir DCA RTGS gach sealbhóir DCA RTGS eile sa ghrúpa aistrithe leachtachta RTGS sin ar an eolas sula ndéanfaidh sé iarraidh den sort sin.

Airteagal 5

Idirbhearta próiseáilte ar DCA RTGS agus ar a fhochuntais

1. Próiseálfar orduithe íocaíochta le DCAnna RTGS eile agus orduithe aistrithe airgid chuig cuntais chiste ráthaíochta AS trí DCA RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre].

2. Déanfar orduithe aistrithe airgid a bhaineann le nósanna imeachta socraíochta AS RTGS a shocrú trí DCA RTGS nó trína fhochuntais i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre].

3. Féadfar na hidirbhearta seo a leanas a phróiseáil trí DCA RTGS nó trína fhochuntais in TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre]]:

(a) [cuir isteach más gá] [orduithe aistrithe airgid a eascraíonn as lóisteálacha agus aistarraingtí];

(b) orduithe aistrithe leachtachta chuig DCA RTGS eile laistigh den ghrúpa aistrithe leachtachta RTGS céanna;

(c) orduithe aistrithe leachtachta chuig DCA TIPS nó chuig MCA;

(d) aistrithe leachtachta chuig cuntas taisce thar oíche.

4. Féadfar orduithe aistrithe leachtachta chuig DCAnna T2S a phróiseáil trí DCA RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre].

Airteagal 6

Orduithe aistrithe leachtacha

1. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS ordú aistrithe leachtachta a chur isteach mar cheann de na rudaí seo a leanas:

(a) ordú aistrithe leachtachta láithreach, ar treoir é maidir le forghníomhú láithreach;

(b) buanordú aistrithe leachtachta, a bheidh ina threoir chun méid sonraithe a fhorghníomhú go hathfhillteach nuair a tharlaíonn teagmhas réamhshainithe gach lá gnó.

2. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS buan-ordú aistrithe leachtachta a ionchur nó a mhodhnú tráth ar bith le linn lá gnó agus tiocfaidh sé i bhfeidhm amhail an chéad lá gnó eile.

3. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS ordú aistrithe leachtachta láithreach a ionchur ag tráth ar bith i rith an lae gnó. Féadfaidh an AS ábhartha ordú aistrithe leachtachta láithreach le haghaidh próiseála de réir nósanna imeachta socraíochta C nó D AS RTGS a ionchur thar ceann an bhainc socraíochta.

Airteagal 7

Orduithe aistrithe leachtacha riailbhunaithe

1. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS íosteorainn agus/nó uasteorainn a shonrú le haghaidh a DCA RTGS.

(a) Trí uasteorainn a shocrú agus ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a roghnú, más rud é, tar éis ordú íocaíochta nó ordú aistrithe AS a shocrú, go sáraítear an uasteorainn, tugann sealbhóir an DCA RTGS treoir do [cuir isteach ainm BC] ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a fhorghníomhú lena tugtar creidmheas do MCA arna ainmniú ag an sealbhóir DCA RTGS sin. Féadfaidh an MCA creidiúnaithe bheith i seilbh rannpháirtí eile i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET.

(b) Trí uasteorainn a shocrú agus ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a roghnú, más rud é, tar éis ordú íocaíochta nó ordú aistrithe AS a shocrú, go sáraítear an íosteorainn, tionscnaítear ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a chuireann dochair do MCA arna údarú ag an sealbhóir MCA. Féadfaidh an MCA atá le cur do dhochar bheith i seilbh rannpháirtí eile i TARGET- [cuir isteach ragairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET. Ní mór do shealbhóir an MCA le cur do dhochar a údarú go gcuirfear a MCA do dhochar ar an mbealach seo.

2. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS údarú a DCA RTGS a chur do dhochar i gcás go sáraítear íosteorainn i MCA sonraithe amháin nó níos mó i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET. Trí údarú a thabhairt chun a DCA RTGS a bheith curtha do dhochar, tugann sealbhóir an DCA RTGS treoir do [cuir isteach ainm BC] ordú aistrithe leachtachta riailbhunaithe a fhorghníomhú lena tugtar creidmheas do MCA(nna) aon uair a sháraítear an íosteorainn.

3. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS a údarú a MCA arna ainmiú chun críche orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe faoi Airteagal 1(5) agus (6) a chur do dhochar i gcás go bhfuil leachtacht neamh-leordhóthanach ar an DCA RTGS chun orduithe íocaíochta práinneacha, orduithe aistrithe AS nó orduithe íocaíochta ardtosaíochta ar a DCA RTGS a shocrú.

Airteagal 8

Rialacha tosaíochta

1. Is é an t-ord tosaíochta maidir le próiseáil orduithe aistrithe airgid, in ord a bpráinn anuas:

(a) práinneach;

(b) ard;

(c) gnáth

2. Sannfar an tosaíocht "phráinneach" go huathoibríoch do na horduithe seo a leanas:

(a) orduithe aistrithe AS;

(b) orduithe aistrithe leachtachta lena n-áirítear orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe;

(c) orduithe aistrithe airgid chuig cuntas teicniúil AS le haghaidh nós imeachta socraíochta D AS RTGS;

3. Sannfar go huathoibríoch an tosaíocht "gnáth" do gach ordú aistrithe airgid nach bhfuil liostaithe i mír 2, ach amháin orduithe íocaíochta a bhfuil an tosaíocht "ard' sannta dóibh ag sealbhóir DCA RTGS dá rogha féin.

Airteagal 9

Próiseáil orduithe aistrithe airgid ar RTGS DCAnna

1. Nuair a ghlacfar le horduithe aistrithe airgid ar DCAnna RTGS, socrófar láithreach iad, nó socrófar níos déanaí iad de réir mar a léiríonn sealbhóir an DCA RTGS i gcomhréir le hAirteagal 16 nó Airteagal 17, ar choinníoll i ngach cás:

(a) go bhfuil leachtacht ar fáil ar DCA RTGS an íocóra;

(b) nach bhfuil aon orduithe aistrithe airgid a bhfuil tosaíocht chomhionann nó níos airde acu ciúáilte; agus

(c) go gcomhlíontar aon teorainneacha dochair atá leagtha síos in gcomhréir le hAirteagal 15.

2. Mura gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (c) de mhír 1 maidir le hordú aistrithe airgid, beidh feidhm ag an méid seo a leanas.

(a) I gcás ordú aistrithe leachtachta uathoibrithe, tugtar treoir do [cuir isteach ainm BC] an treoir a fhorghníomhú go páirteach agus tuilleadh aistrithe leachtachta a fhorghníomhú aon uair a bhíonn leachtacht ar fáil, suas go dtí méid an ordaithe aistrithe leachtachta uathoibrithe tosaigh.

(b) I gcás ordú aistrithe leachtachta láithreach, diúltófar don ordú gan socraíocht páirteach nó aon iarracht bhreise socrú mura dtionscnóidh AS an t-ordú, agus sa chás sin socrófar go páirteach é gan aon iarracht eile socrú a dhéanamh.

(c) I gcás buanordú aistrithe leachtachta nó ordaithe aistrithe leachtachta riailbhunaithe, socrófar an t-ordú go páirteach gan aon iarracht bhreise é a shocrú. Déanfaidh buanordú aistrithe leachtachta arna spreagadh ag nósanna imeachta socraíochta éigeantacha C nó D AS RTGS agus nach bhfuil cistí leordhóthanacha ar an DCA RTGS ina leith, a shocrú tar éis laghdaithe pro rata ar na horduithe go léir. Diúltófar do bhuanordú aistrithe leachtachta arna spreagadh le nós imeachta socraíochta roghnach C AS RTGS agus nach bhfuil cistí leordhóthanacha ar an DCA RTGS ina leith.

3. Déanfar orduithe aistrithe airgid ar DCAnna RTGS seachas na horduithe sin dá dtagraítear i mír 2 a chiúáil agus a phróiseáil i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 10.

Airteagal 10

Bainistíocht ciú agus barrfheabhsú socraíochta

1. Déanfar orduithe aistrithe airgid ar DCAnna RTGS atá ciúáilte i gcomhréir le hAirteagal 9(3) a phróiseáil de réir a dtosaíochta. Faoi réir mhír 2 go 5, beidh feidhm ag an bprionsabal "is túisce isteach is túisce amach" (FIFO) laistigh de gach catagóir nó fochatagóir d'orduithe aistrithe airgid mar a leanas:

(a) orduithe aistrithe airgid práinneacha: cuirfear na horduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe ar dtús sa chiú. déanfar orduithe aistrithe AS agus orduithe aistrithe airgid práinneacha eile a chur sa chéad suíomh eile den chiú;

(b) ní dhéanfar orduithe aistrithe airgid ardtosaíochta a shocrú fad a bheidh orduithe aistrithe airgid práinneacha á ciúáilte;

(c) ní dhéanfar orduithe aistrithe airgid gnáth-thosaíochta a shocrú fad a bheidh orduithe aistrithe airgid práinneacha nó ardtosaíochta á ciúáilte.

2. Féadfaidh an t-íocóir tosaíocht a orduithe aistrithe airgid a athrú seachas orduithe aistrithe airgid práinneacha.

3. Féadfaidh an t-íocóir suíomh a orduithe aistrithe airgid a athrú sa chiú. Féadfaidh an t-íocóir orduithe aistrithe airgid den sórt sin a bhogadh taobh thiar de na horduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe sa chiú nó go dtí deireadh an ciú faoi seach le héifeacht láithreach tráth ar bith le linn an ionú socraíochta le haghaidh íocaíochtaí custaiméirí agus idirbhainc mar a shonraítear i bhFoscríbhinn V.

4. Chun socraíochta orduithe aistrithe airgid ciúáilte a bharrfheabhsú, féadfaidh an [cuir isteach ainm BC];

(a) úsáid a bhaint as na nósanna imeachta barrfheabhsaithe a bhfuil cur síos orthu i bhFoscríbhinn I;

(b) orduithe aistrithe airgid a bhfuil tosaíocht níos ísle acu (nó a bhfuil an tosaíocht chéanna acu ach a nglactar leo níos déanaí) a shocrú roimh orduithe aistrithe airgid a bhfuil tosaíocht níos airde acu (nó a bhfuil an tosaíocht chéanna acu agus ar glacadh leo níos luaithe), dá ndéanfaí na horduithe aistrithe airgid le tosaíocht níos ísle a ghlanluacháil le híocaíochtaí atá le fáil agus méadú leachtachta don íocóir mar thoradh air sin.

(c) orduithe aistrithe airgid le gnáththosaíocht a shocrú roimh íocaíochtaí gnáththosaíochta ciúáilte eile ar glacadh leo níos luaithe, ar choinníoll go bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil agus d'ainneoin go bhféadfadh sé sin sárú a dhéanamh ar phrionsabal FIFO.

5. Diúltófar d'orduithe aistrithe airgid ciúáilte mura féidir iad a shocrú faoi na scoithamanna don chineál teachtaireachta ábhartha mar atá sonraithe i bhFoscríbhinn V.

6. Beidh feidhm ag na forálacha maidir le horduithe aistrithe airgid a shocrú mar atá leagtha amach i bhFoscríbhinn I.

Airteagal 11

Orduithe forchoimheádas leachtachta

1. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS treoir a thabhairt do [cuir isteach ainm BC] méid sonraithe leachtachta a chur i gcúlchistí ar a DCA RTGS agus úsáid a bhaint as ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) ordú cúl-leachtachta reatha a mbeidh éifeacht láithreach aige don lá gnó TARGET reatha;

(b) buanordú cúl-leachtachta a bheidh le déanamh ag tús gach lá gnó TARGET.

2. Déanfaidh sealbhóir DCA RTGS ceann de na stádais seo a leanas a shannadh d'ordú cúl-leachtachta reatha nó do bhuanordú cúl-leachtachta:

(a) ardtosaíocht: ceadaítear an leachtacht a úsáid le haghaidh orduithe aistrithe airgid práinneacha nó ardtosaíochta;

(b) tosaíocht phráinneach: ní cheadaítear an leachtacht a úsáid ach amháin le haghaidh orduithe aistrithe airgid práinneacha.

3. Sa chás nach leor an méid leachtachta nach cúl-leachtacht í chun an t-ordú cúl-leachtachta reatha nó buan a chomhlíonadh, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] an cúl-leachtacht go páirteach agus tugtar treoir dó tuilleadh orduithe cúl-leachtachta a fhorghníomhú go dtí go sroichfear an méid neamhíoctha a bheidh le cur i gcúlchistí Déanfar orduithe cúl-leachtachta atá ar feitheamh a dhiúltú ag deireadh an lae gnó.

4. Trí mhéid sonraithe leachtachta a iarraidh le húsáid le haghaidh orduithe aistrithe airgid práinneacha, tugann sealbhóir DCA RTGS treoir do [cuir isteach ainm BC] gan ach orduithe aistrithe airgid ardtosaíochta agus gnáthtosaíochta a shocrú má tá leachtacht ar fáil tar éis an méid a cuireadh i gcúlchistí le húsáid le haghaidh orduithe aistrithe airgid práinneacha a asbhaineadh.

5. Trí mhéid sonraithe leachtachta a iarraidh le húsáid le haghaidh orduithe aistrithe airgid ardtosaíochta, tugann sealbhóir DCA RTGS treoir do [cuir isteach ainm BC] gan ach orduithe aistrithe airgid gnáth-thosaíochta a shocrú má tá leachtacht ar fáil tar éis an méid atá curtha i gcúlchistí le húsáid le haghaidh orduithe aistrithe airgid práinneacha agus ardtosaíochta a asbhaineadh

Airteagal 12

Iarraidh ar aisghairm agus freagra

1. Féadfaidh sealbhóir DCA RTGS iarraidh ar aisghairm a dhéanamh chun iarraidh ar ordú íochaíochta socraithe a chur ar ais.

2. Cuirfear an iarraidh ar aisghairm ar aghaidh chuig íocaí an ordú íochaíochta socraithe a fhéadfaidh freagra dearfach nó diúltach a thabhairt. Ní chuireann freagra dearfach tús le haischur na gcistí.

Airteagal 13

Eolaire RTGS

1. Is éard atá san eolaire RTGS ná liosta de na BICanna a úsáidtear chun faisnéis a ródú agus cuimsíonn sé na BICanna:

(a) de shealbhóirí DCA RTGS;

(b) d'aon eintiteas a bhfuil rochtain ilseolaithe aige;

(c) de shealbhóirí BIC inteagmhálacha.

2. Déanfar an t-eolaire RTGS a nuashonrú go laethúil.

3. Mura n-iarrann sealbhóir DCA RTGS a mhalairt, foilseofar a chuid BICanna san eolaire RTGS.

4. Ní fhéadfaidh sealbhóirí DCA RTGS an t-eolaire RTGS a dháileadh ach ar a mbrainsí agus a n-entitis a bhfuil rochtain ilseolaithe acu.

5. Admhaíonn sealbhóirí DCA RTGS go bhféadfaidh [cuir isteach ainm BC] agus BCanna eile ainmneacha agus BICanna shealbhóirí DCA RTGS a fhoilsiú. Ina theannta sin, féadfar ainmneacha agus BICanna shealbhóirí BIC inteagmhála nó eintitis a bhfuil rochtain ilseolaithe acu a fhoilsiú agus áiritheoidh sealbhóirí DCA RTGS go mbeidh sealbhóirí BIC inteagmhála nó eintitis le rochtain ilseolaithe tar éis a chomhaontú le foilsiú den sórt sin.

Airteagal 14

Próiseáil orduithe aistrithe airgid i gcás fionraí nó foirceanta

1. Ar fhoirceannadh rannpháirtíochta shealbhóir DCA RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ní ghlacfaidh [cuir isteach ainm BC] le haon orduithe aistrithe airgid nua ón sealbhóir DCA RTGS sin. Diúltófar d'orduithe aistrithe airgid sa chiú, d'orduithe aistrithe airgid stórasaithe nó d'orduithe aistrithe airgid nua i bhfabhar an tsealbhóra DCA RTGS sin.

2. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir DCA RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar fhorais seachas iad siúd a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), stórálfaidh [cuir isteach ainm BC] gach ceann d'orduithe aistrithe airgid isteach agus amach ar DCA RTGS an rannpháirtí sin agus gan iad a thíolacadh le haghaidh socraíochta ach amháin tar éis do BC an rannpháirtí DCA RTGS fionraithe glacadh leo go sainráite.

3. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir DCA RTGS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar na forais a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), ní phróiseálfar aon orduithe aistrithe airgid amach ó DCA RTGS an tsealbhóra DCA RTGS sin ach ar threoracha a ionadaithe, lena n-áirítear iad siúd arna gceapadh ag údarás inniúil nó ag cúirt, mar riarthóir dócmhainneachta an tsealbhóra DCA RTGS, nó de bhun cinnidh infhorghníomhaithe ó údarás inniúil nó ó chúirt lena soláthraítear treoracha maidir leis an gcaoi a ndéanfar na horduithe aistrithe airgid a phróiseáil. Próiseálfar gach orduithe aistrithe airgid isteach i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 15

Teorainneacha dochair

1. Féadfaidh sealbhóirí RTGS DCA teorainn a chur le húsáid na leachtachta atá ar fáil le haghaidh orduithe íochaíochta ar a RTGS DCAnna aonair i ndáil le RTGS DCA eile, seachas aon cheann de na BCanna, trí theorainneacha déthaobhacha nó iltaobhacha a shonrú. Ní fhéadfar teorainneacha den sórt sin a shonrú ach amháin i ndáil le gnáth-orduithe íochaíochta tosaíochta

2. Trí theorainn dhéthaobhach a shonrú, tugann sealbhóir RTGS DCA treoir do [cuir isteach cainm BC] nach socrófar ordú íochaíochta inghlactha má rachadh suim a orduithe íocaíochta gnáth-thosaíochta amach chuig cuntas RTGS DCA shealbhóir RTGS DCA eile lúide suim na n-íocaíochtaí práinneacha, ardtosaíochta agus gnáth-thosaíochta go léir isteach ón RTGS DCA sin (an suíomh glan déthaobhach) thar an teorainn dhéthaobhach seo.

3. Féadfaidh sealbhóir RTGS DCA teorainn iltaobhach a shonrú d'aon chaidreamh nach bhfuil faoi réir teorann déthaobhaí. Ní féidir teorainn iltaobhach a shonrú ach má tá teorainn dhéthaobhach amháin ar a laghad socraithe ag an sealbhóir RTGS DCA. Má shocraíonn sealbhóir RTGS DCA teorainn iltaobhach, tugann sé treoir do [cuir isteach ainm BC] nach socrófar ordú íochaíochta inghlactha má rachadh suim a orduithe íochaíochta gnáth-thosaíochta amach chuig RTGS DCAnna uile shealbhóirí RTGS DCA nach bhfuil aon teorainn dhéthaobhach sonraithe ina leith lúide suim na n-íocaíochtaí práinneacha ardtosaíochta agus gnáth-thosaíochta isteach ó na RTGS DCAnna sin (an suíomh glan iltaobhach) thar an teorainn iltaobhach seo.

4. Féadfar teorainneacha a athrú i bhfíor-am le héifeacht láithreach nó le héifeacht ón gcéad lá gnó eile. Má athraítear teorainn go nialas, ní bheifear in ann í a athrú arís ar an lá gnó céanna. Ní bheidh éifeacht le sonrú teorann déthaobhaí nó iltaobhaí nua ach ón gcéad lá gnó eile.

Airteagal 16

Treoracha rannpháirtithe maidir le hama socraíochta

1. Féadfaidh sealbhóir RTGS DCA a chur in iúl an t-am is luaithe ar roimhe nach féidir le hordú íochaíochta a shocrú nó an t-am is déanaí a dhiúltófar don ordú íochaíochta ina dhiaidh trí úsáid a bhaint as an táscaire maidir leis an tráth dochair is luaithe nó as an táscaire maidir leis an tráth dochair is déanaí, faoi seach, nó féadfaidh sé a léiriú. raon ama ar lena linn a shocrófar an t-ordú íochaíochta trí úsáid a bhaint as an dá tháscaire. Féadfaidh sealbhóir RTGS DCA an Táscaire maidir leis an Tráth Dochair is Déanaí a úsáid mar tháscaire rabhaidh amháin. I gcásanna den sórt sin, ní dhiúltófar don ordú íochaíochta lena mbaineann.

2. I gcás nach mbeidh an t-ordú íochaíochta socraithe 15 nóiméad roimh an am dochair is déanaí atá sonraithe, cuirfear an sealbhóir RTGS DCA lena mbaineann ar an eolas dá réir sin.

Airteagal 17

Orduithe íochaíochta curtha isteach roimh ré

1. Féadfar orduithe íochaíochta a chur isteach suas le deich féilire roimh an dáta socraíochta sonraithe (orduithe íochaíochta stórasaithe).

2. Glacfar le horduithe íochaíochta stórasaithe agus cuirfear isteach iad lena bpróiseáil ar an dáta arna shonrú ag sealbhóir RTGS DCA ag tús an ionú socraíochta an lá sin le haghaidh íocaíochtaí custaiméirí agus idirbhainc, dá dtagraítear i bhFoscríbhinn V. Cuirfear os comhair orduithe íochaíochta iad a bhfuil an tosaíocht chéanna acu.

Airteagal 18

Dochar díreach

1. Féadfaidh sealbhóir RTGS DCA (íocóir) a údarú a thabhairt do shealbhóir RTGS DCA eile (íocaí) i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/ tíre] nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET chun íocóir a chur chun dochair trí dhochar díreach.

2. Chun socrú den sórt sin a chumasú, tabharfaidh íocóir réamhúdarú do [cuir isteach ainm BC] a thabharfaidh teidlíocht do [cuir isteach ainm BC] chun RTGS DCA an íocóra a chur do dhochar ar threoir bhailí dochair dhírigh a fháil.

3. Má fhaigheann íocaí an t-údarú mar a thuairiscítear i mír 1, féadfaidh sé treoracha dochair dhírigh a thíolacadh chun RTGS DCA an tsealbhóra RTGS DCA (íocóir) a chur chun dochair den mhéid a shonraítear sa treoir.

4. Measfar go bhfuil údarú tugtha ag sealbhóir RTGS DCA a iarrann go gcuirfí le grúpa cuntas bainc socraíochta de chuid AS údarú do [cuir isteach ainm BC] a thugann teidlíocht do [cuir isteach ainm BC] RTGS DCA agus fochuntas an íocóra a chur chun dochair nuair a fhaightear é. treoir dochair dhírigh bailí ón AS sin.

Airteagal 19

Feidhmiúlacht íocaíochta chúltaca

I gcás ina dteipeann ar a bhonneagar íocaíochta, féadfaidh sealbhóir RTGS DCA a iarraidh ar [cuir isteach ainm BC] chun an fheidhmiúlacht íocaíochta cúltaca a ghníomhachtú. Ligeann sé seo do shealbhóir RTGS DCA orduithe íocaíochta áirithe a chur isteach ag baint úsáide as an gComhéadan Úsáideora Grafach (GUI).

Airteagal 20

Cearta slándála i ndáil le cistí ar fhochuntais

1. Beidh [cuir isteach tagairt do theicníc chomhthaobhachta faoin gcóras dlí is infheidhme] ag [cuir isteach ainm BC] thar an iarmhéid ar fhochuntas shealbhóir RTGS DCA a osclaíodh faoi na socruithe idir an AS ábhartha agus a BC chun treoracha íocaíochta a bhaineann leis an AS a shocrú i gcomhréir le nós imeachta RTGS AS C. Déanfaidh an t-iarmhéid sin oibleagáid shealbhóir an RTGS DCA dá dtagraítear i mír 7 a chomhthaobhú i leith [cuir isteach ainm BC] i ndáil leis an tsocraíocht sin.

2. Ar theachtaireacht "tús timthrialla" a fháil ag [cuir isteach ainm BC], áiritheoidh [cuir isteach ainm BC] nach féidir an t-iarmhéid ar fhochuntas shealbhóir an RTGS DCA (lena n-áirítear méaduithe nó laghduithe ar an iarmhéid sin a eascraíonn as íocaíochtaí socraíochta traschórais a chreidiúnú nó a dhochar chuig an fochuntas nó uaidh nó ó chreidiúnú aistrithe leachtachta chuig an fochuntas) ag an nóiméad a thosaíonn an AS timthriall a úsáid ach amháin chun orduithe aistrithe AS a bhaineann leis an nós imeachta socraíochta C sin a shocrú. Ar theachtaireacht "deireadh timthrialla" a fháil ag [cuir isteach ainm BC], beidh iarmhéid an fhochuntais ar fáil lena úsáid ag sealbhóir an RTGS DCA.

3. Tríd an iarmhéid ar fhochuntas shealbhóir an RTGS DCA a dheimhniú, ráthaíonn [cuir isteach ainm BC] don AS íocaíocht suas le méid an iarmhéid áirithe seo. Trí dheimhniú, nuair is infheidhme, méadú nó laghdú an iarmhéid ar chreidiúnú nó ar churtha chun dochair íocaíochtaí socraíochta traschórais chuig an fochuntas nó uaidh nó ar chrediúnú aistrithe leachtachta chuig an fochuntas, déantar an ráthaíocht a mhéadú nó a laghdú go huathoibríoch de réir méid na híocaíochta. D'ainneoin an mhéadaithe nó an laghdaithe thuasluaite ar an ráthaíocht, beidh an ráthaíocht neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus iníoctha ar an gcéad éileamh. Murab é [cuir isteach ainm BC] BC an AS, measfar go dtugtar treoir do [cuir isteach ainm BC] an ráthaíocht thuasluaite a eisiúint chuig BC an AS.

4. In éagmais aon imeachtaí dócmhainneachta i ndáil le shealbhóir an RTGS DCA, socrófar orduithe aistrithe an AS chun oibleagáid socraíochta shealbhóir an RTGS DCA a chomlíonadh, gan tarraingt ar an ráthaíocht agus gan dul in iontaoibh an chirt slándála thar an iarmhéid ar fhochuntas shealbhóir an RTGS DCA.

5. I gcás dócmhainneachta shealbhóir an RTGS DCA, is é a bheidh in orduithe aistrithe an AS chun oibleagáid socraíochta shealbhóir an RTGS DCA a chomhlíonadh ná céadéileamh ar íocaíocht faoin ráthaíocht; dá bhrí sin, is é a bheidh i gceist le dochar den mhéid treoraithe ó fhocuntais shealbhóir an RTGS DCA (agus cuntas teicniúil RTGS AS an AS a chreidiúnú) oibleagáid ráthaíochta [cuir isteach ainm BC] a bheith urscaoilte agus a cheart comhthaobhachta thar an iarmhéid ar fhochuntas an rannpháirtí a bheith réadaithe.

6. Rachaidh an ráthaíocht in éag ar theachtaireacht "deireadh timthrialla" a fháil ag [cuir isteach ainm BC] lena deibhniú go bhfuil an socraíocht déanta.

7. Beidh oibleagáid ar shealbóir an RTGS DCA aon íocaíocht a rinne [cuir isteach ainm BC] faoin ráthaíocht sin a aisíoc leis.

CUID IV

Téarmaí agus coinníollacha speisialta maidir le cuntais airgid thiomnaithe urrúis-target2

Airteagal 1

T2S DCA a oscailt agus a bhainistiú

1. Ar iarratas ó shealbhóir MCA, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] T2S DCA amháin nó níos mó a oscailt agus a oibriú.

2. Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar T2S DCA.

3. Déanfaidh sealbhóir T2S DCA MCA amháin a ainmniú chun críche orduithe aistrithe leactachta idir T2S DCAnna a phróiseáil, dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c). Féadfar an MCA ainmnithe a shealbhú iTARGET-[cuir isteach tagairt Bc/tíre]nó i gcóras comhpháirte eile de TARGET agus féadfaidh sé gur le rannpháirtí eile é.

Airteagal 2

Naisc idir cuntais urrús agus T2S DCAnna

1. Féadfaidh sealbhóir T2S DCA iarraidh ar [cuir isteach ainm BC] a T2S DCA a nascadh le cuntas urrús amháin nó níos mó a shealbhaítear thar a cheann féin nó thar ceann a chliant a bhfuil cuntais urrús acu i TLU rannpháirteach amháin nó níos mó.

2. Tá sealbhóirí T2S DCA a nascann a T2S DCA le cunta(i)s urrús thar ceann cliant mar atá leagtha amach i mír 1 freagrach as liosta na gcuntas urrús nasctha a bhunú agus a chothabháil agus, más ábhartha, as bunú ghné soláthar urrúis chomhthaobhaigh ón gcliant.

3. Mar thoradh ar an iarraidh faoi mhír 1, meastar gur thug sealbhóir T2S DCA sainordú don TLU, i gcás ina choinnítear na cuntais urrús nasctha sin, chun an T2S DCA a chur do dhochar leis na méideanna a eascraíonn as idirbhearta urrús a tharlaíonn ar na cuntais urrús seo.

4. Beidh feidhm ag mír 3 beag beann ar aon chomhaontuithe atá ag sealbhóir T2S DCA leis an TLU agus/nó sealbhóirí an chuntais urrús.

Airteagal 3

Idirbhearta arna bpróiseáil trí T2S DCAnna

1. Déantar na hidirbhearta seo a leanas a phróiseáil trí T2S DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre):

(a) socraíocht na dtreoracha airgid a eascraíonn as T2S ar choinníoll go bhfuil an cuntas nó na cuntais urrús ábhartha nó leo ainmnithe ag sealbhóir an T2S DCA, de réir mar a dtagraítear in Airteagal 2;

(b) orduithe aistrithe leachtachta chuig RTGS DCA, TIPS DCA nó MCA;

(c) orduithe aistrithe leachtachta idir T2S DCAnna ar leis an rannpháirtí céanna iad nó a bhfuil an MCA céanna ainmnithe ina leith chun críche Airteagal 1(3);

(d) orduithe aistrithe airgid idir an T2S DCA agus T2S DCA [cuir isteach ainm BC] i gcomhthéacs áirithe Airteagal 10(2) agus (3).

2. Is féidir íocaíochtaí caingne corparáideacha a phróiseáil trí T2S DCA.

Airteagal 4

Orduithe aistrithe leachtacha

Féadfaidh sealbhóir T2S DCA ordú aistrithe leachtachta chur isteach mar cheann díobh seo a leanas:

(a) ordú aistrithe leachtachta láithreach, ar treoir é maidir le forghníomhú láithreach;

(b) buanordú aistrithe leachtachta, a bheidh ina threoir chun forghníomhaithe allfhilltigh (i) de mhéid aistrithe sonraithe a aistriú nó (ii) d'aistriú chun iarmhéid an T2S DCA a laghdú go leibhéal réamhshainithe le méid an laghdaithe á aistriú chuig RTGS DCA, TIPS DCA nó MCA, ar imeacht réamhshainithe gach lá gnó.

(c) ordú aistrithe leachtachta réamhshainithe, ar treoir é chun forghníomhaithe allfhilltigh (i) de mhéid aistrithe sonraithe a aistriú nó (ii) d'aistriú chun iarmhéid an T2S DCA a laghdú go leibhéal réamhshainithe le méid an laghdaithe á aistriú chuig RTGS DCA, TIPS DCA nó MCA, ar tharlú teagmhaiss réamhshainithe gach lá gnó.

Airteagal 5

Leachtacht agus blocáil leachtachta

1. Féadfaidh rannpháirtithe leachtacht a chur i gcúlchistí nó a bhlocáil ar a T2S DCAnna. Ní hionann sin agus ráthaíocht socraíochta i leith aon tríú páirtí.

2. Trí iarraidh a dhéanamh méid leachtachta a chur i gcúlchistí nó a bhlocáil, tugann rannpháirtí treoir do [cuir isteach ainm BC] an leachtacht atá ar fáil a laghdú den mhéid seo.

3. Is éard is iarraidh ar chúl-leachtacht treoir trína ndéantar an chúl-leachtacht a phróiseáil, má tá an leachtacht atá ar fáil cothrom leis an méid atá le cur i gcúlchistí nó níos mó ná an méid sin. Má tá an leachtacht atá ar fáil níos ísle, cuirtear i gcúlchstí í agus féadfar an t-easnamh a chomhlíonadh trí leachtacht isteach go dtí go mbeidh méid iomlán na gcúl-leachtachta ar fáil.

4. Is éard is iarraidh ar leachtacht a bhlocáil treoir trína ndéantar an chúl-leachtacht a phróiseáil, má tá an leachtacht atá ar fáil cothrom leis an méid atá le cur i gcúlchistí nó níos airde ná an méid sin. Má tá an leachtacht atá ar fáil níos ísle, ní dhéantar aon mhéid a bhlocáil agus cuirtear an t-iarratas ar bhlocáil isteach arís, go dtí gur féidir méid iomlán na hiarrata blocála a chomhlíonadh leis an leachtacht atá ar fáil.

5. Féadfaidh an rannpháirtí tráth ar bith i rith an lae gnó ar a phróiseáladh iarratas ar leachtacht a chur i gcúlchistí nó a bhlocáil, treoir a thabhairt do [cuir isteach ainm BC] an chúl-leachtacht nó an bhlocáil a chealú. Ní cheadófar cealú páirteach.

6. Rachaidh gach iarratas ar leachtacht a chur i gcúlchistí nó a bhlocáil faoin airteagal seo in éag ag deireadh an lae gnó.

Airteagal 6

Próiseáil orduithe aistrithe airgid ar DCAnna T2S

1. Leithdháiltear stampa ama chun orduithe aistrithe leachtachta a phróiseáil de réir ord a bhfála.

2. Déanfar gach ordú aistrithe leachtacha a chuirtear isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a phróiseáil de réir an phrionsabail (FIFO) "is túisce isteach is túisce amach", gan tosaíocht ná athordú a dhéanamh.

3. Tar éis ordú aistrithe leachtachta chuig TIPS DCA, MCA, RTGS DCA nó T2S DCA a bheith glactha mar atá leagtha amach i gCuid 1, Airteagal 17, seiceálfaidh TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar T2S DCA an íocóra chun socraíocht a chur i gcrích. Má tá go leor cistí ar fáil, socraítear an t-ordú aistrithe leachtachta láithreach. Mura bhfuil go leor cistí ar fáil, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:-

(a) i gcás ordú aistrithe leachtachta láithreach, diúltófar don ordú gan socraíocht páirteach nó aon iarracht bhreise é a shocrú mura rud é go dtionscnófar iad seo ag tríú páirtí mar a ainmnítear i gcomhréir le Cuid I, Airteagal 7, agus sa chás sin socrófar go páirteach iad gan aon iarracht bhreise é a shocrú;

(b) i gcás buanordú aistrithe leachtachta nó ordú aistrithe leachtachta athshainithe, socrófar an t-ordú go páirteach gan aon iarracht bhreise é a shocrú.

Airteagal 7

Próiseáil orduithe aistrithe airgid i gcás fionraí nó foirceanta

1. Ar fhoirceannadh rannpháirtíocht shealbhóir T2S DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre], ní ghlacfaidh [cuir isteach ainm BC] le haon orduithe aistrithe airgid nua ón sealbhóir T2S DCA sin.

2. Má chuirtear sealbhóir T2S DCA ar fionraí ó TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fhorais seachas iad siúd a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), stórálfaidh an [cuir isteach ainm BC] gach ceann d'orduithe aistrithe airgid isteach agus amach ar a T2S DCA agus gan iad a thíolacadh le haghaidh socraíochta ach amháin tar éis do BC an tsealbhóra T2S DCA fionraithe glacadh leo go sainráite.

3. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir T2S DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar na forais a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), ní phróiseálfar aon orduithe aistrithe airgid amach ó T2S DCA an tsealbhóra T2S sin ach ar threoracha a ionadaithe, lena n-áirítear iad siúd arna gceapadh ag údarás inniúil nó ag cúirt, mar riarthóir dócmhainneachta shealbhóir an T2S DCA, nó de bhun cinnidh infhorghníomhaithe ó údarás inniúil nó ó chúirt lena soláthraítear treoracha maidir leis an gcaoi a ndéanfar na hordaithe aistrithe airgid a phróiseáil. Próiseálfar gach ordaithe aistrithe airgid isteach i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 8

Entitis incháilithe maidir le saoráidí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh

1. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC], saoráidí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a thairiscint do shealbhóir T2S DCA a soláthraíonn sé creidmheas ionlae dó i gcomhréir le Cuid II Airteagal 10 má iarrann an sealbhóir T2S DCA sin amhlaidh agus ar choinníoll nach bhfuil an rannpháirtí sin faoi réir beart sriantach arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó ag na Ballstáit de bhun Airteagal 65(1)(b), Airteagal 75 nó Airteagal 215 den Chonradh, a bhfuil a chur chun feidhme, i dtuairim [cuir isteach ainm BC] ar neamhréir le feidhmiú rianúil TARGET.

2. Ní dheonófar uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh ach amháin ar lá gnó TARGET, beidh sé teoranta go dtí an lá sin agus ní fhéadfar aon fhadú ar chreidmheas thar oíche a fháil.

Airteagal 9

Comhthaobhacht incháilithe le haghaidh oibríochtaí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh

1. Beidh uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh bunaithe ar chomhthaobhacht incháilithe. Beidh comhthaobhacht incháilithe comhdhéanta de na sócmhainní céanna atá incháilithe le húsáid in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, agus beidh sí faoi réir na rialacha céanna maidir le luach agus rialú priacail leo siúd atá leagtha síos i [cuir insteach forálacha náisiúnta lena gcuirtear i bhfeidhm Cuid a Ceathair de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)].

2. Thairis sin, maidir le comhthaobhacht incháilithe um sholáthar urrúis chomhthaobhaigh:

(a) [cuir isteach de réir mar is ábhartha: féadfar í a theorannú ag [cuir isteach ainm BC] trí eisiamh ex ante comhthaobhachta dlúthnasctha féideartha;

(b) tá sí faoi réir roghanna lánroghnacha áirithe chun comhthaobhacht incháilithe a eisiamh mar a dheonaítear do BCNanna an limistéir euro le cinntí Chomhairle Rialaithe an BCE.

Airteagal 10

Soláthar creidmheasa agus nós imeachta aisghabhála

1. Soláthrófar creidmheas a fhaightear trí bhíthin uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh saor ó ús.

2. Féadfaidh uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a aisíoc ag am ar bith i rith an lae ag sealbhóir an DCA T2S.

3. Aisíocfar uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh ag an am a shainmhínítear i bhFoscríbhinn V ar a dhéanaí agus i gcomhréir leis an bpróiseas seo a leanas:

(a) scaoileann [cuir isteach ainm BC] an treoir aisíocaíochta atá socraithe faoi réir airgid a bheith ar fáil chun uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh gan íoc a aisíoc;

(b) más rud é, tar éis céim (a) a dhéanamh, nach leor an t-iarmhéid ar an T2S DCA chun uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh gan íoc a aisíoc, seiceálann [cuir isteach ainm BC] T2S DCAnna eile a osclaíodh ina chuid leabhar don tsealbhóir DCA T2S céanna agus aistríonn sé airgead ó aon cheann nó gach ceann díobh seo chuig an T2S DCA ina bhfuil treoracha aisíocaíochta ar feitheamh;

(c) más rud é, tar éis céimeanna (a) agus (b) a dhéanamh, nach leor an t-iarmhéid ar T2S DCA chun uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhíoctha a aisíoc, measfar gur thug sealbhóir T2S DCA treoir do[cuir isteach ainm BC] an chomhthaobhacht a úsáideadh chun an uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhíoctha a fháil a aistriú go cuntas comhthaobhachta [cuir isteach ainm BC]. Ina dhiaidh sin, soláthróidh [cuir isteach ainm BC] an leachtacht chun an uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhíoctha a aisíoc agus déanfaidh sé MCA príomhá an tsealbhóra T2S DCA a chur do dhochar gan mhoill mhíchuí.

(d) Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] táille pionóis EUR 1 000 i bhfeidhm maidir le gach lá i gcás ina mbíonn leas amháin nó níos mó bainte as athlonnú comhthaobhachta faoi phointe (c). Cuirfidh an táille pionóis do dhochar MCA príomha an tsealbhóra T2S DCA dá dtagraítear i bpointe (c).

Airteagal 11

Saoráidí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a fhionraí, a theorannú nó a fhoirceannadh

1. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] rochtain sealbhóirí T2S DCA ar shaoráidí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a fhionraí nó a fhoirceannadh má dhéanann sé rochtain an sealbhóirí T2S DCA sin ar chreidmheas ionlae a fhionraí nó a fhoirceannadh de bhun Chuid II, Airteagal 13.

2. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] rochtain sealbhóirí T2S DCA ar shaoráidí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a theorannú má theorannaigh sé rochtain an sealbhóirí T2S DCA sin ar chreidmheas ionlae de bhun Chuid II, Airteagal 13. I gcás den sórt sin, beidh feidhm ag an teorainn a shocrófar ar iomlán na saoráidí um uathsholáthar urrúis chomhthaobhaighh agus um chreidmheas ionlae le chéile, agus ní seachas ar gach ceann díobh ar leithligh.

CUID V

Téarmaí agus coinníollacha speisialta maidir le socraíocht íocaíochta meandrach (TIPS) cuntais airgid tiomnaithe (DCAnna TIPS)

Airteagal 1

DCA TIPS a oscailt agus a bhainistiú

1. Ar iarratas ó shealbhóir MCA, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] TIPS DCA amháin nó níos mó a oscailt agus a oibriú.

2. Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar TIPS DCA.

Airteagal 2

Teachtaireachtaí a sheoladh agus a fháil

1. Féadfaidh sealbhóir TIPS DCA teachtaireachtaí a sheoladh:

(a) go díreach, agus/nó

(b) trí pháirtí treorach amháin nó níos mó.

2. Gheobhaidh sealbhóir TIPS DCA teachtaireachtaí:

(a) go díreach; nó

(b) trí pháirtí treorach amháin.

3. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 7 maidir le sealbhóir TIPS DCA a sheolann nó a fhaigheann teachtaireachtaí trí pháirtí treorach amhail is go seolann nó go bhfaigheann an sealbhóir TIPS DCA sin na teachtaireachtaí go díreach.

Airteagal 3

Páirtithe inrochtana

1. Féadfaidh sealbhóirí TIPS DCA páirtí inrochtana amháin nó níos mó a ainmniú. Ní mór gur chloigh páirtithe inrochtana leis an scéim SCT Inst trí Chomhaontú Forleanúna um Aistriú Meandrach Creidmheasa SEPA a shíniú.

2. Soláthróidh sealbhóir TIPS DCA fianaise do [cuir isteach ainm BC] gur chloígh gach páirtí inrochtana ainmnithe leis an scéim SCT Inst.

3. Cuirfidh sealbhóir DCA TIPS [cuir isteach ainm BC] ar an eolas mura gcloíonn aon pháirtí inrochtana ainmnithe leis an scéim SCT Inst a thuilleadh agus glacfaidh sé, gan mhoill mhíchuí, bearta chun cosc a chur ar an bpáirtí sin rochtain a fháil ar DCA TIPS.

4. Féadfaidh sealbhóir TIPS DCA rochtain a cheadú dá pháirtithe inrochtana ainmnithe trí pháirtí treorach amháin nó níos mó.

5. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 7 maidir le sealbhóirí TIPS DCA a ainmníonn páirtithe inrochtana.

6. Áiritheoidh sealbhóir TIPS DCA a bhfuil páirtí inrochtana ainmnithe aige go mbeidh an páirtí inrochtana sin ar fáil i gcónaí chun teachtaireachtaí a ghlacadh.

Airteagal 4

Idirbhearta arna bpróseáil ar DCAnna TIPS

1. Déantar na hidirbhearta seo a leanas a phróiseáil trí TIPS DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre):

(a) orduithe íocaíochta meandraí;

(b) freagraí dearfacha aisghairmeacha;

(c) orduithe aistrithe leachtachta chuig cuntais theicniúla TIPS AS, MCAnna, T2S DCAnna nó RTGS DCAnna;

(d) orduithe aistrithe leachtachta chuig fochuntais;

(e) orduithe aistrithe leachtachta chuig cuntais taisce thar oíche.

Airteagal 5

Orduithe aistrithe leachtachta láithreacha

Féadfaidh sealbhóir TIPS DCA orduithe aistrithe leachtachta láithreacha a chur isteach.

Airteagal 6

Próiseáil orduithe aistrithe airgid ar DCAnna TIPS

1. Leithdháiltear stampa ama chun orduithe aistrithe airgid a phróiseáil de réir ord a bhfála.

2. Déanfar gach ordú aistrithe airgid a chuirtear isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a phróiseáil de réir an phrionsabail (FIFO) "is túisce isteach is túisce amach", gan tosaíocht ná athordú a dhéanamh.

3. Tar éis glacadh le hordú íocaíochta meandraí mar a leagtar amach i gCuid I, Airteagal 17, seiceálfaidh TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar TIPS DCA an íocóra chun socraíocht a chur i gcrích agus beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) mura bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil, diúltófar don ordú íocaíochta meandraí;

(b) má tá cistí leordhóthanacha ar fáil cuirtear an méid comhfhreagrach i gcúlchistí fad a bheifear ag fanacht le freagra an íocaí. I gcás go nglacfaidh an t-íocaí leis, socrófar an t-ordú íocaíochta meandraí agus cuirfear deireadh leis an bhforchoimeádas go comhuaineach. Má dhiúltaíonn an t-íocaí nó mura bhfaightear freagra tráthúil uaidh, de réir bhrí na scéime Inst SCT, diúltaítear don ordú íocaíochta meandraí agus cuirfear deireadh leis an bhforchoimeádas go comhuaineach.

4. Ní bheidh cistí a cuireadh i gcúlchistí i gcomhréir le mír 3(b) ar fáil chun orduithe aistrithe airgid ina dhiaidh sin a shocrú.

5. Gan dochar do mhír 3(b), diúltóidh [cuir isteach tagairt BC] d'ordú íocaíochta meandraí má sháraíonn méid an ordaithe íocaíochta mheandraí aon iarmhéid meabhráin creidmheasa (CMB) is infheidhme.

6. Tar éis glacadh le hordú aistrithe leachtachta láithreach mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 17, seiceálfaidh TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar TIPS DCA an íocóra. Mura bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil diúltófar don ordú aistrithe leachtacha.

7. Tar éis glacadh le freagra dearfach aisghairme, mar a leagtar amach in gCuid 1, Airteagal 17, seiceálfaidh TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar TIPS DCA atá le cur chun dochair. Mura bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil diúltófar don fhreagra dearfach aisghairme Má tá cistí leordhóthanacha ar fáil socraítear an freagra dearfach aisghairme.

8. Gan dochar do mhír 7, diúltóidh TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] do fhreagraí dearfacha aisghairmeacha má sháraíonn méid an fhreagra dhearfaigh aon CMB is infheidhme.

Airteagal 7

Iarraidh ar aisghairm

1. Féadfaidh sealbhóir TIPS DCA iarraidh athghairme a chur isteach.

2. Cuirfear an iarraidh ar aisghairm ar aghaidh chuig íocaí an ordaithe íocaíochta mheandraí socraithe a fhéadfaidh freagra athghairme dearfach nó freagra diúltach aisghairme a thabhairt.

Airteagal 8

Eolaire TIPS

1. Is éard atá san eolaire TIPS ná liosta de na BICanna a úsáidtear chun faisnéis a ródú agus cuimsíonn sé BICanna de:

(a) shealbhóirí TIPS DCA;

(b) pháirtithe inrochtana.

2. Déanfar an t-eolaire TIPS a nuashonrú go laethúil.

3. Ní fhéadfaidh sealbhóirí TIPS DCA an t-eolaire TIPS a dháileadh ach ar a mbrainsí, a bpáirtithe inrochtana ainmnithe agus a bpáirtithe treoracha. Ní fhéadfaidh páirtithe inrochtana an t-eolaire TIPS a dháileadh ach ar a mbrainsí.

4. Ní féidir BIC ar leith a thaispeáint ach uair amháin san eolaire TIPS.

5. Admhaíonn sealbhóirí DCA TIPS go bhféadfaidh [cuir isteach ainm BC] agus BCanna eile a n-ainmneacha agus a gcuid BICanna a fhoilsiú. Ina theannta sin, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] agus BCanna eile ainmneacha agus BICanna páirtithe inrochtana arna n-ainmniú ag sealbhóirí DCA TIPS a fhoilsiú agus áiritheoidh sealbhóirí DCA TIPS gur aontaigh páirtithe inrochtana leis an bhfoilseachán sin.

Airteagal 9

Stór MPL

1. Tá an tábla mapála IBAN chun críocha na seirbhíse MPL sa stór lárnach do chuardach ionadaí soghluaiste (MPL).

2. Ní féidir gach ionadaí a nascadh ach le hIBAN amháin. Is féidir IBAN a nascadh le hionadaí amháin nó le hionadaithe iolracha.

3. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 28 maidir leis na sonraí atá sa stór MPL.

Airteagal 10

Próiseáil orduithe aistrithe airgid i gcás fionraí nó foirceanta urghnách

1. Ar fhoirceannadh rannpháirtíochta shealbhóir TIPS DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ní ghlacfaidh [cuir isteach ainm BC] le haon orduithe aistrithe airgid nua chuig nó ón tsealbhóir TIPS DCA sin.

2. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir TIPS DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar fhorais seachas iad siúd a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), maidir le [cuir isteach ainm BC]:

(a) diúiltóidh sé dá orduithe aistrithe airgid isteach go léir;

(b) diúltóidh sé dá orduithe aistrithe airgid amach go léir; nó

(c) diúltóidh sé dá orduithe aistrithe isteach agus amach.

3. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir TIPS DCA i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar na forais seachas a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), diúltóidh [cuir isteach ainm BC] dá orduithe aistrithe airgid isteach agus amach go léir.

4. Próiseálfaidh [cuir isteach ainm BC] orduithe íocaíochta meandraí shealbhóir TIPS DCA a bhfuil a rannpháirtíocht i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] curtha ar fionraí nó foirceanta faoi Chuid I, Airteagal 25(1) nó (2) agus a raibh cistí forchoimeádta ag [cuir isteach ainm BC] ina leith ar TIPS DCA de bhun Airteagal 6(3), pointe (b) roimh an bhfionraí nó roimh an bhfoirceannadh.

CUID VI

Téarmaí agus coinníollacha speisialta maidir le córais choimhdeacha (AS) ag úsáid nós imeachta ollsocraíochta fíor-ama córais choimhdigh (AS RTGS) nósanna imeachta socraíochta

Airteagal 1

Cuntais theicniúla AS a oscailt agus a bhainistiú agus nósanna imeachta socraíochta AS RTGS a úsáid

1. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC], ar iarratas ó AS, cuntas teicniúil RTGS AS amháin nó níos mó a oscailt agus a oibriú chun tacú le nósanna imeachta socraíochta RTGS AS.

2. Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar chuntas teicniúil RTGS AS.

3. Ní dhéanfar cuntais theicniúla RTGS AS a fhoilsiú san eolaire RTGS.

4. Roghnóidh an AS ceann amháin de na nósanna imeachta socraíochta seo a leanas ar a laghad chun críocha orduithe aistrithe AS a phróiseáil:

(a) nós imeachta socraíochta RTGSAS A;

(b) nós imeachta socraíochta RTGS AS B;

(c) nós imeachta socraíochta RTGS AS C;

(d) nós imeachta socraíochta RTGS AS D;

(e) nós imeachta socraíochta RTGS AS E;

5. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagail 3, 4, 5, 6 agus 7 maidir le nósanna imeachta socraíochta AS RTGS A, B, C, D agus E, faoi seach.

6. Beidh nósanna imeachta socraíochta RTGS AS i bhfeidhm le linn na n-amanna atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V.

7. Iarrfaidh an AS ar [cuir isteach ainm BC] grúpa cuntas bainc socraíochta a chruthú.

8. Ní sheolfaidh an AS orduithe aistrithe AS ach chuig cuntais a áirítear sa ghrúpa cuntas bainc socraíochta dá dtagraítear i mír 7.

Airteagal 2

Tosaíocht orduithe aistrithe AS

Sannfar an tosaíocht "práinneach" go huathoibríoch d'ordaithe aistrithe AS uile.

Airteagal 3

Nós imeachta socraíochta A AS RTGS

1. Iarrfaidh an AS cuntas teicniúil tiomnaitheRTGSAS chun tacú le próiseáil orduithe aistrithe AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta A. Beidh iarmhéid nialasach ar chuntas den sórt sin ag deireadh an lae.

2. Féadfaidh an AS a iarraidh go n-osclófaí cuntas ciste ráthaíochta AS chun tacú le socraíocht i ndáil leis an tseirbhís "tréimhse shocraíochta". Úsáidfear na hiarmhéideanna ar an gcuntas ciste ráthaíochta AS chun orduithe aistrithe AS a shocrú i gcás nach bhfuil leachtacht leordhóthanach ar fáil ar RTGS DCA bainc socraíochta. Féadfaidh an cuntas ciste ráthaíochta AS a bheith i seilbh [cuir isteach ainm BC], an AS nó rannpháirtí incháilithe. Ní dhéanfar cuntas ciste ráthaíochta RTGS AS a fhoilsiú san eolaire RTGS.

3. Cuirfidh an AS orduithe aistrithe AS isteach mar bhaisc i gcomhad amháin ina gcaithfidh suim na dochair suim na gcreidmheasanna a chomhardú.

4. Ar dtús, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] iarracht orduithe aistrithe AS a chuirfidh RTGS DCAnna do dhochar a shocrú ó bhainc socraíochta agus cuntas teicniúil RTGS AS an AS a chreidiúnú. Ní dhéanfaidh [cuir isteach ainm BC] iarracht orduithe aistrithe AS lena gcuirtear RTGS AS chun dochair agus lena gcuirtear RTGS DCAnna na mbanc socraíochta chun sochair a shocrú go dtí go socrófar gach ordú aistrithe AS den sórt sin (lena n-áirítear cistiú féideartha chuntas teicniúil RTGS AS ón gcuntas ciste ráthaíochta AS).

5. Má tá ordú aistrithe AS chun RTGS DCA de chuid banc socraíochta ciúáilte, cuirfidh [cuir isteach ainm BC] an banc socraíochta ar an eolas trí mheán teachtaireachta craolta.

6. Más rud é gur osclaíodh cuntas ciste ráthaíochta AS agus nach bhfuil cistí leordhóthanacha ag banc socraíochta ar a RTGS DCA, féadfaidh an AS treoir a thabhairt do [cuir isteach ainm BC] meicníocht an chiste ráthaíochta a ghníomhachtú trí iarraidh an cuntas ciste ráthaíochta AS a chur chun dochair agus an cuntas teicniúil RTGS AS a chur chun sochair. Mura bhfuil cistí leordhóthanacha sa chuntas ciste ráthaíochta AS chun an tsocraíocht a chur i gcrích, teipfidh ar an bpróiseas socraíochta.

7. Má theipeann ar an bpróiseas socraíochta ar aon chúis, lena n-áirítear mar a thagraítear dó i mír 6, diúltóidh [cuir isteach ainm BC] gach ordú aistrithe AS neamhshocraithe sa chomhad aonair dá dtagraítear i mír 3 agus déanfaidh sé aon orduithe aistrithe AS atá socraithe cheana féin a fhreaschur.

8. Tabharfar fógra don AS ar chríochnú nó ar mhainneachtain na socraíochta.

9. Féadfaidh AS na seirbhísí seo a leanas a roghnú :

(a) an tseirbhís "tréimhse faisnéise", dá dtagraítear in Airteagal 8(1);

(b) an tseirbhís "tréimhse shocraíochta", dá dtagraítear in Airteagal 8(3);

Airteagal 4

Nós imeachta socraíochta B AS RTGS;

1. Iarrfaidh an AS ar chuntas teicniúil tiomnaithe RTGS AS chun tacú le próiseáil orduithe aistrithe AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta B. Beidh iarmhéid nialasach ar chuntas den sórt sin ag deireadh an lae.

2. Féadfaidh an AS a iarraidh go n-osclófaí cuntas ciste ráthaíochta AS chun tacú le socraíocht i ndáil leis an tseirbhís "tréimhse shocraíochta". Úsáidfear na hiarmhéideanna ar an gcuntas ciste ráthaíochta AS chun orduithe aistrithe AS a shocrú i gcás nach bhfuil leachtacht leordhóthanach ar fáil ar RTGS DCA bainc socraíochta. Féadfaidh an cuntas ciste ráthaíochta AS a bheith i seilbh [cuir isteach ainm BC], an AS nó rannpháirtí incháilithe. Ní dhéanfar cuntas ciste ráthaíochta RTGS AS a fhoilsiú san eolaire RTGS.

3. Cuirfidh an AS orduithe aistrithe AS isteach mar bhaisc i gcomhad amháin ina gcaithfidh suim na dochair suim na gcreidmheasanna a chomhardú.

4. Oibríonn nós imeachta socraíochta B ar bhonn "iomlán-nó-faic". Féachfaidh [cuir isteach ainm BC] le gach ordú aistrithe AS a chuireann RTGS DCAnna na mbanc socraíochta chun dochair agus a chuireann cuntas teicniúil RTGS AS an AS chun sochair agus gach ordú aistrithe AS a chuireann cuntas teicniúil RTGS AS chun dochair agus RTGS DCAnna na mbanc socraíochta chun sochair a shocrú go comhuaineach. Mura féidir ceann amháin nó níos mó de na horduithe aistrithe AS a shocrú, cuirfear gach ordú aistrithe AS i gciú agus cuirfear algartam barrfheabhsaithe i bhfeidhm, agus cuirfear na bainc socraíochta ar an eolas.

5. Más rud é gur osclaíodh cuntas ciste ráthaíochta AS agus nach bhfuil cistí leordhóthanacha ag banc socraíochta ar a RTGS DCA, féadfaidh an AS treoir a thabhairt do [cuir isteach ainm BC] meicníocht an chiste ráthaíochta a ghníomhachtú trí iarraidh an cuntas ciste ráthaíochta AS a chur chun dochair agus cuntas teicniúil RTGS AS a chur chun sochair. Mura bhfuil cistí leordhóthanacha sa chuntas ciste ráthaíochta AS chun an tsocraíocht a chur i gcrích, teipfidh ar an bpróiseas socraíochta.

6. Má theipeann ar an bpróiseas socraíochta ar aon chúis, lena n-áirítear mar a thagraítear dó i mír 5, diúltóidh [cuir isteach ainm BC] gach ordú aistrithe AS neamhshocraithe sa chomhad aonair dá dtagraítear i mír 3.

7. Tabharfar fógra don AS ar chríochnú nó ar mhainneachtain na socraíochta.

8. Féadfaidh AS na seirbhísí seo a leanas a roghnú :

(a) an tseirbhís "tréimhse faisnéise", dá dtagraítear in Airteagal 8(1);

(b) an tseirbhís "tréimhse shocraíochta", dá dtagraítear in Airteagal 8(3).

Airteagal 5

Nós imeachta socraíochta C AS RTGS

1. Tacaíonn nós imeachta socraíochta C le socraíocht trí úsáid a bhaint as leachtacht thiomnaithe ar fhochuntais. Iarrfaidh an AS ar chuntas teicniúil tiomnaithe RTGS AS chun tacú le próiseáil orduithe aistrithe AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta C. Beidh iarmhéid nialasach ar chuntas den sórt sin ag deireadh an lae. Féadfar an cuntas teicniúil RTGS AS seo a úsáid freisin chun tacú le próiseáil orduithe aistrithe AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta E.

2. Áiritheoidh an AS go n-osclóidh gach banc socraíochta fochuntas amháin ar a laghad nach bhfuil le húsáid ag AS ach chun críocha an nós imeachta socraíochta seo.

3. Tosóidh [cuir isteach ainm BC] nós imeachta socraíochta sainordaitheach C go huathoibríoch ar gach lá gnó TARGET de réir an sceidil atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V, a spreagfaidh socraíocht na mbuanorduithe aistrithe leachtachta sin a bunaíodh do nós imeachta socraíochta sainordaitheach C trí RTGS DCAnna na mbanc socraíochta a chur chun dochair agus an fochuntas dá dtagraítear i mír 2 a chur chun sochair.

4. Dúnfar nós imeachta socraíochta C trí bhíthin teachtaireachta deireadh nós imeachta, a fhéadfaidh an AS a sheoladh tráth ar bith roimh an scoitham le haghaidh íocaíochtaí idirbhainc mar atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V. Mura seolann AS an teachtaireacht deireadh nós imeachta faoin scoitham sin, dúnfaidh [cuir isteach ainm BC] an nós imeachta ag an scoitham sin.

5. Mar thoradh ar dhúnadh nós imeachta socraíochta sainordaitheach C, aistrítear leachtacht go huathoibríoch ón bhfochuntas dá dtagraítear i mír 2 go dtí an RTGS DCA.

6. Má dhúntar nós imeachta socraíochta sainordaitheach C, féadfaidh an AS tús a chur le nós imeachta roghnach aon tráth roimh an scoitham le haghaidh íocaíochtaí idirbhainc mar atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V, lena spreagfar socraíocht na mbuanorduithe aistrithe leachtachta sin a chuirfear ar bun le haghaidh nós imeachta socraíochta roghnach C trí RTGS DCA an bhainc socraíochta a chur chun dochair agus a fhochuntas RTGS a chur chun socair. Féadfaidh an AS nós imeachta roghnach comhleanúnach amháin nó níos mó a thosú agus a dhúnadh roimh an scoitham le haghaidh íocaíochtaí idirbhainc. Mar thoradh ar dhúnadh nós imeachta socraíochta C, aistrítear leachtacht go huathoibríoch ón bhfochuntas dá dtagraítear i mír 2 go dtí an RTGS DCA

7. Féadfaidh timthriall amháin nó roinnt timthriallta a bheith sa nós imeachta socraíochta sainordaitheach C agus in aon nós imeachta socraíochta roghnach C ina dhiaidh sin.

8. Féadfaidh an AS, tráth ar bith tar éis nós imeachta socraíochta sainordaitheach nó roghnach C a thosú, timthriall a thosú trí bhíthin teachtaireachta "tús timthrialla". Tar éis thús an timthrialla, ní fhéadfar aistrithe leachtachta a dhéanamh ón bhfochuntas dá dtagraítear i mír 2 go dtí go seolfaidh an AS teachtaireacht "deireadh timthrialla". Is féidir an t-iarmhéid a athrú le linn an timthrialla mar thoradh ar íocaíochtaí socraíochta nó má aistríonn banc socraíochta leachtacht chuig a fhochuntas. Tabharfaidh [cuir isteach ainm BC] fógra don AS faoin laghdú nó méadú leachtachta ar an bhfochuntas mar thoradh ar íocaíochtaí socraíochta traschórais. Má iarrann an AS amhlaidh, tabharfaidh an [cuir isteach ainm BC] fógra dó freisin faoin leachtacht mhéadaithe ar an bhfochuntas mar thoradh ar aistriú leachtachta ag an mbanc socraíochta.

9. Féadfaidh an AS orduithe aistrithe AS mar bhaisc i gcomhad amháin nó i roinnt comhaid le linn an timtrialla a bheith ar oscailt Féadfaidh na horduithe aistrithe airgid a bheith d'aon cheann de na hidirbhearta seo a leanas:

(a) fochuntais na mbanc socraíochta a chur chun dochair agus cuntas teicniúil an RTGS AS a chur chun sochair;

(b) cuntas teicniúil an RTGS AS a chur chun dochair agus fochuntais na mbanc socraíochta a chur chun socair;

(c) cuntas teicniúil an RTGS AS a chur chun dochair agus RTGS DCAnna na mbanc socraíochta a chur chun sochair.

10. Socróidh [cuir isteach ainm BC] láithreach na horduithe aistrithe AS sin is féidir a shocrú. Déanfar orduithe aistrithe AS nach féidir a shocrú láithreach a chiúáil agus cuirfear algartam barrfheabhsaithe i bhfeidhm. Diúltófar d'aon orduithe aistrithe AS neamhshocraithe tráth a ndúntar an timthriall.

11. Tabharfar fógra don AS faoi dheireadh an timthrialla ar a dhéanaí maidir le stádas na n-orduithe aistrithe aonair AS.

Airteagal 6

Nós imeachta socraíochta D AS RTGS

1. Tacaíonn nós imeachta socraíochta RTGS AS D le socraíocht maidir le húsáid réamh-mhaoinithe. Iarrfaidh an AS cuntas teicniúil tiomnaithe RTGS AS chun tacú le próiseáil orduithe aistrithe AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta D.

2. Ní bheidh ach iarmhéid nialasach nó iarmhéid dearfach ar chuntais theicniúla RTGS AS. Féadfaidh leachtacht fanacht ar chuntas teicniúil RTGS AS thar oíche agus, air sin, beidh sí faoi réir luach saothair mar a leagtar amach i gCuid I, Airteagal 12(2).

3. Tabharfaidh [cuir isteach ainm BC] fógra don AS faoi aistrithe leachtachta lena gcuirtear RTGS DCAnna na mbanc socraíochta chun dochair agus lena gcuirtear cuntas teicniúil an RTGS AS chun sochair. Féadfar na haistrithe leachtachta seo a dhéanamh ar gach lá gnó TARGET de réir an sceidil atá leagtha amach in bhFoscríbhinn V. Féadfaidh an AS orduithe aistrithe leachtachta láithreach a ionchur a chuireann cuntas teicniúil an RTGS AS chun dochair agus RTGS DCAnnana na mbanc socraíochta chun sochair.

Airteagal 7

Nós imeachta socraíochta E AS RTGS

1. Tacaíonn nós imeachta socraíochta RTGS AS E le socrú déthaobhach agus le próiseáil aonair orduithe aistrithe AS. Féadfaidh an AS Nós Imeachta Socraíochta E a úsáid gan cuntas teicniúil RTGS AS le haghaidh socraíochta déthaobhaí. Iarrfaidh an AS cuntas teicniúil RTGS AS chun tacú le próiseáil orduithe aistrithe AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta E má roghnaíonn sé próiseáil aonair orduithe aistrithe AS. Beidh iarmhéid nialasach ar an gcuntas teicniúil RTGS AS seo ag deireadh an lae. Féadfar an cuntas teicniúil RTGS AS seo a úsáid freisin le haghaidh nós imeachta socraíochta C.

2. Féadfaidh an AS orduithe aistrithe AS a thíolacadh mar bhaisc i gcomhad amháin nó i roinnt comhad idir:

(a) RTGS DCAnna na mbanc socraíochta agus cuntas teicniúil an RTGS AS má úsáidtear iad; agus

(b) RTGS DCAnna na mbanc socraíochta.

Beidh an AS freagrach as seicheamhú ceart orduithe aistrithe AS sa chomhad a áirithiú chun socraíocht rianúil a áirithiú.

3. Socróidh [cuir isteach ainm BC] láithreach na horduithe aistrithe AS sin is féidir a shocrú. Déanfar orduithe aistrithe AS nach féidir a shocrú láithreach a chiúáil. Má ciúáiltear ordú aistrithe AS chun RTGS DCA de chuid banc socraíochta a chur chun dochair, cuirfidh an banc socraíochta ar an eolas trí mheán teachtaireachta craolta.

4. Féadfaidh AS na seirbhísí seo a leanas a roghnú :

(a) an tseirbhís "tréimhse fhaisnéise", dá dtagraítear in Airteagal 8(1);

(b) an tseirbhís "tréimhse shocraíochta", dá dtagraítear in Airteagal 8(3).

5. Tabharfar fógra don AS maidir le stádas na n-orduithe aistrithe AS aonair arna gcur isteach.

Airteagal 8

Tréimhse fhaisnéise agus tréimhse shocraíochta

1. Ligeann an tseirbhís "tréimhse fhaisnéise" don AS a bhainc socraíochta a chur ar an eolas faoin leachtacht is gá chun socraíocht rathúil a chinntiú. Ligeann an tseirbhís roghnach seo don AS tréimhse a shainiú roimh thús shocraíocht na n-orduithe aistrithe AS. Le linn na tréimhse sin, agus ar iarratas ón mbanc socraíochta, féadfaidh an AS orduithe aistrithe AS aonair (do nós imeachta socraíochta RTGS AS E) nó comhaid (le haghaidh nósanna imeachta socraíochta RTGS AS A agus B) a chúlghairm. In a theannta sin, féadfaidh an AS iarraidh ar [cuir isteach ainm BC] an chúlghairm sin a dhéanamh thar a cheann.

2. Sa chás go ndéanann AS, nó go ndéanann [cuir isteach ainm BC] thar cheann an AS, orduithe aistrithe AS aonair (do Nós Imeachta Socraíochta RTGS AS E) nó comhaid (do nósanna imeachta socraíochta RTGS AS A agus B) a chúlghairm le linn na "tréimhse fhaisnéise", cuirfear próiseáil na n-orduithe aistrithe AS ar ceal.

3. Ceadaíonn an tseirbhís "tréimhse shocraíochta" don AS tréimhse a shainiú go dtí gur féidir socraíocht orduithe aistrithe AS a dhéanamh. Is réamhriachtanas í an tseirbhís seo chun cuntas ciste ráthaíochta a úsáid, agus tá sé roghnach chun cuntais theicniúla AS a úsáid.

4. Le linn na "tréimhse socraíochta" féadfaidh an AS, nó [cuir isteach ainm BC] thar a cheann, orduithe aistrithe AS aonair (do nós imeachta socraíochta RTGS AS E) nó comhaid (do nósanna imeachta socraíochta RTGS AS A agus B) nach bhfuil stádas críochnaitheach acu a chúlghairm agus beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) má úsáidtear nós imeachta socraíochta RTGS AS E le haghaigh socraíochta déthaobhaí, déanfar na horduithe aistrithe AS ábhartha a fhreaschur;

(b) mura n-úsáidtear nós imeachta socraíochta RTGS AS E le haghaidh socraíochta déthaobhaí, nó má theipeann ar an tsocraíocht iomlán i nós imeachta socraíochta RTGS AS A, déanfar aon orduithe aistrithe AS socraithe sa chomhad a fhreaschur agus cuirfear na bainc socraíochta go léir agus an AS ar an eolas trí theachtaireacht chraolta.

(c) má úsáidtear nós imeachta socraíochta RTGS AS B, teipeann ar an tsocraíocht iomlán agus cuirfear na bainc socraíochta go léir agus an AS ar an eolas trí theachtaireacht chraolta.

Airteagal 9

Socraíocht traschórais

1. Ligeann socraíocht traschórais don AS creidiúnú a dhéanamh do chuntas teicniúil RTGS AS AS eile nó d'fhochuntas bainc socraíochta de chuid AS eile agus tá sé ar fáil do AS trí úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta RTGS AS C nó D.

2. Ceadóidh [cuir isteach ainm BC], ar iarratas ón AS, socraíocht traschórais idir an AS sin agus AS eile i TARGET-[cuir isteach tagairt tíre/ainm BC] nó córas comhpháirte eile de TARGET. Cuirfidh an AS iarrthach údarú an AS eile ar fáil do [cuir isteach ainm BC].

3. Ní fhéadfar socrú traschórais a thionscnamh ach amháin má tá nós imeachta socraíochta oscailte ag an dá AS. Ina theannta sin, má thionscnaíonn AS an tsocraíocht traschórais trí úsáid á bhaint as nós imeachta socraíochta RTGS AS C, ní mór timthriall socraíochta a bheith oscailte don AS sin freisin.

4. Ní dhéanfaidh AS a úsáideann nós imeachta socraíochta RTGS AS C i gcomhthéacs socraíochta traschórais ach orduithe aistrithe AS a chur isteach ina n-aonar a chuirfidh fochuntas ceann dá bhainc socraíochta AS do dhochar. Chuirfeadh na horduithe aistrithe AS seo fochuntas an bhainc socraíochta AS glactha chun socair má tá an AS glactha sin ag baint úsáide as nós imeachta socraíochta RTGS AS C, nó chuirfeadh siad cuntas teicniúil RTGS AS an AS glactha chun socair má tá an AS sin ag baint úsáide as nós imeachta socraíochta RTGS AS D.

5. Ní dhéanfaidh AS a úsáideann nós imeachta socraíochta RTGS AS D i gcomhthéacs socraíochta traschórais ach orduithe aistrithe AS a chur isteach ina n-aonar lena gcuirtear a chuntas teicniúil RTGS AS chun dochair. Chuirfeadh na horduithe aistrithe AS seo fochuntas an bhainc socraíochta AS glactha chun socair má tá an AS glactha sin ag baint úsáide as nós imeachta socraíochta RTGS AS C, nó chuirfeadh siad cuntas teicniúil RTGS AS an AS glactha chun socair má tá an AS sin ag baint úsáide as nós imeachta socraíochta RTGS AS D.

Tabharfar fógra don dá AS a úsáideann socraíocht traschórais trí theachtaireacht chraolta maidir le socraíocht nó diúltú na n-orduithe aistrithe AS.

Airteagal 10

Éifeacht fionraí nó foirceanta

Má dhéantar úsáid nósanna imeachta socraíochta AS a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh ag AS le linn timthriall socraíochta orduithe aistrithe AS, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] an timthriall socraíochta a chríochnú.

CUID VII

Téarmaí agus coinníollacha speisialta maidir le córais choimhdeacha ag baint usáid as nós imeachta córais choimhdigh de shocraíocht íocaíochtaí meandracha target (TIPS) (NÓS IMEACHTA AS TIPS)

Aireagal 1

Cuntas teicniúil AS TIPS a oscailt agus a bhainistiú

1. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] ar iarratas ó AS a shocraíonn íocaíochtaí meandracha de bhun scéim SCT Inst nó íocaíochtaí gar láithreacha ina leabhair féin, cuntas teicniúil TIPS AS amháin nó níos mó a oscailt agus a oibriú.

2. Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar chuntas teicniúil TIPS AS.

3. Úsáidfidh an córas coimhdeach cuntas teicniúil TIPS AS chun an leachtacht is gá a chuirtear i leataobh ag a chomhaltaí imréitigh chun a suíomhanna a mhaoiniú a bhailiú.

4. Féadfaidh an córas coimhdeach rogha a dhéanamh fógraí a fháil maidir le creidiúnú agus cur chun dochair a chuntais theicniúil TIPS AS. Má roghnaíonn an córas coimhdeach an tseirbhís seo, soláthraítear fógra láithreach ar dhochar nó ar shocar an chuntais theicniúil TIPS AS

5. Féadfaidh córas coimhdeach orduithe íocaíochta meandracha, agus freagraí dearfacha aisghairme a sheoladh chuig aon sealbhóir TIPS DCA nó TIPS AS. Gheobhaidh agus phróiseáfaidh córas coimhdeach orduithe íocaíochta meandracha, iarrata aisghairme agus freagraí dearfacha aisghairme ó aon TIPS DCA nó TIPS AS.

Airteagal 2

Teachtaireachtaí a sheoladh agus a fháil

1. Féadfaidh sealbhóir cuntas teicniúil TIPS AS teachtaireachtaí a sheoladh:

(a) go díreach;

(b) trí pháirtí treorach amháin nó níos mó.

2. Gheobhaidh sealbhóir cuntas teicniúil TIPS AS teachtaireachtaí:

(a) go díreach; nó

(b) trí pháirtí treorach amháin.

3. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 7 maidir le sealbhóir cuntas teicniúil TIPS AS a sheolann nó a fhaigheann teachtaireachtaí trí pháirtí treorach amhail is go seolann nó go bhfaigheann an sealbhóir cuntas teicniúil TIPS AS sin na teachtaireachtaí go díreach.

Airteagal 3

Orduithe aistrithe leachtachta láithreacha

Féadfaidh sealbhóir cuntas teicniúil TIPS AS orduithe aistrithe leachtachta láithreacha a chur isteach.

Airteagal 4

Próiseáil orduithe aistrithe airgid ar chuntais theicniúla AS TIPS

1. Leithdháiltear stampa ama chun orduithe aistrithe airgid a phróiseáil de réir ord a bhfála.

2. Déanfar gach ordú aistrithe airgid a chuirtear isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] a phróiseáil de réir an phrionsabail (FIFO) "is túisce isteach is túisce amach", gan tosaíocht ná athordú a dhéanamh.

3. Tar éis glacadh le hordú íocaíochta meandraí mar a leagtar amach i gCuid I, Airteagal 17(1), seiceálfaidh -[cuir isteach ainm BC/tíre] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar chuntas teicniúil TIPS AS an íocóra chun socraíocht a chur i gcrích agus beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) mura bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil, diúltófar don ordú íocaíochta meandraí;

(b) má tá cistí leordhóthanacha ar fáil, cuirtear an méid comhfhreagrach i gcúlchistí fad a bheifear ag fanacht le freagra an íocaí. I gcás go nglacfaidh an t-íocaí leis, socrófar an t-ordú íocaíochta meandraí agus cuirfear deireadh leis an bhforchoimeádas go comhuaineach. I gcás diúltaithe ag an t-íocaí nó mura bhfaightear freagra tráthúil uaidh, de réir bhrí na scéime Inst SCT, déanfaidh an t-ordú íocaíochta meandraí a dhiúltú agus cuirfear deireadh leis an bhforchoimeádas go comhuaineach.

4. Ní bheidh cistí a cuireadh i gcúlchistí i gcomhréir le mír 3(b) ar fáil chun orduithe aistrithe airgid ina dhiaidh sin a shocrú.

5. Gan dochar do mhír 3(b), diúltóidh [cuir isteach ainm BC] d'orduithe íocaíochta meandraí má sháraíonn méid an ordaithe íocaíochta mheandraí aon iarmhéid meabhráin creidmheasa (CMB) is infheidhme.

6. Tar éis glacadh le hordú aistrithe leachtachta ó chuntas teicniúil TIPS AS go dtí TIPS DCA mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 17(1), seiceálfaidh [cuir isteach ainm BC] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar chuntas teicniúil TIPS AS an íocóra atá le cur chun dochair. Mura bhfuil go leor cistí ar fáil diúltófar don ordú aistrithe leachtacha. Má tá go leor cistí ar fáil socraítear an t-ordú aistrithe leachtachta láithreach.

7. Tar éis glacadh le freagra dearfach aisghairme, mar a leagtar amach i gCuid 1, Airteagal 17, seiceálfaidh [cuir isteach ainm BC] an bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ar chuntas teicniúil TIPS AS atá le cur chun dochair. Mura bhfuil go leor cistí ar fáil diúltófar don fhreagra dearfach aisghairme Má tá go leor cistí ar fáil socraítear an freagra dearfach aisghairme.

8. Gan dochar do mhír 7, diúltóidh [cuir isteach tagairt BC/tíre] do fhreagraí dearfacha aisghairmeacha má sháraíonn méid an fhreagra dhearfach aisghairme aon CMB is infheidhme.

Airteagal 5

Iarraidh ar aisghairm

1. Féadfaidh sealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS iarraidh ar aisghairm a chur isteach.

2. Cuirfear an iarraidh ar aisghairm ar aghaidh chuig íocaí an ordaithe íocaíochta mheandraí socraithe a fhéadfaidh freagairt le freagra dearfach nó diúltach aisghairme.

Airteagal 6

Nós imeachta socraíochta AS TIPS

Beidh nós imeachta socraíochta TIPS AS i bhfeidhm le linn na n-amanna atá leagtha amach i bhFoscríbhinn V.

Aireagal 7

Páirtithe inrochtana trí chuntas teicniúil TIPS AS

1. Féadfaidh cuntas teicniúil sealbhóir TIPS AS páirtí inrochtana amháin nó níos mó a ainmniú. Ní mór gur chloigh páirtithe inrochtana leis an scéim ACS trí Chomhaontú Forleanúna um Aistriú Creidmheasa Meandrach SEPA a shíniú.

2. Soláthróidh sealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS fianaise do [cuir isteach ainm BC] gur chloígh gach páirtí inrochtana ainmnithe leis an scéim ACS

3. Cuirfidh sealbhóir chuntais theicniúil TIPS AS [cuir isteach ainm BC] ar an eolas mura gcloíonn aon pháirtí inrochtana ainmnithe leis an scéim ACS a thuilleadh agus glacfaidh sé, gan mhoill mhíchuí, bearta chun cosc a chur ar an bpáirtí sin rochtain a fháil ar TIPS AS.

4. Féadfaidh sealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS rochtain a cheadú dá pháirtithe inrochtana ainmnithe trí pháirtí treorach amháin nó níos mó.

5. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 7 maidir le AS a bhfuil páirtithe inrochtana ainmnithe aige.

6. Áiritheoidh sealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS a bhfuil páirtí inrochtana ainmnithe aige go mbeidh an páirtí inrochtana sin ar fáil i gcónaí chun teachtaireachtaí a ghlacadh.

Airteagal 8

Idirbhearta próiseáilte ar chuntais theicniúla AS TIPS

1. Déantar na hidirbhearta seo a leanas a phróiseáil trí chuntas teicniúil TIPS AS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre):

(a) orduithe íocaíochta meandraí;

(b) freagraí athghairmeacha dearfacha;

(c) orduithe aistrithe leachtacha chuig TIPS DCAnna.

Airteagal 9

Eolaire TIPS

1. Is éard atá san eolaire TIPS ná liosta de na BICanna a úsáidtear chun faisnéis a ródú agus cuimsíonn sé na BICanna de:

(a) shealbhóirí TIPS DCA;

(b) pháirtithe inrochtana.

2. Déanfar an t-eolaire TIPS a nuashonrú go laethúil.

3. Ní fhéadfaidh sealbhóirí cuntais theicniúla TIPS AS an t-eolaire TIPS a dháileadh ach ar a bpáirtithe inrochtana ainmnithe agus a bpáirtithe treoracha. Ní fhéadfaidh páirtithe inrochtana an t-eolaire TIPS a dháileadh ach ar a mbrainsí.

4. Ní féidir BIC ar leith a thaispeáint ach uair amháin san eolaire TIPS.

5. Admhaíonn sealbhóirí cuntais theicniúla TIPS AS gur féidir [cuir isteach ainm BC] agus BCanna eile ainmneacha agus BICanna páirtithe inrochtana arna n-ainmniú ag sealbhóirí cuntais theicniúla TIPS AS a fhoilsiú agus áiritheoidh sealbhóirí cuntais theicniúla TIPS AS gur aontaigh páirtithe inrochtana leis an bhfoilseachán sin.

Airteagal 10

Stór MPL

1. Tá an tábla mapála d'IBAN ionadach chun críocha na seirbhíse MPL sa stór lárnach maidir le cuardach ionadaí soghluaiste (MPL).

2. Ní féidir gach seachfhreastalaí a nascadh ach le hIBAN amháin. Is féidir IBAN a nascadh le seachfhreastalaí amháin nó seachfhreastalaithe iolracha.

3. Beidh feidhm ag Cuid I, Airteagal 28 maidir leis na sonraí atá sa stór MPL.

Airteagal 11

Próiseáil orduithe aistrithe airgid i gcás fionraí nó foirceanta urghnách

1. Ar fhoirceannadh rannpháirtíochta shealbhóir chuntas teicniúil TIPS AS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre], ní ghlacfaidh [cuir isteach ainm BC] le haon orduithe aistrithe airgid nua chuig nó ón tsealbhóir cuntas teicniúil TIPS AS sin.

2. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir chuntas teicniúil TIPS AS i TARGET[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar fhorais seachas iad siúd a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), maidir le [cuir isteach ainm BC]:

(a) diúiltóidh sé dá orduithe aistrithe airgid isteach go léir;

(b) diúltóidh sé dá orduithe aistrithe airgid amach go léir; nó

(c) diúltóidh sé dá orduithe aistrithe isteach agus amach.

3. Má chuirtear rannpháirtíocht shealbhóir chuntas teicniúil TIPS AS i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ar fionraí ar na forais a shonraítear i gCuid I, Airteagal 25(1), pointe (a), diúltóidh [cuir isteach ainm BC] dá orduithe aistrithe airgid isteach agus amach go léir.

4. Próiseálfaidh [cuir isteach ainm BC] orduithe íocaíochta meandraí shealbhóir chuntas teicniúil TIPS AS a bhfuil a rannpháirtíocht i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] curtha ar fionraí nó foirceanta faoi Chuid I, Airteagal 25(1) nó (2) agus a raibh cistí forchoimeádta ag [cuir isteach ainm BC] ina leith ar chuntas teicniúil TIPS AS de bhun Airteagal 4(3), pointe (b) roimh an bhfionraí nó roimh an bhfoirceannadh.

FOSCRÍBHINN I

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA LE HAGHAIDH ORDUITHE AISTRITHE AIRGID A PHRÓISEÁIL

De bhreis ar na Coinníollacha Comhchuibhithe, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le horduithe aistrithe airgid a phróiseáil:

1. **Ceanglais tástála maidir le rannpháirtíocht i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre]**

Éireoidh gach rannpháirtí le sraith tástálacha chun a inniúlacht theicniúil agus oibríochtúil a chruthú sula bhféadfaidh sé páirt a ghlacadh i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre].

2. **Uimhreacha cuntais**

Sainaithneofar cuntas gach rannpháirtí le huimhir chuntais uathúil suas le 34 carachtar comhdhéanta de chúig chuid mar a leanas:

Ainm	Uimh. Carachtar	Ábhar
Cineál cuntais	1.	M = MCA R = DCA RTGS C = DCA T2S I = DCA TIPS T = cuntas teicniúil AS RTGS U = Fochuntas A = Cuntais teicniúil G = Cuntas cistí ráthaíochta AS D = Cuntas taisce thar oíche X = Cuntas teagmhasachta
Cód tíre bainc ceannais	2.	Cód tíre ISO: 3166-1
Cód airgeadra	3.	EUR
BIC	11	Sealbhóir cuntais BIC
Ainm cuntais	Max. 17	Téacs saor ([1])

([1]) Maidir le fochuntais ní mór don chuid seo tosú leis an gcód AS 3-charachtar mar atá sainmhínithe ag an mbanc ceannais.

3. **Rialacha teachtaireachta i TARGET**

(a) Comhlíonfaidh gach rannpháirtí an struchtúr teachtaireachta agus sonraíochtaí an réimse, mar atá sainmhínithe i gCuid 3 de na Sonraíochtaí Feidhmiúla Mionsonraithe Úsáideora (UDFS).

(b) Cuirfear ceannteidil feidhmchláir ghnó i gceangal le gach cineál teachtaireachta a phróiseálfar ar MCAnna, DCAnna RTGS (lena n-áirítear fochuntais), AS RTGS cuntais teicniciúla, cuntas cistí ráthaíochta AS agus AS T2S DCAs mar a leanas:

Cineál Teachtaireachta	Cur síos
ceann.001	Feidhmchláir gnó
ceann.002	Ceannteideal comhaid gnó

4. **Cineál Teachtaireachta arna bpróiseáil i TARGET**

(a) Déantar na cineálacha teachtaireachta seo a leanas a phróiseáil ar MCAnna:

Cineál Teachtaireachta	Cur síos
Administration (admi)	
admi.004	SystemEventNotification
admi.005	ReportQueryRequest
admi.007	ReceiptAcknowledgement
Cash Management (camt)	
camt.003	GetAccount
camt.004	ReturnAccount
camt.005	GetTransaction
camt.006	ReturnTransaction
camt.018	GetBusinessDayInformation
camt.019	ReturnBusinessDayInformation
camt.025	Receipt
camt.046	GetReservation
camt.047	ReturnReservation
camt.048	ModifyReservation
camt.049	DeleteReservation
camt.050	LiquidityCreditTransfer
camt.053	BankToCustomerStatement
camt.054	BankToCustomerDebitCreditNotification
Payments clearing and Settlement (pacs)	
pacs.009	FinancialInstitutionCreditTransfer
pacs.010	FinancialInstitutionDirectDebit

(b) Próiseáiltear na cineálacha teachtaireachta seo a leanas ar DCAnna RTGS, agus más ábhartha, ar chuntais theicniúla AS RTGS agus ar chuntais chiste ráthaíochta; i gc bhaineann sé le cuntais theicniúla RTGS AS agus cuntais cistí ráthaíochta AS:

Administration (admi)	
admi.004	SystemEventNotification
admi.005	Iarraidh ar ceist thuarascála
admi.007	ReceiptAcknowledgement
Cash Management (camt)	
camt.003	GetAccount
camt.004	ReturnAccount
camt.005	GetTransaction
camt.006	Aischuir Idirbheart
camt.007	ModifyTransaction
camt.009	GetLimit

camt.010	ReturnLimit
camt.011	ModifyLimit
camt.012	DeleteLimit
camt.018	GetBusinessDayInformation
camt.019	ReturnBusinessDayInformation
camt.021	ReturnGeneralBusinessInformation
camt.025	Receipt
camt.029	ResolutionOfInvestigation
camt.046	GetReservation
camt.047	ReturnReservation
camt.048	ModifyReservation
camt.049	DeleteReservation
camt.050	LiquidityCreditTransfer
camt.053	BankToCustomerStatement
camt.054	BankToCustomerDebitCreditNotification
camt.056	FIToFIPaymentCancellationRequest
Imréiteach agus Socraíocht Íocaíochtaí (pacs)	
pacs.002	PaymentStatusReport
pacs.004	PaymentReturn
pacs.008	CustomerCreditTransfer
pacs.009	FinancialInstitutionCreditTransfer
pacs.010	FinancialInstitutionDirectDebit
Payments Initiation (pain)	
pain.998	ASInitiationStatus
pain.998	ASTransferNotice
pain.998	ASTransferInitiation

(c) Próiseáiltear na cineálacha teachtaireachta seo a leanas ar DCAnna T2S

Cineál Teachtaireachta	Cur síos
Riarachán (admi)	
admi.005	ReportQueryRequest
admi.006	ResendRequestSystemEventNotification
admi.007	ReceiptAcknowledgement
Bainistiú Airgid (camt)	
camt.003	GetAccount

Cineál Teachtaireachta	Cur síos
camt.004	ReturnAccount
camt.005	GetTransaction
camt.006	ReturnTransaction
camt.009	GetLimit
camt.010	ReturnLimit
camt.011	ModifyLimit
camt.012	DeleteLimit
camt.018	GetBusinessDayInformation
camt.019	ReturnBusinessDayInformation
camt.024	ModifyStandingOrder
camt.025	Receipt
camt.050	LiquidityCreditTransfer
camt.051	LiquidityDebitTransfer
camt.052	BankToCustomerAccountReport
camt.053	BankToCustomerStatement
camt.054	BankToCustomerDebitCreditNotification
camt.064	LimitUtilisationJournalQuery
camt.065	LimitUtilisationJournalReport
camt.066	IntraBalanceMovementInstruction
camt.067	IntraBalanceMovementStatusAdvice
camt.068	IntraBalanceMovementConfirmation
camt.069	GetStandingOrder
camt.070	ReturnStandingOrder
camt.071	DeleteStandingOrder
camt.072	IntraBalanceMovementModificationRequest
camt.073	IntraBalanceMovementModificationRequestStatusAdvice
camt.074	IntraBalanceMovementCancellationRequest
camt.075	IntraBalanceMovementCancellationRequestStatusAdvice
camt.078	IntraBalanceMovementQuery
camt.079	IntraBalanceMovementQueryResponse
camt.080	IntraBalanceModificationQuery
camt.081	IntraBalanceModificationReport
camt.082	IntraBalanceCancellationQuery
camt.083	IntraBalanceCancellationReport
camt.084	IntraBalanceMovementPostingReport
camt.085	IntraBalanceMovementPendingReport

(d) Próiseáiltear na cineálacha teachtaireachta seo a leanas ar DCAnna TIPS agus ar chuntais theicniúla AS TIPS:

Cineál Teachtaireachta	Cur síos
Riarachán (admi)	
pacs.002	FIToFIPayment Status Report
pacs.004	PaymentReturn
pacs.008	FIToFICustomerCreditTransfer
pacs.028	FIToFIPaymentStatusRequest
Bainistiú Airgid (camt)	
camt.003	GetAccount
camt.004	ReturnAccount
camt.011	ModifyLimit
camt.019	ReturnBusinessDayInformation
camt.025	Receipt
camt.029	ResolutionOfInvestigation
camt.050	LiquidityCreditTransfer
camt.052	BankToCustomerAccountReport
camt.053	BankToCustomerStatement
camt.054	BankToCustomerDebitCreditNotification
camt.056	FIToFIPaymentCancellationRequest
acmt.010	AccountRequestAcknowledgement
acmt.011	AccountRequestRejection
acmt.015	AccountExcludedMandateMaintenanceRequest
Sonraí tagartha (reda)	
reda.016	PartyStatusAdviceV01
reda.022	PartyModificationRequestV01

5. **Seiceáil iontrála dúbailte**

Déanfaidh seiceáil iontrála dúbailte ar gach ordú aistrithe airgid, arb é is aidhm di diúltú d'orduithe a cuireadh isteach níos mó ná uair amháin (orduithe aistrithe airgid dúbailte). Tá sonraí le fáil i gCuid I, Roinn 3 den UDFS ábhartha.

6. **Rialacha bailíochtaithe agus cóid earráide**

Déantar teachtaireachtaí a bhailíochtú de réir threoirlínte Íocaíochtaí Ardluacha Plus (HVPS+) maidir le bailíochtú teachtaireachta atá sonraithe i gcaighdeán ISO 20022, agus bailíochtaí a bhaineann go sonrach le TARGET. Déantar cur síos ar na rialacha mionsonraithe bailíochtaithe agus ar na cóid earráide sna codanna faoi seach den UDFS mar a leanas:

(a) do MCAnna, i gCaibidil 14 de na CLM UDFS

(b) do RTGS DCAnna, i gCaibidil 13 de na RTGS UDFS;

(c) do T2S DCAnna, i gCaibidil 4.1 de na T2S UDFS.

Má dhiúltaítear d'ordú íocaíochta meandraí nó freagra athghairme dearfach ar chúis ar bith, gheobhaidh sealbhóir TIPS DCA tuarascáil ar stádas íocaíochta (pacs.002), mar a thuairiscítear i gCaibidil 4.2 de na TIPS UDFS. Má dhiúltaítear d'ordú aistrithe leachtachta ar chúis ar bith, gheobhaidh sealbhóir TIPS DCA diúltú (camt.025), mar a thuairiscítear i gCaibidil 1.6 de na TIPS UDFS.

7. **Amanna socraíochta réamhchinntithe agus teagmhais réamhchinntithe**

DCAnna RTGS

(a) Maidir le horduithe íocaíochta ag baint úsáide as an Táscaire maidir leis an Tráth Dochair is Luaithe, úsáidfear an eilimint teachtaireachta "/FromTime/".

(b) Maidir le horduithe íocaíochta ag baint úsáide as an Táscaire maidir leis an Tráth Dochair is Déanaí, beidh dhá rogha ar fáil.

(i) Eilimint teachtaireachta "RejectTime": mura féidir an t-ordú íocaíochta a shocrú faoin am dochair a luaitear, déanfaidh an t-ordú aistrithe airgid a dhiúltú.

(ii) Eilimint teachtaireachta "TillTime": mura féidir an t-ordú íocaíochta a shocrú faoin am dochair a luaitear, ní dhéanfaidh an t-ordú íocaíochta a dhiúltú ach coinneofar é sa chiú ábhartha.

Faoin dá rogha, mura socraítear ordú íocaíochta le Táscaire maidir leis an Tráth Dochair is Déanaí 15 nóiméad roimh an am a léirítear ann, seolfar fógra go huathoibríoch tríd an GUI.

DCAnna T2S

(a) Maidir le horduithe aistrithe leachtachta láithreacha, ní theastaíonn aon chlib XML ar leith;

(b) Féadfar orduithe aistrithe leachtachta réamhshainithe agus buanorduithe aistrithe leachtachta a spreagadh le ham nó teagmhas ar leith lá na socraíochta:

(i) le haghaidh socraíochta ag am ar leith, úsáidfear an chlib XML "Time (/ExctnTp/Tm/)",

(ii) le haghaidh socraíochta nuair a tharlaíonn teagmhas ar leith, úsáidfear an chlib XML "(EventType/ExctnTp/Evt/)".

(c) Socróidh na clibeanna XML seo a leanas an tréimhse bailíochta le haghaidh buanorduithe aistrithe leachtachta: "FromDate/VldtyPrd/FrDt/" and "ToDate/VldtyPrd/ToDt/".

8. **Fritháireamh orduithe aistrithe airgid ar DCAnna RTGS**

Déanfar seiceálacha fritháirimh agus, más iomchuí, seiceálacha breisithe fritháirimh (an dá théarma mar a shainmhinítear i míreanna a) agus b) ar orduithe aistrithe airgid chun socraíocht rianúil a éascú.

(a) Cinnfear le seiceáil fritháirimh an bhfuil orduithe aistrithe airgid an íocaí atá ag tosach an chúi le haghaidh orduithe aistrithe airgid a bhfuil an tosaíocht "phráinneach" acu nó, mura bhfuil sí infheidhme, a bhfuil an tosaíocht "ard" acu, ar fáil lena bhfritháireamh in aghaidh ordú aistrithe airgid an íocóra (dá ngairfear anseo feasta "orduithe aistrithe airgid fritháirithe"). Mura soláthraíonn ordú aistrithe airgid fritháirithe cistí leordhóthanacha d'ordú aistrithe airgid an íocóra faoi seach, cinnfear an bhfuil leachtacht leordhóthanach ar fáil ar RTGS DCA an íocóra.

(b) Má theipeann ar an seiceáil fritháirimh, féadfaidh an [cuir isteach ainm BC] seiceáil bhreisithe fritháirimh a chur i bhfeidhm. Le seiceáil bhreisithe fritháirimh cinntítear an bhfuil orduithe aistrithe airgid fritháirimh ar fáil i gciúnna ar bith an íocaí is cuma cathain a chuaigh siad isteach sa chiú. Mar sin féin, má tá orduithe aistrithe airgid le tosaíocht níos airde i gciú an íocaí atá dírithe chuig rannpháirtithe eile, ní fhéadfar prionsabal FIFO a shárú mura rud é go dtiocfadh méadú leachtachta don íocaí dá socrófaí an t-ordú aistrithe airgid fritháirimh sin.

9. **Algartaim bharrfheabhsú ar DCAanna RTGS agus fochuntais**

Cuirfear ceithre algartam i bhfeidhm chun socraíocht rianúil sreabha íocaíochta a éascú. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa RTGS UDFS Cuid 2.

(a) Faoin algartam "**barrfheabhsú páirteach**" déanfaidh [cuir isteach ainm BC]:

(i) suíomhanna leachtachta, teorainneacha agus forchoimeádtaí gach RTGS DCA ábhartha a ríomh agus a sheiceáil; agus

(ii) má tá suíomh leachtachta iomlán RTGS DCA ábhartha amháin nó níos mó diúltach, orduithe íocaíochta aonair a bhaint amach go dtí go mbeidh suíomh leachtachta iomlán gach cuntas RTGS DCA ábhartha dearfach.

Ina dhiaidh sin, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] agus na BCanna eile lena mbaineann, ar choinníoll go bhfuil cistí leordhóthanacha ann, na horduithe íochtaíochta atá fágtha (seachas na horduithe aistrithe airgid asbhainte) a shocrú go comhuaineach ar RTGS DCAnna na rannpháirtithe lena mbaineann.

Agus orduithe íocaíochta á mbaint amach, tosóidh [cuir isteach ainm BC] ó RTGS DCA an rannpháirtí a bhfuil an suíomh leachtachta iomlán diúltach is airde air agus ón ordú íocaíochta ag deireadh an chiú leis an tosaíocht is ísle. Ní rithfidh an próiseas roghnúcháin ach ar feadh tréimhse ghearr, a bheidh le cinneadh ag [cuir isteach ainm BC] dá rogha féin.

(b) Faoin algartam "**ilbharrfheabhsú**" déanfaidh [cuir isteach ainm BC]:

(i) comparáid idir péirí de chuntais RTGS DCAnna rannpháirtithe chun a fháil amach an féidir orduithe íochtaíochta scuaine a shocrú laistigh den leachtacht atá ar fáil sa dhá chuntas RTGS DCAnna na rannpháirtithe lena mbaineann agus laistigh de na teorainneacha atá socraithe acu (trí thosú ón bpéire cuntas RTGS DCAnna leis an difríocht is lú idir na horduithe íochtaíochta a dhírítear ar a chéile), agus déanfaidh na BCanna lena mbaineann na híocaíochtaí sin a chur in áirithe go comhuaineach ar dhá chuntas RTGS DCAnna na rannpháirtithe; agus

(ii) más rud é, i ndáil le péire cuntas RTGS DCAnna mar a thuairiscítear faoi phointe (i), nach leor an leachtacht chun an suíomh déthaobhach a mhaoiniú, orduithe íochtaíochta aonair a bhaint amach go dtí go mbeidh leachtacht leordhóthanach ann. Sa chás seo socróidh na BCanna lena mbaineann na híocaíochtaí atá fágtha, seachas na cinn a baineadh amach, go comhuaineach ar dhá chuntas RTGS DCAnna na rannpháirtithe.

Tar éis dó na seiceálacha a shonraítear faoi fhomhíreanna (i) go (ii) a dhéanamh, seiceálfaidh [cuir isteach ainm BC] na suíomhanna socraíochta iltaobhacha (idir RTGS DCA rannpháirtí agus RTGS DCAnna rannpháirtithe eile a bhfuil teorainn iltaobhach socraithe leo). Chun na críche seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta a thuairiscítear faoi fhomhíreanna (i) go (ii).

(c) Faoin algartam "**barrfheabhsú páirteach le hAS**" a thacaíonn le nós imeachta socraíochta B, leanfaidh [cuir isteach ainm BC] an nós imeachta céanna agus a bhaineann leis an algartam páirtbharrfheabhsaithe, ach gan orduithe aistrithe AS a bhaint (le haghaidh AS a shocraíonn ar bhonn comhuaineach iltaobhach (i.e. nós imeachta B le haghaidh socraíochta AS RTGS).

(d) Úsáidtear an t-algartam "**barrfheabsú ar fhochuntais**" chun socraíocht orduithe aistrithe AS tosaíochta práinneacha ar fhochuntais na rannpháirtithe a bharrfheabhsú. Agus an t-algartam seo á úsáid, ríomhfaidh [cuir isteach ainm BC] suíomh leachtachta iomlán fhochuntais gach rannpháirtí trína fháil amach an bhfuil comhiomlán na n-orduithe aistrithe AS isteach agus amach go léir atá ar feitheamh sa chiú diúltach nó dearfach. Má tá toradh na ríomhanna agus na seiceálacha seo dearfach do gach fochuntas ábhartha, socróidh [cuir isteach ainm BC] agus BCanna eile ábhartha gach aistrithe airgid go comhuaineach ar fhochuntais na rannpháirtithe lena mbaineann. Má bhíonn toradh na ríomhanna agus na seiceálacha sin diúltach, ní dhéanfar aon socraíocht. Ina theannta sin, ní chuireann an algartam seo aon teorainneacha nó forchoimeádais san áireamh. I gcás gach banc socraíochta ríomhtar an suíomh iomlán agus, má chumhdaítear suíomhanna na mbanc socraíochta go léir, socrófar gach idirbheart. Cuirtear idirbhearta nach gcumhdaítear ar ais sa chiú.

(e) Féadfar orduithe aistrithe airgid a iontráladh tar éis don algartam barrfheabhsaithe iolrach, don algartam barrfheabhsaithe go páirteach nó don algartam páirtbharrfheabhsaithe le hAS a bheith tosaithe a shocrú láithreach mar sin féin, má tá suíomhanna agus teorainneacha DCAnna RTGS na rannpháirtithe lena mbaineann ag luí le socraíocht na n-orduithe seo agus le socraíocht na n-orduithe aistrithe airgid sa nós imeachta barrfheabhsaithe reatha.

(f) Déanfar an t-algartam páirt-bharrfheabhsaithe a bhaint páirteach agus an t-algartam il- optamúcháin a rith go seicheamhach san ord sin. Ní reáchtálfar iad má tá nós imeachta socraíochta B AS RTGS á reáchtáil.

(g) Rithfidh na halgartaim go solúbtha trí mhoill ama réamhshainithe a leagan síos idir halgartaim éagsúla a chur i bhfeidhm chun eatramh íosta a chinntiú idir dhá algartam a rith. Déanfar an t-ord ama a rialú go huathoibríoch. Beifear in ann idirghabháil láimhe a dhéanamh.

(h) Le linn dó a bheith in algartam reatha, ní dhéanfar ordú íocaíochta a atheagrú (an seasamh i scuaine a athrú) ná a chúlghairm. Scuaineofar iarratais ar ordú íocaíochta a athordú nó a chúlghairm go dtí go mbeidh an algartam críochnaithe. Má shocraítear an t-ordú íocaíochta ábhartha agus an algartam á rith, diúltófar d'iarratas ar bith é a athordú nó a chúlghairm. Mura socraítear an t-ordú íocaíochta, cuirfear iarratais an rannpháirtí san áireamh láithreach.

10. **Nascacht**

Nascfaidh rannpháirtithe le TARGET trí úsáid a bhaint as ceann amháin de na modhanna seo a leanas.

(a) An mód úsáideora go feidhmchlár (U2A): sa mhodh U2A, nascann rannpháirtithe trí GUI a ligeann d'úsáideoirí feidhmeanna gnó a dhéanamh atá bunaithe ar a gcearta rochtana faoi seach. Ligeann sé d'úsáideoirí sonraí gnó a iontráil agus a chothabháil chomh maith le faisnéis ghnó a aisghabháil. Soláthraíonn an Lámhleabhar Úsáideora ábhartha (UHB) faisnéis uileghabhálach ar gach ceann de na feidhmeanna gnó a sholáthraíonn an GUI faoi seach.

(b) Modh feidhmchlár-go-feidhmchlár (A2A): i mód A2A déanann feidhmchláir bogearraí cumarsáid le TARGET trí theachtaireachtaí aonair agus comhaid a mhalartú bunaithe ar a gcearta rochtana faoi seach agus a gcumraíoch ródaithe agus a síntiús teachtaireachta. Braitheann an chumarsáid A2A ar theachtaireachtaí XML, ag baint úsáide as an gcaighdeán ISO 20022 nuair is infheidhme, le haghaidh cumarsáide isteach agus amach.

Déantar cur síos níos mionsonraithe ar na modhanna nasctha in ESMIG UDFS.

11. **An UDFS agus an Lámhleabhar Úsáideora**

Tá sonraí breise agus samplaí a mhíníonn na rialacha thuas le fáil sna UDFS faoi seach agus sna Lámhleabhair Úsáideora do gach seirbhís, arna leasú ó am go ham agus arna bhfoilsiú ar [*cuir isteach mar is gá* shuíomh gréasáin an [cuir isteach ainm BC] agus] suíomh gréasáin an BCE, i mBéarla.

FOSCRÍBHINN II

SCÉIM CHÚITIMH TARGET

1. **Prionsabail Ghinearálta**

(a) (a) Má tharlaíonn mífheidhm theicniúil TARGET, féadfaidh rannpháirtithe éilimh ar chúiteamh a thíolacadh de réir scéim chúitimh TARGET atá leagtha síos san Fhoscríbhinn seo.

(b) Mura gcinnfidh Comhairle Rialaithe an BCE a mhalairt, ní bheidh feidhm ag scéim cúitimh TARGET má éiríonn mífheidhm theicniúil TARGET as imeachtaí seachtracha nach bhfuil smacht réasúnach orthu ag na BCanna lena mbaineann nó mar thoradh ar ghníomhartha nó neamhghníomhartha tríú páirtithe.

(c) Is é an cúiteamh faoi scéim chúitimh TARGET an t-aon nós imeachta cúitimh a thairgfear i gcás mhífheidhm theicniúil TARGET. Féadfaidh rannpháirtithe, áfach, modhanna dlíthiúla eile a úsáid chun éileamh a dhéanamh ar chaillteanais. Má ghlacann rannpháirtí le tairiscint chúitimh faoi scéim chúitimh TARGET, is éard a bheidh anseo comhaontú neamh-inchúlghairthe an rannpháirtí go dtarscaoilfidh sé leis sin gach éileamh i ndáil leis na horduithe aistrithe airgid a nglacann sé le cúiteamh ina leith (lena n-áirítear aon éilimh ar chaillteanas iarmhartach) a d'fhéadfadh a bheith aige i gcoinne aon BC, agus gurb ionann an íocaíocht chúitimh chomhfhreagrach a fuair sé agus socraíocht iomlán críochnaitheach ar gach éileamh den sórt sin. Déanfaidh an rannpháirtí na BCanna lena mbaineann a shlánú, suas go huasmhéid an mhéid a fuarthas aoi scéim chúitimh TARGET, i leith aon éileamh breise a dhéanfaidh aon rannpháirtí eile nó aon tríú páirtí eile i ndáil leis an ordú aistrithe airgid nó an aistithe airgid i gceist.

(d) Ní hionann déanamh tairiscint cúitimh agus admháil dliteanais ag [cuir isteach ainm BC] nó ag aon BC eile maidir le mífheidhm theicniúil TARGET.

2. **Coinníollacha maidir le tairiscintí cúitimh**

(a) Féadfaidh íocóir éileamh ar tháille riaracháin agus cúiteamh úis a thíolacadh más rud é, mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET, nár socraíodh ordú aistrithe airgis an lá gnó ar glacadh leis.

(b) Féadfaidh íocaí éileamh ar tháille riaracháin a thíolacadh mura bhfuair sé íocaíocht a raibh súil aige a fháil lá gnó áirithe mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET Féadfaidh an t-íocaí éileamh ar chúiteamh úis a thíolacadh freisin má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás rannpháirtithe a bhfuil rochtain acu ar an tsaoráid iasachta imeallach: mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET, bhain íocaí leas as an tsaoráid iasachta imeallach; agus/nó

(ii) i gcás na rannpháirtithe uile: bhí sé indhéanta go teicniúil leas a bhaint as an margadh airgid nó bhí sé dodhéanta athmhaoiniú den sórt sin a dhéanamh ar fhorais réasúnacha eile.

3. **Cúiteamh a ríomh**

(a) (a) Maidir le tairiscint cúitimh le haghaidh íocóra:

(i) is é EUR 50 an táille riaracháin don chéad ordú aistrithe airgid neamhshocraithe, EUR 25 do gach ceann de na chéad cheithre ordú aistrithe airgid eile agus EUR 12,50 do gach ordú aistrithe airgid breise den sórt sin. Ríomhfar an táille riaracháin go leithleach i ndáil le gach íocaí;

(ii) cinnfear cúiteamh úis trí ráta tagartha a bheidh le socrú ó lá go lá a chur i bhfeidhm. Is éard a bheidh sa ráta tagartha seo ná an ráta tagartha gearrthéarmach euro (€STR) nó an ráta saoráide iasachta imeallach, cibé acu is ísle. Cuirfear an ráta tagartha i bhfeidhm ar mhéid an ordaithe aistrithe airgid nár socraíodh mar thoradh ar mhífheidhm theicniúil TARGET do gach lá sa tréimhse ó dháta thíolacadh iarbhír an ordaithe aistrithe airgid nó, i ndáil le horduithe aistrithe airgid dá dtagraítear i mír 2(b)(ii), ó dháta thíolacadh beartaithe an ordaithe aistrithe argid go dtí an dáta a socraíodh an t-ordú aistrithe airgid go rathúil nó a bhféadfadh an t-ordú aistrithe airgid a bheith socraithe go rathúil. Déanfar aon ús nó táillí a leanann as aon orduithe aistrithe airgid neamhshocraithe a chur i dtaisce leis an Eurochóras a asbhaint ó nó a ghearradh ar mhéid aon chúitimh, de réir mar a bheidh;

(iii) ní bheidh aon chúiteamh úis iníoctha má cuireadh agus sa mhéid gur cuireadh cistí a d'eascair as orduithe aistrithe airgid neamhshocraithe ar an margadh nó má úsáideadh iad chun ceanglais maidir le cúlchistí íosta a chomhlíonadh.

(b) Maidir le tairiscint cúitimh le haghaidh íocaí:

(i) is é EUR 50 an táille riaracháin don chéad ordú aistrithe airgid neamhshocraithe, EUR 25 do gach ceann de na chéad cheithre ordú aistrithe airgid eile agus EUR 12.50 do gach ordú aistrithe airgid breise den sórt sin. Ríomhfar an táille riaracháin go leithleach i ndáil le gach íocóir;

(ii) beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bhfomhír (a)(ii) chun cúiteamh úis a ríomh ach amháin go mbeidh cúiteamh úis iníoctha ag ráta is comhionann leis an difríocht idir an ráta saoráide iasachta imeallach agus an ráta tagartha, agus ríomhfar é ar an méid a bhaintear leas as an tsaoráid iasachta imeallach mar thoradh ar mhífheidhm theicniúil TARGET.

4. **Rialacha nós imeachta**

(a) (a) Cuirfear éileamh ar chúiteamh isteach ar an bhfoirm éilimh atá ar fáil ar shuíomh gréasáin [cuir isteach ainm BC] i mBéarla (féach [cuir isteach tagairt do shuíomh gréasáin BC]). Cuirfidh íocóirí foirm éilimh ar leithligh isteach maidir le gach íocaí agus cuirfidh íocaithe foirm éilimh ar leithligh isteach maidir le gach íocóir. Soláthrófar dóthain faisnéise agus doiciméad breise chun tacú leis an bhfaisnéis a léirítear san fhoirm éilimh. Ní féidir ach éileamh amháin a chur isteach maidir le híocaíocht shonrach nó ordú íocaíochta sonrach.

(b) Laistigh de cheithre seachtaine ó mhífheidhm theicniúil TARGET, cuirfidh rannpháirtithe a bhfoirmeacha éilimh faoi bhráid [cuir isteach ainm BC]. Soláthrófar aon fhaisnéis agus fianaise bhreise a iarrfaidh [cuir isteach ainm BC] laistigh de dhá sheachtain tar éis an iarraidh sin a dhéanamh.

(c) Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] na héilimh a athbhreithniú agus a chur ar aghaidh chuig an BCE. Mura gcinnfidh Comhairle Rialaithe an BCE a mhalairt agus an cinneadhh sin a chur in iúl do na rannpháirtithe, déanfar gach éileamh a fhaightear a mheasúnú tráth nach déanaí ná 14 sheachtain tar éis mhífheidhm theicniúil TARGET.

(d) Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] toradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bhfomhír (c) in iúl do na rannpháirtithe ábhartha. Má tá tairiscint chúitimh i gceist leis an measúnú, déanfaidh na rannpháirtithe lena mbaineann, laistigh de cheithre seachtaine ó chur in iúl na tairisceana sin dóibh, í a ghlacadh nó a dhiúltú, maidir le gach ordú aistrithe airgid a chuimsítear i ngach éileamh, trí litir ghlactha chaighdeánach a shíniú (san fhoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin [cuir isteach ainm BC] (féach [cuir isteach tagairt do shuíomh gréasáin BC]). Más rud é nach mbeidh an litir sin faighte ag [cuir isteach ainm BC] laistigh de cheithre seachtaine, measfar gur dhiúltaigh na rannpháirtithe lena mbaineann an tairiscint chúitimh.

(e) Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] íocaíochtaí cúitimh nuair a gheofar litir rannpháirtí go nglacann sé leis an gcúiteamh. Ní bheidh aon ús iníoctha ar aon íocaíocht chúitimh.

FOSCRÍBHINN III

TÉARMAÍ TAGARTHA MAIDIR LE TUAIRIMÍ ACHMHAINNÍ AGUS TÍRE

Téarmaí tagartha maidir le tuairimí acmhainní do rannpháirtithe i TARGET.

[Cuir isteach ainm BC]

[seoladh]

Rannpháirtíocht sa [ainm an chórais]

[suíomh]

[dáta]

A Dhaoine Uaisle,

Iarradh orainn an Tuairim seo a sholáthar mar chomhairleoirí dlí [intí nó seachtracha] chun [sonraigh ainm an Rannpháirtí nó brainse an Rannpháirtí] maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn faoi dhlíthe [dlínse ina bhfuil an Rannpháirtí bunaithe; [an "dlíinse" anseo feasta] i dtaca le rannpháirtíocht [sonraigh ainm an Rannpháirtí] (an "Rannpháirtí" anseo feasta) sa [ainm an chórais chomhpháirte de TARGET] (an "Córas" anseo feasta).

Tá an Tuairim seo teoranta do dhlíthe [dlínse] amhail mar atá siad ar dháta na Tuairime seo. Níl aon imscrúdú déanta againn ar dhlíthe aon dlínse eile mar bhonn don Tuairim seo, agus ní chuirimid aon tuairim in iúl agus ní thugaimid aon tuairim le tuiscint maidir leis na dlíthe sin. Tá feidhm ag gach ceann de na ráitis agus na tuairimí a chuirtear i láthair thíos le cruinneas agus bailíocht chomhionann faoi dhlíthe [dlínse], cibé acu a ghníomhaíonn an Rannpháirtí trína cheannoifig nó trí bhrainse amháin nó níos mó a bunaíodh laistigh nó lasmuigh de [dlínse] agus orduithe aistrithe airgid á gcur isteach agus orduithe aistrithe airgid á bhfáil aige.

I. NA DOICIMÉID A SCRÚDAÍODH

Chun críocha na Tuairime seo, rinneamar scrúdú ar:

(1) cóip dheimhnithe de [sonraigh doicméid bunreachtúla ábhartha] an Rannpháirtí mar atá siad i bhfeidhm ar an dáta seo;

(2) [más infheidhme] sliocht as [sonraigh clár na gcuideachtaí ábhartha] agus [más infheidhme] [clár institiúidí creidmheasa nó clár comhchosúil];

(3) [a mhéid is infheidhme] cóip de cheadúnas an Rannpháirtí nó cruthúnas údaraithe eile chun baincéireacht, infheistíocht, aistriú cistí nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar i gcomhréir leis na critéir le haghaidh rannpháirtíochta i TARGET i [dlínse];

(4) [más infheidhme] cóip de rún arna ghlacadh ag an mbord stiúrthóirí nó ag comhlachtrialaithe ábhartha an Rannpháirtí an [cuir isteach an dáta], [cuir isteach an bhliain], lena bhfianaítear comhaontú an Rannpháirtí cloí leis na Doiciméid Chórais, mar a shainmhínítear thíos; agus

(5) [sonraigh gach cumhacht aturnae agus doiciméid eile arb éard iad nó lena bhfianaítear cumhacht riachtanach an duine nó na ndaoine a shíníonn na Doiciméid Chórais ábhartha (mar a shainmhínítear thíos) thar ceann an Rannpháirtí];

agus gach doiciméad eile a bhaineann le bunreacht, cumhachtaí, agus údaruithe an Rannpháirtí atá riachtanach nó iomchuí chun an Tuairim seo a sholáthar ("Doiciméid Rannpháirteacha" anseo feasta).

Chun críocha na Tuairime seo, tá scrúdú déanta againn freisin ar:

(1) an [cuir isteach tagairt do na socruithe lena gcuirtear na **Coinníollacha Comhchuibhithe maidir le rannpháirtíocht i TARGET** don Chóras dar dáta [cuir isteach an dáta] (na "Rialacha" anseo feasta); agus

(2) [...].

Tagrófar do na Rialacha agus na [...] anseo feasta mar na "Doiciméid Chórais" (agus i dteannta leis na Doiciméid Rannpháirteacha mar na "Doiciméid").

II. TOIMHDÍ

Chun críocha na Tuairime seo, tá glactha againn maidir leis na Doiciméid:

(1) gur bunchóipeanna nó fíorchóipeanna iad na Doiciméid Chórais a soláthraíodh dúinn;

(2) go bhfuil téarmaí na nDoiciméad Córais agus na cearta agus na hoibleagáidí a chruthaíonn siad bailí agus ceangailteach ó thaobh dlí faoi dhlíthe [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais] trína gcuirtear in iúl go bhfuil siad á rialú, agus go bhfuil rogha na ndlíthe de [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais] chun na Doiciméid Chórais a rialú, aitheanta le dlíthe [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais];

(3) go bhfuil na Doiciméid Rannpháirteacha laistigh de chumas agus cumhacht na bpáirtithe ábhartha agus go bhfuil siad údaraithe, glactha nó forghníomhaithe agus, nuair is gá, seachadta go bailí ag na páirtithe ábhartha; agus

(4) go bhfuil na Doiciméid Rannpháirteacha ceangailteach ar na páirtithe a bhfuil siad dírithe chucu, agus nar sáraíodh aon cheann dá dtéarmaí.

III. TUAIRIMÍ MAIDIR LEIS AN RANNPHÁIRTÍ

A. Is corparáid é an Rannpháirtí atá bunaithe agus cláraithe go cuí nó atá corpraithe nó eagraithe go cuí faoi dhlíthe [dlínse].

B. Tá na cumhachtaí corparáideacha riachtanacha go léir ag an Rannpháirtí chun na cearta agus na hoibleagáidí faoi na Doiciméid Chórais a bhfuil sé ina pháirtí iontu a fhorghníomhú agus a chomhlíonadh.

C. Ní sháraíonn glacadh nó forghníomhú agus feidhmíocht an Rannpháirtí de na cearta agus na hoibleagáidí faoi na Doiciméid Chórais a bhfuil an Rannpháirtí ina pháirtí iontu aon fhoráil de na dlíthe nó na rialacháin [dlínse] is infheidhme maidir leis an Rannpháirtí nó maidir leis na Doiciméid Rannpháirteacha.

D. Ní éilíonn an Rannpháirtí aon údaruithe, formheasanna, ceadaithe, comhdúcháin, clárúcháin, nótaireachtaí nó deimhnithe eile de chuid nó le haon chúirt nó údarás rialtais, breithiúnach nó poiblí atá inniúil i [dlínse] maidir le glacadh, bailíocht nó infhorfheidhmitheacht aon cheann de na Doiciméid Chórais nó forghníomhú nó comhlíonadh na gceart agus na n-oibleagáidí fúthu.

E. Tá gach gníomh corparáideach riachtanach agus gach céim eile is gá faoi dhlíthe [dlínse] glactha ag an Rannpháirtí chun a chinntiú go bhfuil a oibleagáidí faoi na Doiciméid Chórais dlíthiúil, bailí agus ceangailteach.

Luaitear an Tuairim seo amhail ar a dáta agus dírítear go heisiach chuig [cuir isteach ainm BC] agus an [Rannpháirtí] í. Ní fhéadfaidh aon duine eile brath ar an Tuairim seo, agus ní fhéadfar ábhar na Tuairime seo a nochtadh do dhaoine seachas na faighteoirí beartaithe agus a n-abhcóide dlí gan ár dtoiliú i scríbhinn roimh ré, seachas an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais náisiúnta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais [agus an banc ceannais náisiúnta/údaráis rialála ábhartha] de [dlínse]].

Is sinne, le meas,

[síniú]

Téarmaí tagartha maidir le tuairimí tíre do rannpháirtithe neamh-LEE i TARGET.

[Cuir isteach ainm an BC]

[seoladh]

[ainm an chórais]

[suíomh]

[dáta]

A Dhaoine Uaisle,

Iarradh orainn mar chomhairleoirí dlí [seachtracha] do [sonraigh ainm an Rannpháirtí nó brainse an Rannpháirtí] (an "Rannpháirtí") an Tuairim seo a sholáthar faoi dhlithe [dlínse] i dtaca le rannpháirtíocht an Rannpháirtí i gcóras ar córas comhpháirte de TARGET é (an "Córas" anseo feasta) maidir le saincheisteanna a eascraíonn faoi dhlíthe [dlínse ina bhfuil an Rannpháirtí bunaithe; [an "dlínse" anseo feasta]. Cuimsíonn tagairtí anseo do dhlíthe [dlínse] na rialacháin go léir is infheidhme maidir le [dlínse]. Cuirimid tuairim in iúl anseo faoi dhlí [dlínse], agus aird ar leith á tabhairt ar an Rannpháirtí

a bunaíodh lasmuigh [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais] maidir le cearta agus oibleagáidí a éiríonn as rannpháirtíocht sa Chóras, mar a chuirtear i láthair sna Doiciméid Chórais dá dtagraítear/a shainítear thíos.

Tá an Tuairim seo teoranta do dhlíthe [dlínse] amhail mar atá siad ar dháta na Tuairime seo. Níl aon imscrúdú déanta againn ar dhlíthe aon dlínse eile mar bhonn don Tuairim seo, agus ní chuirimid aon tuairim in iúl agus ní thugaimid aon tuairim le tuiscint maidir leis na dlíthe sin. Tá glactha againn nach bhfuil aon rud i ndlíthe dlínse eile a dhéanann difear don Tuairim seo.

1. NA DOICIMÉID A SCRÚDAÍODH

Chun críocha na Tuairime seo, tá scrúdú déanta againn ar na doiciméid atá liostaithe thíos agus ar cibé doiciméid eile a mheasamar a bheith riachtanach nó iomchuí:

(1) an [cuir isteach tagairt do na socruithe lena gcuirtear na **Coinníollacha Comhchuibhithe maidir le rannpháirtíocht i TARGET**] i bhfeidhm don Chóras dar dáta [cuir isteach an dáta] (na "Rialacha" anseo feasta); agus

(2) aon doiciméad eile lena rialaítear an Córas agus/nó an caidreamh idir an Rannpháirtí agus rannpháirtithe eile sa Chóras, agus idir na rannpháirtithe sa Chóras agus [cuir isteach ainm BC].

Tabharfar "na Doiciméid Chórais" anseo feasta ar na Rialacha agus ar an [...].

2. TOIMHDÍ

Chun críocha na Tuairime seo tá glactha againn maidir leis na Doiciméid Chórais:

(1) go bhfuil na Doiciméid Córais laistigh de chumas agus de chumhacht na bpáirtithe ábhartha agus go bhfuil siad údaraithe, glactha nó forghníomhaithe agus, nuair is gá, seachadta go bailí acu;

(2) go bhfuil téarmaí na nDoiciméad Córais agus na cearta agus na hoibleagáidí a chruthaíonn siad bailí agus ceangailteach ó thaobh dlí faoi dhlíthe [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais] trína rialaítear iad, mar a chuirtear in iúl, agus go bhfuil rogha na ndlíthe de [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais] chun na Doiciméid Chórais a rialú, aitheanta le dlíthe [cuir isteach tagairt do Bhallstát an Chórais];

(3) go bhfuil na rannpháirtithe sa Chóras trína seoltar aon orduithe asitrithe airgid nó trína bhfaightear aistrithe airgid, nó trína ndéantar aon chearta nó oibleagáidí faoi na Doiciméid Chórais a fhorghníomhú nó a chomhlíonadh, ceadúnaithe chun seirbhísí aistrithe cistí a sholáthar, i ngach dlínse ábhartha; agus

(4) go bhfuil na doiciméid a cuireadh faoin ár mbráid i gcóip nó mar shamplaí i gcomhréir leis na bunchóipeanna.

3. TUAIRIM

Ar bhonn agus faoi réir a bhfuil anseo roimhe seo agus, i ngach cás, faoi réir na bpointí atá leagtha amach thíos, is í ár dtuairim:

3.1. **Gnéithe dlí tír-shonracha [a mhéid is infheidhme]**

Tá na sainghnéithe seo a leanas de reachtaíocht [dlínse] comhsheasmhach le hoibleagáidí an Rannpháirtí a eascraíonn as na Doiciméid Chórais agus ní chuireann siad na hoibleagáidí sin i leataobh ar bhealach ar bith: [liosta de na gnéithe dlí tírshonracha]

3.2. **Saincheisteanna ginearálta maidir le dócmhainneacht**

3.2.a. *Cineálacha imeachtaí dócmhainneachta*

Is iad na cineálacha imeachtaí dócmhainneachta (lena n-áirítear imshocraíocht nó athshlánú) a chuimseoidh, chun críche na Tuairime seo, gach imeachtaí a bhaineann le sócmhainní an Rannpháirtí nó aon bhrainse a d'fhéadfadh a bheith aige i [dlínse] agus a bhféadfadh an Rannpháirtí a bheith faoina réir i [dlínse], na himeachtaí seo a leanas amháin: [Liostaigh na himeachtaí i dteanga bhunaidh agus aistriúchán Béarla léi] (dá ngairtear le chéile "Imeachtaí Dócmhainneachta").

Chomh maith le hImeachtaí Dócmhainneachta, féadfaidh an Rannpháirtí, aon cheann dá shócmhainní, nó aon bhrainse a d'fhéadfadh a bheith aige i [dlínse] a bheith faoi réir i[dlínse] [liostaigh moratóir, glacadóireacht nó aon imeachtaí eile is infheidhme a mbíonn de thoradh orthu go bhféadfar íocaíochtaí chuig agus/nó ón Rannpháirtí a bheith curtha ar fionraí nó go bhféadfar teorainneacha a bheith forchurtha i ndáil le híocaíochtaí den sórt sin, nó imeachtaí den chineál céanna, i dteanga bhunaidh agus le haistriúchán i mBéarla] (dá ngairtear le chéile "Imeachtaí" anseo feasta).

3.2.b. *Conarthaí dócmhainneachta*

Tá [dlínse] nó foranna polaitiúla áirithe laistigh de [dlínse], mar a shonraítear, ina pháirtí nó ina bpáirtithe sna conarthaí dócmhainneachta seo a leanas: [sonraigh, más infheidhme, iad siúd a bhfuil nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Tuairim seo].

3.3. **Infhorghníomhaitheacht na nDoiciméad Córais**

Faoi réir na bpointí a leagtar amach thíos, beidh gach foráil de na Doiciméid Chórais ceangailteach agus infhorghníomhaithe de réir a dtéarmaí faoi dhlíthe [dlínse], go háirithe i gcás go n-osclófar aon Imeachtaí nó Imeachtaí Dócmhainneachta maidir leis an Rannpháirtí.

Go háirithe, is í ár dtuairim:

3.3.a. *Próiseáil orduithe aistrithe airgid*

Tá forálacha na Rialacha maidir le horduithe aistrithe airgid a phróiseáil [cuir isteach na forálacha ábhartha lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 17 agus Airteagal 18 de Chuid I d'Iarscríbhinn I, Airteagal 4 go hAirteagal 7 agus Airteagal 9 de Chuid II d'Iarscríbhinn I, Airteagal 5 go hAirteagal 10 agus Airteagal 14 go hAirteagal 17 de Chuid III d'Iarscríbhinn I, Airteagal 4 agus Airteagal 6 go hAirteagal 7 de Chuid IV d'Iarscríbhinn I, Airteagal 6 agus Airteagal 10 de Chuid V d'Iarscríbhinn I] bailí agus infhorghníomhaithe. Go háirithe, beidh gach ordú aistrithe airgid a phróiseálfar de bhun na n-alt sin bailí, ceangailteach agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse]. Tá foráil na Rialacha a shonraíonn cén uair go díreach a mbíonn orduithe aistrithe airgid arna gcuirtear isteach sa Chóras ag an Rannpháirtí infhorghníomhaithe agus neamh-inchúlghairthe ([cuir isteach foráil a churireann Airteagal 18 chun feidhmne d'Iarscríbhinn 1, Cuid I]) bailí, ceangailteach agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse].

3.3.b. *Údarás [cuir isteach ainm BC] chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh*

Ní dhéanfaidh oscailt Imeachtaí Dócmhainneachta nó Imeachtaí i leith an Rannpháirtí difear d'údarás nó do chumhachtaí an [cuir isteach ainm BC] faoi na Doiciméid Chórais. [Sonraigh [a mhéid is infheidhme]: go bhfuil an tuairim chéanna infheidhmithe freisin maidir le haon eintiteas eile a sholáthraíonn seirbhísí do na Rannpháirtithe go díreach agus is gá le haghaidh rannpháirtíochta sa Chóras, e.g TARGET NSP].

3.3.c. *Leigheasanna i gcás mainneachtana*

[Nuair is infheidhme maidir leis an Rannpháirtí, tá na forálacha i [liosta na n-alt] de na Rialacha maidir le feidhmíocht luathaithe éilimh nach bhfuil aibithe fós, fritháireamh éilimh chun taiscí an Rannpháirtí a úsáid, forfheidhmiú gealltáin, fionraí agus foirceannadh rannpháirtíocht, éilimh ar ús mainneachtana, agus foirceannadh comhaontuithe agus idirbhearta ([cuir isteach clásail ábhartha eile de na Rialacha nó de na Doiciméid Chórais]) bailí agus infheidhmithe faoi dhlíthe [dlínse].]

3.3.d. *Fionraí agus foirceannadh*

Nuair is infheidhme maidir leis an Rannpháirtí, tá na forálacha i [liosta na ranna] de na Rialacha (maidir le fionraí agus foirceannadh rannpháirtíocht an Rannpháirtí sa Chóras má osclaítear Imeachtaí nó Imeachtaí Dócmhainneachta nó teagmhais mainneachtana eile mar a shainmhinítear sna Doiciméid Chórais, nó má tá aon chineál riosca sistéamach ag gabháil leis an Rannpháirtí nó má tá fadhbanna oibríochta tromchúiseacha aige) bailí agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse].

3.3.e. *Córas pionóis*

Nuair is infheidhme maidir leis an Rannpháirtí, tá na forálacha atá i [liosta na n-alt] de na Rialacha maidir le pionóis a ghearrtar ar Rannpháirtí nach bhfuil in ann creidmheas idirlae nó creidmheas thar oíche a aisíoc, nuair is infheidhme, in am, bailí agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse].

3.3.f. *Sannadh cearta agus oibleagáidí*

Ní féidir le Rannpháirtí a chuid cearta agus oibleagáidí a shannadh, a athrú nó a aistriú ar bhealach eile chuig tríú páirtithe gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón [cuir isteach ainm BC]

3.3.g. *Rogha dlí agus dlínse rialaithe*

Tá na forálacha i [liosta na n-alt] de na Rialacha, agus go háirithe na forálacha maidir leis an dlí rialaithe, le réiteach díospóide, le cúirteanna inniúla, agus le seirbheáil próisis bailí agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse].

3.4. **Fabhair inneamhnithe**

Is í ár dtuairim nach féidir aon oibleagáid a eascróidh as na Doiciméid Chórais, a feidhmiú, nó a comhlíonadh, sula n-osclaítear aon Imeachtaí Dócmhainneachta nó aon Imeachtaí i leith an Rannpháirtí, a chur i leataoibh in aon imeachtaí den sórt sin mar thosaíocht, idirbheart inneamhnithe nó eile faoi dhlíthe [dlínse].

Go háirithe, agus gan teorainn leis an méid sin roimhe seo, cuirimid an tuairim seo in iúl maidir le haon orduithe aistrithe airgid arna dtíolacadh ag aon rannpháirtí sa Chóras. Go háirithe, is í ár dtuairim go mbeidh forálacha i [liosta na n-alt] de na Rialacha lena mbunaítear infhorghníomhaitheacht agus do-athraitheacht orduithe aistrithe airgid bailí agus infhorghníomhaithe agus nach féidir orduithe aistrithe airgid arna gcur isteach ag aon rannpháirtí agus arna bpróiseáiltear de bhun [liosta na n-alt] de na Rialacha a bheith curtha i leataoibh in aon Imeachtaí nó Imeachtaí Dócmhainneachta mar fhabhar, idirbheart inneamhnithe nó ar shlí eile faoi dhlíthe [dlínse].

3.5. **Astú**

Má fhéachann creidiúnaí an Rannpháirtí ordú astaithe (lena n-áirítear aon ordú calctha, ordú urghabhála nó aon nós imeachta dlí poiblí nó príobháideach eile atá beartaithe chun leas an phobail nó cearta chreidiúnaithe an Ranpháirtí a chosaint) a fháil — dá ngairtear "Astú" anseo feasta — faoi dhlíthe [dlínse] ó chúirt nó údarás rialtasach, breithiúnach nó poiblí atá inniúil i [dlínse], is í ár dtuairim go [cuir isteach an anailís agus an plé].

3.6. **Comhthaobhacht [más infheidhme]**

3.6.a. *Sannadh cearta nó taisceadh sócmhainní chun críocha comhthaobhachta, gealltán agus/nó athcheannach*

Beidh sannacháin chun críocha comhthaobhachta bailí agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse]. Go sonrach, beidh cruthú agus forfheidhmiú gealltáin nó athcheannaigh faoin [cuir isteach tagairt don socraíocht ábhartha leis an BC] bailí agus infhorghníomhaithe faoi dhlíthe [dlínse].

3.6.b. *Tosaíocht leasa sannaithe, geallaithe nó ceannaitheoirí athcheannaigh thar leas éilitheoirí eile*

I gcás Imeachtaí Dócmhainneachta nó Imeachtaí i leith an Rannpháirtí, beidh na cearta nó na sócmhainní a shanntar chun críocha comhthaobhachta, nó a gheall an Rannpháirtí i bhfabhar an [cuir isteach tagairt do BC] nó rannpháirtithe eile sa Chóras, i dtosaíocht íocaíochta os cionn gach éileamh eile ó chreidiúnaithe an Rannpháirtí agus ní bheidh siad faoi réir creidiúnaithe tosaíochta nó fabhracha.

3.6.c. *Teideal chun urrúis a fhorfheidhmiú*

Fiú amháin i gcás Imeachtaí Dócmhainneachta nó Imeachtaí i leith an Rannpháirtí, beidh rannpháirtithe eile sa Chóras agus [cuir isteach ainm BC] mar [sannaithe, geallaithe nó ceannaitheoirí athcheannaigh, de réir mar is infheidhme] fós saor chun cearta nó sócmhainní an Rannpháirtí a fhorfheidhmiú agus a bhailiú trí ghníomh an [cuir isteach ainm BC] de bhun na Rialacha.

3.6.d. *Ceanglais foirme agus cláraithe*

Níl aon cheanglais foirme ann maidir le sannadh chun críocha comhthaobhachta, nó maidir le gealltán nó athcheannach ar chearta nó ar shócmhainní an Rannpháirtí a chruthú agus a fhorfheidhmiú agus ní gá an [sannadh chun críocha comhthaobhachta, gealltán nó athcheannach, mar is infheidhme], nó aon sonraí den [sannadh, gealltán nó athcheannach, de réir mar is infheidhme,] sin a chlárú nó a chomhdú le haon chúirt nó údarás rialtasach, breithiúnach nó poiblí atá inniúil i [dlínse].

3.7. **Brainsí [a mhéid is infheidhme]**

3.7.a. *Baineann an tuairim le gníomh trí bhrainsí*

Tá feidhm ag gach ceann de na ráitis agus na tuairimí maidir leis an Rannpháirtí a chuirtear i láthair thuas le cruinneas agus le bailíocht chomhionann faoi dhlíthe [dlínse] i gcásanna ina ngníomhaíonn an Rannpháirtí trí cheann amháin nó níos mó dá bhrainsí a bunaíodh lasmuigh de [dhlínse].

3.7.b. *Comhréireacht leis an dlí*

Ní sháróidh forghníomhú agus comhlíonadh na gceart agus na n-oibleagáidí faoi na Doiciméid Chórais ná tíolacadh, tarchur nó glacadh orduithe aistrithe airgid ag brainse an Rannpháirtí dlíthe [dlínse] ar bhealach ar bith.

3.7.c. *Údaruithe riachtanacha*

Ní bheidh aon údaruithe, ceaduithe, toilithe, comhdúcháin, clárúcháin, nótaireachtaí nó deimhnithe eile ó nó le haon chúirt nó údarás rialtasach, breithiúnach nó poiblí atá inniúil i [dlínse] ag teastáil chun na cearta agus na n-oibleagáidí faoi na Doiciméid Chórais a fhorfheidmiú agus a chomhlíonadh, nó chun tíolacadh, tarchur nó glacadh orduithe aistrithe airgid ag brainse Rannpháirtí.

Luaitear an Tuairim seo amhail ar a dáta agus dírítear go heisiach chuig [cuir isteach ainm BC] agus an [Rannpháirtí] í. Ní fhéadfaidh aon duine eile brath ar an Tuairim seo, agus ní fhéadfar ábhar na Tuairime seo a nochtadh do dhaoine seachas na faighteoirí beartaithe agus a n-abhcóide dlí gan ár dtoiliú i scríbhinn roimh ré, seachas an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais náisiúnta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais [agus an banc ceannais náisiúnta/údaráis rialála ábhartha] de [dlínse]].

Is sinne, le meas,

[síniú]

FOSCRÍBHINN IV

NÓSANNA IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ AGUS NÓSANNA IMEACHTA TEAGMHASACHTA

1. FORÁLACHA GINEARÁLTA

Leagtar amach leis an bhFoscríbhinn seo na socruithe idir [cuir isteach ainm BC] agus na rannpháirtithe, má theipeann ar TARGET nó má theipeann ar ceann amháin nó níos mó de na NSPanna nó má bhíonn teagmhas seachtrach mínormálta i bhfeidhm orthu, nó má dhéanann an teip difear do rannpháirtí ar bith.

Déantar gach tagairt d'amanna ar leith san Fhoscríbhinn seo don am áitiúil ag suíomh an BCE.

Beidh feidhm ag forálacha a leagtar amach sa roinn 1 seo maidir le MCAnna, RTGS DCAnna agus a bhfochuntais, cuntais theicniúla RTGS AS, T2S DCAnna, TIPS DCAnna agus cuntais theicniúla TIPS AS.

1.1. **Bearta maidir le leanúnachas gnó agus próiseáil theagmhasachta**

(a) Sa chás go dtarlaíonn teagmhas seachtrach neamhghnách agus/nó má theipeann ar TARGET agus/nó theipeann ar ceann amháin nó níos mó de na NSPanna a dhéanann difear do ghnáthoibriú TARGET, beidh [cuir isteach ainm BC] i dteideal bearta leanúnachais gnó agus próiseála teagmhasachta a ghlacadh.

(b) Beidh na príomhbhearta leanúnachais gnó agus próiseála teagmhasachta seo a leanas ar fáil i TARGET:

(i) oibriúchán TARGET a athlonnú go suíomh eile;

(ii) sceideal oibriúcháin TARGET a athrú.

(c) Maidir le bearta leanúnachais gnó agus próiseála teagmhasachta, beidh lánrogha ag [cuir isteach ainm BC] maidir le cibé an nglacfar leis na bearta agus cé na bearta a nglacfar leo.

1.2. **Cumarsáid teagmhais**

Má tharlaíonn teagmhas a gcuirtear síos air faoi mhír 1.1(a), cuirfear é sin in iúl do rannpháirtithe trí shuíomh gréasáin BCE, má bhíonn sé ar fáil, tríd an GUI nó na GUIanna agus, más infheidhme, trí bhealaí cumarsáide intíre. Go háirithe, beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh i gcumarsáid le rannpháirtithe:

(i) cur síos ar an teagmhas agus a thionchar ar TARGET;

(ii) an t-am a bhfuiltear ag súil le réiteach an theagmhais (más eol);

(iii) faisnéis faoi na bearta a glacadh cheana féin (más ann);

(iv) an chomhairle do rannpháirtithe (más ann);

(v) stampa ama na cumarsáide agus léiriú i dtaobh cén uair a sholáthrófar nuashonrú.

1.3. **Athrú ar uaireanta oibriúcháin**

(a) Agus sceideal oibriúcháin TARGET dá bhforáiltear i gCuid I, Airteagal 19(2) de Choinníollacha seo á athrú, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] moill a chur ar scoithamanna TARGET i dtaca le lá gnó áirithe nó moill a chur ar thosú an lae ghnó dar gcionn nó am aon imeachta eile atá liostaithe i bhFoscríbhinnn V a athrú.

(b) Féadfar moill a chur ar na scoithamanna TARGET maidir le lá gnó áirithe má tharla cliseadh ar TARGET i rith an lae sin ach má réitítear é roimh 18:00. Níor cheart go rachadh moill ama dúnta den sórt sin thar dhá uair an chloig de ghnáth agus fógrófar do rannpháirtithe í a luaithe is féidir.

(c) Ar fhógra na moille maidir le hamanna scoite TARGET, féadfar tuilleadh moille a chur air ach ní fhéadfar é a tharraingt siar.

1.4. **Forálacha eile**

(a) Má theipeann ar [cuir isteach ainm BC], féadfaidh BCanna eile an Eurochórais nó na BCanna Leibhéal 3 cuid dá fheidhmeanna teicniúla nó iad go léir i ndáil le TARGET-[cuir isteach BC/tagairt tíre] a chomhlíonadh.

(b) Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] a cheangal go nglacfadh na rannpháirtithe páirt i dtástáil rialta nó ad hoc ar bhearta leanúnachais gnó agus próiseála teagmhasachta, in oiliúint nó in aon socruithe coisctheacha eile, de réir mar a mheasann [cuir isteach ainm BC] a bheith riachtanach. Is iad na rannpháirtithe amháin a iompróidh aon chostais a thabhóidh siad mar thoradh ar thástáil den sórt sin nó mar thoradh ar shocruithe eile.

2 NÓSANNA IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ AGUS TEAGMHASACHTA (NÓSANNA IMEACHTA SOCRAÍOCHTA DCA RTGS AGUS AS RTGS)

I dteannta leis na forálacha a leagtar amach i roinn 1, beidh feidhm shonrach ag na forálacha atá leagtha amach sa roinn 2 seo maidir le sealbhóirí RTGS DCA agus AS a bhaineann úsáid as nósanna imeachta socraíochta RTGS AS.

2.1. **Oibriúchán TARGET a athlonnú go suíomh eile**

(a) Féadfar an t-athlonnú go suíomh eile d'oibriúchán TARGET dá dtagraítear i mír 1.1(b)(i), bheith go dtí áit laistigh den réigiún céanna nó i réigiún eile.

(b) I gcás ina ndéanfar oibríúchán TARGET a athlonnú go réigiún eile, déanfaidh na rannpháirtithe: (i) staonadh ó orduithe aistrithe airgid nua a chur isteach i TARGET; (ii) arna iarraidh sin do [cuir isteach ainm BC] comhréiteach a dhéanamh; (iii) aon orduithe aistrithe airgid a shainaithnítear a bheith in easnamh a chur isteach arís; agus (iv) an fhaisnéis ábhartha go léir ina leith sin a sholáthar do [cuir isteach ainm BC].

(c) Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] aon ghníomhaíochtaí breise a dhéanamh lena n-áirítear cuntais rannpháirtithe a chur chun dochair agus a chreidiúnú chun cuntais na rannpháirtithe sin a thabhairt ar ais chuig an stádas a bhí acu roimh an athlonnú.

2.2. **Athrú ar uaireanta oibriúcháin**

(a) Má chuireann [cuir isteach ainm BC] moill ar dhúnadh TARGET mar a fhoráiltear dó i mír 1.3 roimh 16:50, ba cheart go bhfanfadh an íostréimhse uair amháin an chloig idir an scoitham le haghaidh orduithe íocaíochta custaiméara agus orduithe íocaíochta idirbhainc i bhfeidhm de ghnáth.

(b) Beidh modhanna bunaithe ag AS chun déileáil le cásanna ina gcuirtear moill ar an am athoscailte mar gheall ar chliseadh TARGET an lá roimhe sin.

2.3. **Próiseáil theagmhasachta**

(a) Má mheasann sé gur gá sin a dhéanamh, tionscnóidh [cuir isteach ainm BC] próiseáil theagmhasach orduithe aistrithe airgid trí úsáid a bhaint as Réiteach Teagmhasachta TARGET nó as modhanna eile. I gcásanna den sórt sin, déanfar próiseáil theagmhasach a sholáthar ar bhonn díchill. Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] a rannpháirtithe ar an eolas faoi thosú na próiseála teagmhasaí trí aon mhodh cumarsáide a bheidh ar fáil.

(b) I bpróiseáil theagmhasach ag baint úsáide as Réiteach Teagmhasachta TARGET, déanfaidh sealbhóirí RTGS DCA orduithe aistrithe airgid a thíolacadh agus déanfaidh [cuir isteach ainm BC] iad a údarú. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC], go heisceachtúil, orduithe aistrithe airgid a ionchur de láimh thar ceann rannpháirtithe. Ina theannta sin, féadfaidh an AS comhaid a chur isteach ina bhfuil treoracha íocaíochta faoi nós imeachta socraíochta RTGS AS A, a údaraíonn an AS do [cuir isteach ainm BC] a uaslódáil isteach sa Réiteach Teagmhasachta.

(c) Measfar gur "an-chriticiúil" na horduithe aistrithe seo a leanas agus déanfaidh [cuir isteach ainm BC] a dhícheall chun iad a phróiseáil i dteagmhas gan mhoill iomchuí:

(i) íocaíochtaí a bhaineann le socraíocht oibríochtaí CLS Bank International a phróiseáiltear ar Shocraíocht CLS;

(ii) glaonna ar chorrlach ó chontrapháirtí lárnach.

(d) Déanfar orduithe aistrithe airgid seachas na cinn atá liostaithe i bpointe (c) agus a bhfuil gá leo chun priacal sistéamach a sheachaint a mheas mar orduithe "criticiúla" agus féadfaidh [cuir isteach ainm BC] cinneadh a dhéanamh próiseáil theagmhasach a thionscnamh ina leith. Áireofar ar orduithe aistrithe airgid criticiúla an méid seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh:

(i) orduithe aistrithe airgid a bhaineann le córais íocaíochta eile atá tábhachtach go sistéamach a shocrú mar atá sainmhínithe i Rialachán (AE) Uimh. 795/2014 (BCE/2014/28).

(ii) orduithe aistrithe leachtacha chuig T2S DCAnna nó TIPS DCAnna;

(iii) orduithe aistrithe leachtachta atá fíor-riachtanach chun orduithe aistrithe airgid ríthábhachtacha a fhorghníomhú mar a leagtar amach i bpointe (c) nó chun orduithe aistrithe airgid ríchriticiúla eile.

(e) Féadfar orduithe aistrithe airgid a cuireadh faoi bhráid TARGET-[cuir isteach BC/tagairt tíre] roimh ghníomhachtú na próiseála teagmhasaí, ach atá scuaine, a chur faoi phróiseáil theagmhasach freisin. I gcásanna den sórt sin féachfaidh [cuir isteach ainm BC] le próiseáil dhúbailte orduithe aistrithe airgid a sheachaint, ach iompróidh na rannpháirtithe an riosca den phróiseáil dhúbailte sin dá dtarlódh sé.

(f) Maidir le próiseáil theagmhasach trí úsáid a bhaint as Réiteach Teagmhasachta TARGET, soláthróidh rannpháirtithe sócmhainní incháilithe mar chomhthaobhacht. Le linn na próiseála teagmhasaí, féadfar orduithe aistrithe airgid atá ag teacht isteach a úsáid chun orduithe aistrithe airgid atá ag dul amach a mhaoiniú.

2.4. **Teipeanna a bhaineann le rannpháirtithe**

(a) I gcás ina bhfuil saincheist nó fadhb ag rannpháirtí a chuireann cosc air orduithe aistrithe airgid a chur chuig TARGET, réiteoidh sé an cheist nó an fhadhb trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin. Go háirithe, féadfaidh rannpháirtí aon réitigh intí atá ar fáil dó a úsáid, an fheidhmiúlacht GUI a úsáid chun aistrithe leachtachta agus orduithe íocaíochta a phróiseáil nó an fheidhm chúltaca a úsáid tríd an Treoirlíne.

(b) Má tá na modhanna réitigh agus/nó réitigh nó feidhmiúlachtaí arna n-úsáid ag an rannpháirtí dá dtagraítear i mír (a) ídithe nó mura leor iad, féadfaidh an rannpháirtí tacaíocht a iarraidh ansin ón [cuir isteach ainm BC] agus soláthróidh [cuir isteach ainm BC] tacaíocht den sórt sin ar bhonn díchill. Cinnfidh [cuir isteach ainm BC] cén tacaíocht a thairgfidh sé don rannpháirtí.

(c) [Cuir isteach más infheidhme, déanfar cur síos ar bhearta teagmhasacha mionsonraithe breise maidir le AS i socruithe breise idir [cuir isteach ainm BC] agus an AS ábhartha.]

3. NÓSANNA IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ AGUS TEAGMHASACHA (MCA)

I dteannta leis na forálacha a leagtar amach i roinn 1, beidh feidhm shonrach ag na forálacha atá leagtha amach sa roinn 3 seo maidir le sealbhóirí MCA.

3.1. **Oibriúchán TARGET a athlonnú go suíomh eile**

(a) féadfar an t-athlonnú go suíomh eile d'oibriúchán TARGET dá dtagraítear i mír 1.1(b)(i), bheith go dtí áit laistigh den réigiún céanna nó i réigiún eile.

(b) I gcás ina ndéanfar oibríúchán TARGET a athlonnú go réigiún eile, déanfaidh na rannpháirtithe: (i) staonadh ó orduithe aistrithe airgid nua a chur isteach i TARGET; (ii) arna iarraidh sin do [cuir isteach ainm BC] comhréiteach a dhéanamh, (iii) aon orduithe aistrithe airgid a shainaithnítear a bheith in easnamh a chur isteach arís; agus (iv) an fhaisnéis ábhartha go léir ina leith sin a sholáthar do [cuir isteach ainm BC].

(c) Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] aon ghníomhaíochtaí breise a dhéanamh lena n-áirítear cuntais rannpháirtithe a chur chun dochair agus a chreidiúnú chun cuntais na rannpháirtithe sin a thabhairt ar ais chuig an stádas a bhí acu roimh an athlonnú.

3.2. **Próiseáil theagmhasachta**

(a) Má mheasann sé gur gá sin a dhéanamh, tionscnóidh [cuir isteach ainm BC] próiseáil theagmhasachta orduithe aistrithe airgid trí úsáid a bhaint as Réiteach Teagmhasachta TARGET nó as modhanna eile. I gcásanna den sórt sin, déanfar próiseáil theagmhasachta a sholáthar ar bhonn díchill. Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] a rannpháirtithe ar an eolas faoi thosú na próiseála teagmhasaí trí aon mhodh cumarsáide a bheidh ar fáil.

(b) I bpróiseáil theagmhasachta ag baint úsáide as Réiteach Teagmhasachta TARGET, déanfaidh sealbhóirí MCA orduithe aistrithe airgid a thíolacadh agus déanfaidh [cuir isteach ainm BC] iad a údarú. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC], go heisceachtúil, orduithe aistrithe airgid a ionchur de láimh thar ceann rannpháirtithe.

(c) Measfar gur "criticiúil" na horduithe aistrithe airgid a theastaíonn chun riosca sistéamach a sheachaint agus féadfaidh [cuir isteach ainm BC] a chinneadh próiseáil theagmhasachta a thionscnamh ina leith.

(d) Féadfar orduithe aistrithe airgid a cuireadh faoi bhráid TARGET-[cuir isteach BC/tagairt tíre] roimh ghníomhachtú na próiseála teagmhasaí, ach atá scuaine, a chur faoi phróiseáil theagmhasach freisin. I gcásanna den sórt sin féachfaidh [cuir isteach ainm BC] le próiseáil dhúbailte orduithe aistrithe airgid a sheachaint, ach iompróidh na rannpháirtithe an riosca den phróiseáil dhúbailte sin dá dtarlódh sé.

(e) Maidir le próiseáil theagmhasachta trí úsáid a bhaint as Réiteach Teagmhasachta TARGET, soláthróidh rannpháirtithe sócmhainní incháilithe mar chomhthaobhacht. Le linn na próiseála teagmhasaí, féadfar orduithe aistrithe airgid atá ag teacht isteach a úsáid chun orduithe aistrithe airgid atá ag dul amach a mhaoiniú.

3.3. **Teipeanna a bhaineann le rannpháirtithe**

(a) I gcás ina bhfuil saincheist nó fadhb ag rannpháirtí a chuireann cosc air orduithe aistrithe airgid a chur chuig TARGET, réiteoidh sé an cheist nó an fhadhb trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin. Go háirithe, féadfaidh rannpháirtí aon réitigh intí nó an fheidhmiúlacht GUI a úsáid chun orduithe aistrithe leachtachta a phróiseáil.

(b) Má tá na modhanna réitigh agus/nó réitigh nó feidhmiúlachtaí arna n-úsáid ag an rannpháirtí dá dtagraítear i mír (a) ídithe nó mura leor iad, féadfaidh an rannpháirtí tacaíocht a iarraidh ón [cuir isteach ainm BC] agus soláthróidh [cuir isteach ainm BC] tacaíocht den sórt sin ar bhonn díchill. Cinnfidh [cuir isteach ainm BC] cén tacaíocht a thairgfidh sé don rannpháirtí.

4. NÓSANNA IMEACHTA LEANÚNACHAIS GNÓ AGUS TEAGMHASACHTA (T2S DCA)

I dteannta leis na forálacha a leagtar amach i roinn 1, beidh feidhm shonrach ag na forálacha atá leagtha amach sa roinn 4 seo maidir le sealbhóirí T2S DCA.

4.1. **Oibriúchán TARGET a athlonnú go suíomh eile**

(a) Féadfar an t-athlonnú go suíomh eile d'oibriúchán TARGET dá dtagraítear i mír 1.1(b)(i), bheith go dtí áit laistigh den réigiún céanna nó i réigiún eile.

(b) I gcás ina ndéanfar oibríúchán TARGET a athlonnú go réigiún eile, déanfaidh na rannpháirtithe: (i) staonadh ó orduithe aistrithe airgid nua a chur isteach i TARGET; (ii) arna iarraidh sin do [cuir isteach ainm BC] comhréiteach a dhéanamh, (iii) aon treoracha a shainaithnítear a bheith in easnamh a chur isteach arís; agus (iv) an fhaisnéis ábhartha go léir ina leith sin a sholáthar do [cuir isteach ainm BC].

(c) Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] aon ghníomhaíochtaí breise a dhéanamh lena n-áirítear cuntais rannpháirtithe a chur chun dochair agus a chreidiúnú chun cuntais na rannpháirtithe a thabhairt ar ais chuig an stádas a bhí acu roimh an athlonnú.

4.2. **Teipeanna nasctha le rannpháirtithe**

(a) I gcás ina bhfuil saincheist nó fadhb ag sealbhóir T2S DCA a chuireann cosc air orduithe aistrithe airgid a shocrú i TARGET-[cuir isteach ainm Bc/tagairt tíre], réiteoidh sé an cheist nó an fhadhb trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin.

(b) Má tá na modhanna réitigh dá dtagraítear i mír (a) ídithe nó mura leor iad, féadfaidh an rannpháirtí tacaíocht a iarraidh ón [cuir isteach ainm BC] agus soláthróidh [cuir isteach ainm BC] tacaíocht den sórt sin ar bhonn díchill. Cinnfidh [cuir isteach ainm BC] cén tacaíocht a thairgfidh sé don rannpháirtí.

FOSCRÍBHINN V

SCEIDEAL OIBRIÚCHÁIN TARGET

1. Is é dáta luacha na n-idirbheart atá socraithe i TARGET an dáta luacha ar a bhfeidhmíonn an córas i gcónaí.

2. Is laethanta gnó TARGET iad na laethanta ar fad seachas an Satharn, an Domhnach, Lá na Bliana Nua, Aoine an Chéasta ([1]), Luan Cásca ([2]), 1 Bealtaine, Lá Nollag, agus 26 Nollaig agus mar sin d'fhéadfadh gur dátaí luacha iad chun críche socraithe in TARGET.

3. Feidhmítear cuntais theicniúla TIPS DCanna agus TIPS AS ar gach lá. Feidhmítear gach cineál cuntais eile gach lá seachas an Satharn, an Domhnach, Lá na Bliana Nua, Aoine an Chéasta ([3]), Luan Cásca ([4]), 1 Bealtaine, Lá Nollag, agus 26 Nollaig.

4. Osclaítear lá gnó i rith tráthnóna an lae gnó roimh ré agus

5. Is é an t-am tagartha don chóras an t-am áitiúil ag suíomh an BCE.

6. Taispeántar sa tábla seo a leanas na céimeanna éagsúla de lá gnó TARGET agus na himeachtaí suntasacha oibríochtúla a bhaineann le MCAnna, RTGS DCAnna ([5]), T2S DCAnna agus TIPS DCAnna ([6]):

HH:MM	MCAnna	DCAnna RTGS ([1])	DCAnna T2S	DCAnna TIPS ([2])
18:45 (D-1)	Tús lae gnó: Athrú dáta luacha	Tús lae gnó: Athrú dáta luacha	Tús lae gnó: Athrú dáta luacha Ullmhú na socraíochta istoíche	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla AS TIPS. Ní phóiseáltar aon aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile
19:00 (D-1)	Socraíocht CBOnna Aisíoc iasachta imeallaí Aisíoc taiscí thar oíche Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe agus riailbhunaithe		An spriocam chun fothaí sonraí CMS a ghlacadh Ullmhú na socraíochta istoíche	

([1]) De réir an fhéilire is infheidhme ag suíomh an BCE.
([2]) De réir an fhéilire is infheidhme ag suíomh an BCE.
([3]) De réir an fhéilire is infheidhme ag suíomh an BCE.
([4]) De réir an fhéilire is infheidhme ag suíomh an BCE.
([5]) Baineann sé freisin le cuntais theicniúla RTGS AS, fo-chuntais agus cuntais chiste ráthaíochta AS.
([6]) De réir an fhéilire is infheidhme ag suíomh an BCE.

HH:MM	MCAnna	DCAnna RTGS ([1])	DCAnna T2S	DCAnna TIPS ([2])
19:30 (D-1)	Socraíocht CBOanna Buanorduithe aistrithe leachtachta a phróiseáil Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta láithreacha	Socraíocht orduithe aistrithe AS Próiseáil buanorduithe aistrithe leachtachta Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreacha		Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta ó/chuig MCAnna agus DCAnna RTGS
20:00 (D-1)			Timthriallta socraíochta istoíche	Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta ó/chuig DCAnna T2S
02:30 (lá féilire tar éis D-1)	Ionú cothabhála neamhroghnach ar — laethanta gnó tar éis laethanta dúnta lena n-áirítear gach lá gnó Luain Ionú cothabhála roghnach (más gá) ó 03:00 – 05:00 ar na laethanta atá fágtha	Ionú cothabhála neamhroghnach ar — laethanta gnó tar éis laethanta dúnta lena n-áirítear gach lá gnó Luain Ionú cothabhála roghnach (más gá) ó 03:00 – 05:00 ar na laethanta atá fágtha	Ionú cothabhála neamhroghnach ar — laethanta gnó tar éis laethanta dúnta lena n-áirítear gach lá gnó Luain Ionú cothabhála roghnach (más gá) ó 03:00 – 05:00 ar na laethanta atá fágtha ([3])	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla AS TIPS. Ní phróiseáltar aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile
Am athoscailte* (D)	Socraíocht CBOnna Próiseáil orduithe aistrithe leachtacha riailbhunaithe uathoibrithe agus láithreacha	Socraíocht orduithe aistrithe AS Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreacha. Orduithe custaiméirí agus idirbhainc a phróiseáil	Timthriallta socraíochta istoíche	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla AS TIPS agus orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile.

HH:MM	MCAnna	DCAnna RTGS [1]	DCAnna T2S	DCAnna TIPS [2]
05:00 (D)			Trádáil lae/Socraíocht fíor-ama (4): Ullmhú do shocraíocht fíor-ama Ionú páirt-shocraíochta páirtí [4]	
16:00 (D)			Scoitham le haghaidh orduithe DvP	
16:30 (D)			Aisíocaíocht uathoibríoch d'uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh, agus an scuab airgid roghnach ina dhiaidh sin	
17:00 (D)		Scoitham le haghaidh orduithe íocaíochta ó chustaiméirí		
17:40 (D)			Scoitham le haghaidh oibríochtaí bainistíochta cisteáin comhaontaithe déthaobhacha (BATM) agus scoith CBO	
17:45 (D)		Scoitham le haghaidh orduithe um aistriú leachtachta chuig DCAnna T2S	Scoitham le haghaidh orduithe aistrithe leachtachta isteach	Orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna TIPS go DCAnna T2S a bhlocáil. Ní phróiseáiltear aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna T2S agus DCAnna TIPS le linn na tréimhse seo
18:00 (D)	Scoitham le haghaidh: — Orduithe aistrithe leachtachta — CBOs, seachas saor-áidí seasmhacha — modhnaithe ar línte creidmheasa	Scoitham le haghaidh: — orduithe íocaíochta idirbhainc — orduithe aistrithe leachtachta — orduithe aistrithe AS	Scoith FOP Deireadh le próiseáil socraíochta T2S Athchúrsáil agus glanadh Tuairisciú agus ráitis dheireadh lae	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla AS TIPS. Próseáil orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna TIPS go MCA/RTGS agus go DCAnna T2S. Ní dhéantar aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile a phróiseáil le linn na tréimhse seo.

HH:MM	MCAnna	DCAnna RTGS ([1])	DCAnna T2S	DCAnna TIPS ([2])
				Go gairid i ndiaidh 18:00: Athrú ar lá gnó (tar éis an teachtaireacht camt.019 a fháil ó MCA/RTGS) Léiriú ar iarmhéideanna DCAnna TIPS agus tuairisciú deireadh lae
18:15 (D)	Scoith le haghaidh úsáide saoráidí seasmhacha			
18:40 (D)	Scoitham le haghaidh iasachta immeallaí (BCNanna amháin) Próiseáil deiridh lae			

([1]) Baineann sé freisin le cuntais theicniúla RTGS AS, fo-chuntais agus cuntais chiste ráthaíochta AS.
([2]) De réir an fhéilire is infheidhme ag suíomh an BCE.
([3]) I gcás DCAnna T2S: chun críche an ionú cothabhála, measfar gur lá gnó é an 1 Bealtaine.
([4]) Tarlaíonn ionú páirtshocraíochta ag 08:00, 10:00, 12:00, 14:00 agus 15:30 (nó 30 nóiméad roimh thús am scoite DvP, cibé acu is túisce).

Féadfar na huaireanta oibríochta a athrú sa chás go nglactar bearta leanúnachais gnó i gcomhréir le Fhoscríbhinn IV. Ar an lá deiridh de thréimhse chothabhála chúlchiste an Eurochórais, tarlóidh na hamanna scoite 18:15, 18:40, 18:45, 19:00 agus 19:30 maidir le MCAnna agus DCAnna RTGS (chomh maith le cuntais theicniúla AS RTGS agus focuntais agus cuntais chistí ráthaíochta AS) 15 nóiméad níos déanaí.

Liosta de ghiorrúcháin agus nótaí leis an tábla seo:

* Amanna athoscailte: d'fhéadfadh go n-athróidh siad de réir na staide. Soláthraíonn an tOibreoir an fhaisnéis.

(D-1): an lá gnó roimhe sin

(D): l: á féilire = lá gnó = dáta luacha

CMS: Córas Bainistíochta Comhthaobhachta

Orduithe DvP: Seachadadh in aghaidh Orduithe Íocaíochta.

FOSCRÍBHINN VI

SCEIDEAL TÁILLÍ

1. GINEARÁLTA

1. Níl na seirbhísí seo a leanas san áireamh sna seirbhísí atá á dtairiscint ag [cuir isteach ainm BC] agus gearrfaidh na soláthraithe seirbhíse ábhartha orthu i gcomhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha:

(a) seirbhísí a thairgeann NSPanna;

(b) seirbhísí T2S nach mbaineann le hairgead tirim.

2. Rannpháirtí ar mian leis a rogha scéime praghsála a athrú, cuirfidh sé é sin in iúl do [cuir isteach ainm BC] faoin bhfichiú lá féilire den mhí ionas gur féidir é a chur san áireamh don mhí ina dhiaidh sin.

2. TAILLÍ LE HAGHAIDH SEALBHÓIRÍ MCAnna

1. Ní thabhóidh MCAnna agus idirbhearta a shocrófar orthu táillí.

2. [cuir isteach más infheidhme: Táille(í) do MCAnna comhbhainistithe]

3. TÁILLÍ DO SHEALBHÓIRÍ DCAnna RTGS

1. Roghnóidh sealbhóirí RTGS DCAnna ceann amháin den dá rogha praghsála seo a leanas:

(a) táille mhíosúil, chomh maith le táille seasta idirbhirt in aghaidh an ordaithe íocaíochta (iontráil dochair).

Táille mhíosúil		EUR 150
Táille idirbhirt in aghaidh an ordaithe íocaíochta		EUR 0,80

(b) táille mhíosúil, chomh maith le táille idirbhirt bunaithe ar mhéid na n-orduithe íocaíochta (iontráil dochair) agus arna ríomh ar bhonn carnach mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas. I gcás rannpháirtithe i ngrúpa billeála déanfar méid míosúil na n-orduithe íocaíochta (iontráil dochair) do na rannpháirtithe uile sa ghrúpa sin a chomhiomlánú.

Táille mhíosúil			EUR 1 875
Méid míosúil na n-orduithe íocaíochta			
Banda	Ó	Go	Táille idirbhirt in aghaidh an ordaithe íocaíochta (EUR)
1.	1.	10 000	0,60
2.	10 001	25 000	0,50
3.	25 001	50 000	0,40
4.	50 001	75 000	0,20
5.	75 001	100 000	0,125
6.	100 001	150 000	0,08
7.	Thar 150 000		0,05

2. Beidh orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna RTGS chuig fochuntais, chuig MCAanna, chuig cuntais taisce thar oíche nó chuig DCAnna RTGS atá i seilbh an rannpháirtí céanna nó rannpháirtithe laistigh den ghrúpa baincéireachta céanna saor in aisce.

3. Beidh muirear EUR 0.80 in aghaidh an idirbhirt (iontráil dochair) ar orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna RTGS nó chuig MCAnna nó chuig DCAnna RTGS atá i seilbh rannpháirtithe nach den ghrúpa baincéireachta céanna iad.

4. Beidh orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna RTGS go DCAnna T2S nó chuig DCAnna TIPS saor in aisce.

5. Ní dhéanfar orduithe aistrithe airgid ó DCA RTGS chuig cuntas AS ([1]) a mhuirearú ar shealbhóir RTGS DCA.

6. Beidh feidhm ag na táillí seo a leanas maidir le sealbhóirí DCA RTGS:

Seirbhís	Táille mhíosúil (EUR)
BIC inteagmhála (comhfhreagraithe ([1]))	20
BIC neamhfhoilsithe	30
Rochtain il-seoltaí (bunaithe ar BIC 8)	80

([1]) Tá sealbhóirí BICanna inteagmhálacha ar fáil do chineálacha éagsúla rannpháirtithe: sealbhóir BIC inteagmhála – Comhfhreagraí; sealbhóirBIC inteagmhála – Brainse na Rannpháirtithe; agus sealbhóir BIC inteagmhála – Brainse an chomhfhreagraí. Ní thabhófar an táille ach amháin ar an sealbhóir BIC inteagmhála – cineál rannpháirtíochta comhfhreagraí. Gearrfar an táille ar gach BIC11 éagsúil.

4. TÁILLÍ MAIDIR LE AS A BHAINEANN ÚSÁID AS NÓSANNA IMEACHTA SOCRAÍOCHTA AS RTGS

Gearrtar táillí de réir an chórais choimhdigh beag beann ar líon agus ar chineál na gcuntas. Gearrfar táille in aghaidh gach córais ar Oibritheoirí AS a oibríonn níos mó ná córas amháin.

1. Roghnóidh AS a úsáideann nósanna imeachta socraíochta AS RTGS nó ar deonaíodh eisceacht dóibh lena gceadaítear dóibh socrú a dhéanamh ar DCA RTGS ceann amháin den dá rogha praghsála seo a leanas:

(a) táille mhíosúil, chomh maith le táille seasta idirbhirt in aghaidh an ordaithe aistrithe airgid.

Táille mhíosúil		EUR 300
Táille idirbhirt in aghaidh an ordaithe aistrithe airgid		EUR 1,60

(b) táille mhíosúil, chomh maith le táille idirbhirt bunaithe ar mhéid na n-orduithe aistrithe airgid agus arna ríomh ar bhonn carnach mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Táille mhíosúil			EUR 3 750
Méid míosúil na n-orduithe aistrithe airgid			
Banda	Ó	Chuig	Táille idirbhirt in aghaidh an ordaithe aistrithe airgid (EUR)
1.	1.	5 000	1,20
2.	5 001	12 500	1,00
3.	12 501	25 000	0,80
4.	25 001	50 000	0,40
5.	Thar 50 000		0,25

([1]) Is cuma cé acu DCA RTGS, cuntas teicniúil AS RTGS nó cuntas cistí ráthaíochta AS é.

Déanfar orduithe aistrithe airgid idir DCA RTGS agus cuntas AS ([2])a mhuirearú ar an AS faoi seach de réir na rogha praghsála a roghnaigh an AS.

2. I dteannta leis na táillí a leagtar amach thuas, beidh gach AS faoi réir dhá tháille sheasta mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

A. Táille sheasta I	
Táille mhíosúil in aghaidh an AS	EUR 2 000

B. Táille sheasta II (bunaithe ar bunuach comhlán ([1]))

Méid (EUR milliúin in aghaidh an lae)	Táille bhliantúil (EUR)	Táille mhíosúil (EUR)
ó 0 go 999,99	10 000	833
ó 1 000 go 2 499,99	20 000	1 667
ó 2 500 go 4 999,99	40 000	3 334
ó 5 000 go 9 999,99	60 000	5 000
ó 10 000 go 49 999,99	80 000	6 666
ó 50 000 go 499 999,99	100 000	8 333
500 000 agus os a chionn	200 000	16 667

([1]) Is ionann an "bunluach comhlán" agus méid iomlán na n-olloibleagáidí airgeadaíochta a urscaoiltear trí AS tar éis socraíochta a dhéanamh ar DCA RTGS nó ar fho-chuntas. Maidir le CPLanna, is é an bunluach comhlán luach barúlach iomlán na gconarthaí todhchaí nó luach marcála ón margadh na gconarthaí todhchaí, ag luachanna a bheidh le socrú nuair a théann conarthaí todhchaíochtaí in éag agus nuair a chuirtear coimisiún i bhfeidhm.

5. TÁILLÍ MAIDIR LE SEALBHÓIRÍ DCA T2S

1. Gearrfar na táillí seo a leanas as DCAnna T2S a oibriú:

Ítim	Riail i bhfeidhm	Táille in aghaidh an ítime (EUR)
Orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna T2S	In aghaidh an aistrithe don DCA T2S curtha do dhochar.	0,141
Gluaiseachtaí laistigh den iarmhéid	Aon ghluaiseacht laistigh den iarmhéid a dhéantar go rathúil (i.e. blocáil, díbhlocáil, cúl-leachtacht, etc.).	0,094
Iarratais A2A	In aghaidh na hítime gnó laistigh de gach iarratas A2A a ghintear	0,007
Tuarascálacha A2A	In agahidh na hítime gnó laistigh de gach tuarascáil A2A a ghintear lena n-áirítear tuarascálacha A2A mar thoradh ar iarratais U2A.	0,004
Teachtaireachtaí cuachta i gcomhad	In aghaidh na teachtaireachta i ngach comhad ina bhfuil teachtaireachtaí cuachta	0,004
Tarchur	Déanfar gach tarchur in aghaidh páirtí T2S (idir isteach agus amach) a chomhaireamh agus muirear a ghearradh as (seachas teachtaireachtaí admhála teicniúla).	0,012
Iarratais U2A	Feidhm chuardaigh iarratais ar bith a rinneadh	0,100

([2]) Is cuma cé acu DCA RTGS, cuntas teicniúil ASRTGS nó Cuntas cistí ráthaíochta AS é.

Ítim	Riail i bhfeidhm	Táille in aghaidh an ítime (EUR)
Táille in aghaidh gach DCA T2S	Aon DCA T2S atá ann ag am ar bith le linn na tréimhse billeála míosúla Saor in aisce faoi láthair, le hathbhreithniú go tráthrialta.	0,000
Uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh	Uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a eisiúint nó a thabhairt ar ais	0,000

2. Beidh orduithe aistrithe leachtachta ó DCA T2S chuig DCA RTGS, DCA TIPS nó MCA saor in aisce.

6. TÁILLÍ DO SHEALBHÓIRÍ DCA TIPS

1. Déanfar táillí le haghaidh oibriú DCAnna TIPS a mhuirearú ar an bpáirtí a luaitear mar a thaispeántar sa tábla seo a leanas:

Ítim	Riail i bhfeidhm	Táille in aghaidh na hítime (EUR)
Ordú íocaíochta meandraí socraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an DCA TIPS le cur do dhochar	0,002
Ordú íocaíochta meandraí neamhshocraithe	An páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an DCA TIPS le cur do dhochar	0,002
Freagra dearfach aisghairme socraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an DCA TIPS a chur chun sochair	0,002
Freagra dearfach aisghairme neamhshocraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an DCA TIPS le cur chun sochair	0,002

2. Orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna TIPS chuig: MCAnna; DCAnna RTGS; fochuntais; cuntais taisce thar oíche; cuntais theicniúla AS TIPS; agus beidh DCAnna T2S saor in aisce.

7. TÁILLÍ MAIDIR LE AS A BHAINEANN ÚSÁID AS NÓSANNA IMEACHTA SOCRAÍOCHTA TIPS

1. Déanfar táillí as úsáid a bhaint as nós imeachta socraíochta AS TIPS ag AS a mhuirearú ar an bpáirtí a luaitear mar a thaispeántar sa tábla seo a leanas:

Ítim	Riail i bhfeidhm	Táille in aghaidh na hítime (EUR)
Ordú íocaíochta meandraí socraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an gcuntais teicnicúla AS le cur do dhochar	0,002
Ordú íocaíochta meandraí neamhshocraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an gcuntais teicnicúla AS le cur do dhochar	0,002
Freagra dearfach aisghairme socraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an gcuntais teicnicúla AS le cur chun sochair	0,002
Freagra dearfach aisghairme neamhshocraithe	Páirtí a bheidh le muirearú: úinéir an gcuntais teicnicúla AS le cur chun sochair	0,002

2. Beidh orduithe aistrithe leachtachta ó chuntais theicniúla TIPS AS go TIPS DCAnna saor in aisce

3. I dteannta na dtáillí atá leagtha amach thuas, beidh gach AS faoi réir táille mhíosúil bunaithe ar ollmhéid bhunúsach na n-íocaíochtaí meandracha, íocaíochtaí beagnach meandracha agus na bhfreagraí dearfacha aisghairme arna socrú in ardán an AS féin agus arna chumasú ag na suíomhanna réamh-mhaoinithe ar chuntas theicniúil TIPS AS. EUR 0.0005 a bheidh sa táille in aghaidh na híocaíochta meandraí socraithe, íocaíochtaí beagnach meandracha nó in aghaidh an fhreagra dhearfaigh socraithe I gcás gach míosa, tuairisceoidh gach AS ar ollmhéid bhunúsach a íocaíochtaí meandracha socraithe, íocaíochtaí beagnach meandracha agus a fhreagraí dearfacha aisghairme socraithe arna slánú síos go dtí an deich míle is gaire, faoin tríú lá gnó den mhí dár gcionn ar a dhéanaí. Cuirfear an ollmhéid bhunúsach thuairiscithe i bhfeidhm faoin ag [cuir isteach ainm BC] chun an táille don mhí dár gcionn a ríomh.

FOSCRÍBHINN VII

CEANGLAIS MAIDIR LE BAINISTIÚ SLÁNDÁLA FAISNÉISE AGUS BAINISTÍÚ LEANÚNACHAIS GNÓ

SEALBHÓIRÍ MCA, SEALBHÓIRÍ DCA T2S AGUS SEALBHÓIRÍ DCA TIPS

Ní bheidh feidhm ag aon cheanglais maidir le bainistiú slándála faisnéise nó bainistiú leanúnachais gnó maidir le sealbhóirí MCA, sealbhóirí T2S DCA agus sealbhóirí TIPS DCA.

Sealbhóirí DCA RTGS AGUS AS

Beidh feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach i roinn 1 den Fhoscríbhinn VII seo (bainistíocht slándála faisnéise) maidir le gach sealbhóir RTGS DCA agus AS, ach amháin i gcás ina léiríonn sealbhóir RTGS DCA nó AS nach bhfuil ceanglas sonrach infheidhme maidir leis. Agus raon feidhme chur i bhfeidhm na gceanglas laistigh dá bhonneagar á bhunú, ba cheart don rannpháirtí na heilimintí atá mar chuid den Slabhra Idirbhearta Íocaíochta (PTC) a shainaithint. Go sonrach, tosaíonn an PTC ag Pointe Iontrála (PoE), i.e. córas a bhaineann le hidirbhearta a chruthú (m.sh. stáisiúin oibre, feidhmchláir oifige tosaigh agus cúloifige, meánearraí), agus críochnaíonn sé ag an gcóras atá freagrach as an teachtaireacht a sheoladh chuig an NSP.

Beidh feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach i roinn 2 den Fhoscríbhinn VII seo (bainistíocht leanúnachais gnó) maidir le sealbhóirí RTGS DCA agus AS a ainmnítear ag an Eurochóras mar cheanglais ríthábhachtach d'fheidhmiú rianúil chóras TARGET ar bhonn critéar a nuashonraítear go tréimhsiúil agus a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin an BCE.

1. **Bainistiú slándála faisnéise**

Ceanglas 1.1: Beartas slándála faisnéise

Socróidh an bhainistíocht treoir beartais shoiléir i gcomhréir le cuspóirí gnó agus léireoidh siad tacaíocht agus tiomantas don tslándáil faisnéise trí bheartas slándála faisnéise a eisiúint, a fhormheas agus a chothabháil arb é is aidhm dó slándáil faisnéise agus cibear-athléimneacht a bhainistiú ar fud na heagraíochta i dtéarmaí sainaitheantais, measúnú agus láimhseáil rioscaí slándála faisnéise agus cibear-athléimneachta. Ba cheart go mbeadh na ranna seo a leanas ar a laghad sa bheartas: cuspóirí, raon feidhme (lena n-áirítear réimsí amhail eagrú, acmhainní daonna, bainistíocht sócmhainní etc.), prionsabail agus leithdháileadh freagrachtaí.

Ceanglas 1.2: Eagraíocht inmheánach

Bunófar creat slándála faisnéise chun an beartas slándála faisnéise a chur chun feidhme laistigh den eagraíocht. Déanfaidh an bhainistíocht bunú an chreata slándála faisnéise a chomhordú agus a athbhreithniú chun cur chun feidhme an bheartais um shlándáil faisnéise a áirithiú (de réir Ceanglas 1.1) ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha agus sannadh freagrachtaí slándála chun na críche seo.

Ceanglas 1.3: Páirtithe seachtracha

Níor cheart slándáil shaoráidí próiseála faisnéise agus faisnéise na heagraíochta a laghdú trí thabhairt isteach agus/nó spleáchas ar pháirtí/páirtithe seachtracha nó ar tháirgí/seirbhísí a sholáthraíonn siad. Déanfar aon rochtain ar shaoráidí próiseála faisnéise na heagraíochta ag páirtithe seachtracha a rialú. Nuair a cheanglaítear ar pháirtithe seachtracha nó ar tháirgí/seirbhísí páirtithe seachtracha rochtain a fháil ar shaoráidí próiseála faisnéise na heagraíochta, déanfar measúnú riosca chun na himpleachtaí slándála agus na ceanglais rialaithe a chinneadh. Déanfar rialuithe a chomhaontú agus a shainiú i gcomhaontú le gach páirtí seachtrach ábhartha.

Ceanglas 1.4: Bainistíocht sócmhainní

Déanfar cuntas ar na sócmhainní faisnéise uile, na próisis ghnó agus na córais faisnéise bhunúsacha, amhail córais oibriúcháin, bonneagair, feidhmchláir ghnó, táirgí atá le ceannach i siopa, seirbhísí agus feidhmchláir arna bhforbairt ag úsáideoirí, atá faoi raon feidhme an tSlabhra Idirbhearta Íocaíochta agus úinéir ainmnithe a bheith acu. Sannfar an fhreagracht as rialuithe iomchuí sna próisis ghnó agus sna comhpháirteanna TF gaolmhara a chothabháil agus a oibriú chun na sócmhainní faisnéise a chosaint. Nóta: is féidir leis an úinéir cur chun feidhme rialuithe sonracha a tharmligean de réir mar is cuí, ach fanfaidh sé de bheith freagrach as cosaint chuí na sócmhainní.

Ceanglas 1.5: Aicmiú sócmhainní faisnéise

Aicmeofar sócmhainní faisnéise de réir a gcriticiúlacht do sholáthar rianúil na seirbhíse ag an rannpháirtí. Léireoidh an t-aicmiú an gá, na tosaíochtaí agus an méid cosanta is gá agus an tsócmhainn faisnéise á láimhseáil sna próisis ghnó ábhartha agus cuirfear san áireamh freisin na comhpháirteanna TF bunúsacha. Úsáidfear scéim um aicmiú sócmhainní faisnéise arna formheas ag an mbainistíocht chun sraith iomchuí rialuithe cosanta a shainiú ar feadh shaolré na sócmhainní faisnéise (lena n-áirítear baint agus scriosadh sócmhainní faisnéise) agus chun an gá atá le bearta sonracha láimhseála a chur in iúl.

Ceanglas 1.6: Slándáil acmhainní daonna

Tabharfar aghaidh ar fhreagrachtaí slándála roimh fhostaíocht i dtuairiscí leordhóthanacha ar phoist agus i dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta. Déanfar scagadh imleor ar gach iarrthóir ar fhostaíocht, ar chonraitheoir agus ar úsáideoirí tríú páirtí, go háirithe maidir le poist íogaire. Síneoidh fostaithe, conraitheoirí agus úsáideoirí tríú páirtí na saoráidí próiseála faisnéise comhaontú maidir lena róil agus a bhfreagrachtaí slándála. Áiritheofar leibhéal leordhóthanach feasachta i measc na bhfostaithe, na gconraitheoirí agus na n-úsáideoirí tríú páirtí go léir, agus cuirfear oideachas agus oiliúint ar nósanna imeachta slándála agus úsáid cheart áiseanna próiseála faisnéise ar fáil dóibh chun rioscaí slándála féideartha a íoslaghdú. Bunófar próiseas foirmiúil araíonachta le haghaidh fostaithe chun déileáil le sáruithe slándála. Beidh freagrachtaí i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar imeacht an fhostaí, an chonraitheora nó an úsáideora tríú páirtí ón eagraíocht nó a n-aistriú laistigh den eagraíocht a bhainistiú, agus go dtabharfar an trealamh ar fad ar ais agus go gcuirfear deireadh le gach ceart rochtana.

Ceanglas 1.7: Slándáil fhisiceach agus chomhshaoil

Déanfar saoráidí próiseála faisnéise criticiúla nó íogair a lonnú i limistéir shlána, arna gcosaint ag paraiméadair slándála sainithe, le bacainní slándála agus rialuithe iontrála iomchuí. Beidh siad cosanta go fisiciúil ó rochtain neamhúdaraithe, damáiste agus cur isteach. Ní dheonófar rochtain ach do dhaoine aonair a thagann faoi raon feidhme Cheanglas 1.6. Bunófar nósanna imeachta agus caighdeáin chun meáin fhisiceacha ina bhfuil sócmhainní faisnéise a chosaint agus iad ar idirthuras.

Déanfar trealamh a chosaint ar bhagairtí fisiceacha agus comhshaoil. Tá gá le trealamh a chosaint (lena n-áirítear trealamh a úsáidtear lasmuigh den láthair) agus le cosaint ar bhaint réadmhaoine chun an riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe ar fhaisnéis a laghdú agus chun cosaint a thabhairt in aghaidh caillteanas nó damáiste trealaimh nó faisnéise. D'fhéadfadh go mbeadh gá le bearta speisialta chun cosaint a thabhairt ar bhagairtí fisiceacha agus chun saoráidí tacaíochta a chosaint ar nós an tsoláthair leictreachais agus an bhonneagair cáblaithe.

Ceanglas 1.8: Bainistíocht oibríochtaí

Bunófar freagrachtaí agus nósanna imeachta maidir le bainistiú agus oibriú na n-áiseanna próiseála faisnéise a chumhdóidh na córais bhunúsacha uile sa Slabhra Idirbhearta Íocaíochta ó cheann-go-ceann.

Maidir le nósanna imeachta oibriúcháin, lena n-áirítear riarachán teicniúil na gcóras TF, cuirfear chun feidhme leithscaradh dualgas, i gcás inarb iomchuí, chun an riosca go ndéanfaí mí-úsáid fhaillíoch nó d'aon ghnó córais a laghdú. I gcás nach féidir leithscaradh dualgas a chur chun feidhme ar chúiseanna oibiachtúla doiciméadaithe, cuirfear rialuithe cúitimh chun feidhme tar éis anailís riosca fhoirmiúil. Bunófar rialuithe chun tabhairt isteach cód mailíseach do chórais sa Slabhra Idirbhearta Íocaíochta a chosc agus a bhrath. Bunófar rialuithe freisin (lena n-áirítear feasacht úsáideoirí) chun cód mailíseach a chosc, a bhrath agus a bhaint. Ní úsáidfear cód móibíleach ach ó fhoinsí iontaofa (m.sh. comhpháirteanna Microsoft COM sínithe agus Feidhmchláiríní Java). Déanfar cumraíocht an bhrabhsálaí (m.sh. úsáid síntí agus breiseán) a rialú go docht.

Déanfaidh an bhainistíocht beartais um chúltaca sonraí agus aisghabhála sonraí a chur chun feidhme; áireofar leis na beartais aisghabhála sin plean den phróiseas athshlánaithe a thástáiltear go tráthrialta uair sa bhliain ar a laghad.

Déanfar faireachán ar chórais atá criticiúil do shlándáil íocaíochtaí agus déanfar imeachtaí a bhaineann le slándáil faisnéise a thaifeadadh. Úsáidfear logaí oibreoirí chun a áirithiú go sainaithneofar fadhbanna córais faisnéise. Déanfar logaí oibreoirí a athbhreithniú go tráthrialta ar bhonn samplach, bunaithe ar chriticiúlacht na n-oibríochtaí. Úsáidfear faireachán córais chun éifeachtacht na rialuithe a shainaithnítear mar rialuithe criticiúla do shlándáil íocaíochtaí a sheiceáil agus chun comhréireacht le samhail beartais rochtana a fhíorú.

Bunófar malartuithe faisnéise idir eagraíochtaí ar bheartas malartaithe foirmiúil, a dhéanfar i gcomhréir le comhaontuithe malairte idir na páirtithe lena mbaineann agus comhlíonfaidh siad aon reachtaíocht ábhartha. Ní mór comhpháirteanna bogearraí tríú páirtí a úsáidtear i malartú faisnéise le TARGET (m.sh. bogearraí a fhaightear ó Bhiúró Seirbhíse) a úsáid faoi chomhaontú foirmiúil leis an tríú páirtí.

Ceanglas 1.9: Rialú rochtana

Beidh údar maith le rochtain ar shócmhainní faisnéise ar bhonn ceanglas gnó (riachtanas eolais ([1])) agus de réir chreat bunaithe na mbeartas corparáideach (lena n-áirítear an beartas slándála faisnéise). Déanfar rialacha soiléire um rialú rochtana a shainiú a mbeidh bunaithe ar phrionsabal an údaráis is lú ([2]) chun riachtanais na bpróiseas gnó agus TF comhfhreagrach a léiriú go dlúth. I gcás inar iomchuí, (e.g. le haghaidh bainistíochta cúltaca) ba cheart go mbeadh rialú rochtana loighciúil comhsheasmhach le rialú rochtana fisiceach ach amháin má tá rialuithe cúiteacha leordhóthanacha i bhfeidhm (m.sh. criptiú, anaithnidiú sonraí pearsanta).

Beidh nósanna imeachta foirmiúla agus doiciméadaithe i bhfeidhm chun leithdháileadh na gceart rochtana ar chórais faisnéise agus ar sheirbhísí a thagann faoi raon feidhme an tSlabhra Idirbhearta Íocaíochta a rialú. Cumhdóidh na nósanna imeachta gach céim de shaolré rochtana na n-úsáideoirí, ó thúschlárú úsáideoirí nua go dtí díchlárú deiridh na n-úsáideoirí nach dteastaíonn rochtain uathu a thuilleadh.

Tabharfar aird ar leith, i gcás inarb iomchuí, ar chearta rochtana a leithdháileadh a bhfuil an méid sin criticiúlachta ag baint leo go bhféadfadh drochthionchar mór a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid na gceart rochtana sin ar oibríochtaí an rannpháirtí (e.g. cearta rochtana lena gceadaítear riarachán córais, rialuithe córais a shárú, rochtain dhíreach ar shonraí gnó).

Cuirfear rialuithe iomchuí i bhfeidhm chun úsáideoirí a shainaithint, a fhíordheimhniú agus a údarú ag pointí sonracha i líonra na heagraíochta, e.g. le haghaidh rochtana áitiúla agus cianrochtana ar chórais sa Slabhra Idirbhearta Íocaíochta. Ní roinnfear cuntais phearsanta chun cuntasacht a áirithiú.

Maidir le pasfhocail, déanfar rialacha a bhunú agus a fhorghníomhú le rialuithe sonracha chun a áirithiú nach féidir pasfhocail a thomhas go héasca, e.g. rialacha castachta agus bailíocht ama teoranta. Bunófar prótacal sábháilte um aisghabháil pasfhocail agus/nó athshocrú.

Déanfar beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le húsáid rialuithe cripteagrafacha chun rúndacht, barántúlacht agus sláine na faisnéise a chosaint. Bunófar beartas um bhainistiú eochracha chun tacú le húsáid rialuithe cripteagrafacha.

Beidh beartas ann chun faisnéis rúnda a fheiceáil ar scáileán nó i gcló (m.sh. scáileán soiléir, polasaí deisce glaine) chun an riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe a laghdú.

Le linn oibriú go cianda, cuirfear san áireamh na rioscaí a bhaineann le hobair i dtimpeallacht nach bhfuil cosanta agus cuirfear rialuithe teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí i bhfeidhm.

Ceanglas 1.10: Fáil, forbairt agus cothabháil córais faisnéise

Déanfar ceanglais slándála a shainaithint agus a chomhaontú sula ndéanfar córais faisnéise a fhorbairt agus/nó a chur chun feidhme.

Déanfar rialuithe iomchuí a fhí isteach i bhfeidhmchláir, lena n-áirítear feidhmchláir arna bhforbairt ag úsáideoirí, chun próiseáil cheart a áirithiú. Áireofar leis na rialuithe sin bailíochtú sonraí ionchuir, próiseáil inmheánach agus sonraí aschuir. D'fhéadfadh go mbeadh gá le rialuithe breise do chórais a phróiseálann, nó a mbíonn tionchar acu ar fhaisnéis íogair, luachmhar nó chriticiúil. Cinnfear rialuithe den sórt sin ar bhonn ceanglas slándála agus measúnú riosca de réir na mbeartas bunaithe (e.g. beartas slándála faisnéise, beartas rialaithe cripteagrafach).

Déanfar ceanglais oibríochtúla córas nua a bhunú, a dhoiciméadú agus a thástáil sula nglacfar leo agus sula n-úsáidfear iad. Maidir le slándáil gréasáin, ba cheart rialuithe iomchuí, lena n-áirítear deighilt agus bainistiú slán, a chur chun feidhme bunaithe ar chriticiúlacht sreafaí sonraí agus ar leibhéal riosca na gcriosanna líonra san eagraíocht. Beidh rialuithe sonracha ann chun faisnéis íogair a théann thar líonraí poiblí a chosaint.

([1]) Tagraíonn an phrionsabail eolas ar bhonn riachtanais d'aithint na sraithe faisnéise a bhfuil rochtain ag teastáil ó dhuine aonair chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.

([2]) Tagraíonn prionsabal an údaráis is lú do phróifíl rochtana duine a chur in oiriúint do chóras TF chun teacht leis an ról gnó comhfhreagrach.

Déanfar rochtain ar chomhaid chórais agus ar chód foinse an chláir a rialú agus déanfar tionscadail TF agus gníomhaíochtaí tacaíochta a sheoladh ar bhealach slán. Tabharfar aire chun nochtadh sonraí íogaire i dtimpeallachtaí tástála a sheachaint. Déanfar timpeallachtaí tionscadail agus tacaíochta a rialú go docht. Déanfar úsáid athruithe ar tháirgeadh a rialú go docht. Déanfar measúnú riosca ar na mórathruithe a bheidh le déanamh sa táirgeadh.

Déanfar gníomhaíochtaí rialta tástála um shlándáil na gcóras táirgthe freisin de réir plean réamhshainithe a bheidh bunaithe ar thoradh measúnaithe riosca, agus áireofar sa tástáil slándála, ar a laghad, measúnuithe leochaileachta. Déanfar na heasnaimh go léir a léireofar le linn na ngníomhaíochtaí tástála slándála a mheasúnú agus ullmhófar pleananna gníomhaíochta chun aon bhearna shainaitheanta a dhúnadh agus déanfar bearta leantacha orthu go tráthúil.

Ceanglas 1.11: Slándáil faisnéise i gcaidrimh soláthraithe ([3])

Chun a áirithiú go gcosnófar córais faisnéise inmheánacha an rannpháirtí a bhfuil rochtain ag soláthraithe orthu, déanfar ceanglais slándála faisnéise a dhoiciméadú agus a chomhaontú go foirmiúil leis an soláthraí chun na rioscaí a bhaineann le rochtain an tsoláthraí a mhaolú.

Ceanglas 1.12: Bainistíocht ar theagmhais slándála faisnéise agus feabhsuithe

Chun cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú maidir le teagmhais slándála faisnéise a bhainistiú, lena n-áirítear cumarsáid maidir le teagmhais slándála agus laigí slándála, bunófar róil, freagrachtaí agus nósanna imeachta, ar an leibhéal gnó agus teicniúil, agus déanfar iad a thástáil chun a áirithiú go ndéanfar aisghabháil tapa, éifeachtach, ordúil agus sábháilte ó theagmhais slándála faisnéise lena n-áirítear cásanna a bhaineann le cúis chibear-ghaolmhar (e.g. calaois arna saothrú ag ionsaitheoir seachtrach nó trí chos istigh). c

Ceanglas 1.13: Athbhreithniú ar chomhlíonadh teicniúil

Déanfar córais faisnéise inmheánacha rannpháirtí (e.g. córais chúloifige, líonraí inmheánacha agus nascacht gréasáin sheachtrach) a mheasúnú go rialta chun go gcomhlíontar creat beartas seanbhunaithe na heagraíochta (e.g. beartas slándála faisnéise, beartas rialaithe cripteagrafach).

Ceanglas 1.14: Fíorúlú

Comhlíonfaidh aoi-innill fíorúla na rialuithe slándála go léir a shocraítear do chrua-earraí agus córais fhisiceacha (m.sh. cruaite, logáil). Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sna rialuithe a bhaineann le hipearscáthláin: cruachan an hipearscáthláin agus an chórais oibriúcháin óstaigh, paisteáil rialta, deighilt dhian ar thimpeallachtaí éagsúla (m.sh. táirgeadh agus forbairt). Déanfar bainistiú láraithe, logáil agus faireachán mar aon le bainistiú ar chearta rochtana, go háirithe maidir le cuntais ardphribhléideacha, a chur chun feidhme ar bhonn measúnú riosca. Beidh próifíl riosca comhchosúil ag aoi-innill arna mbainistiú ag an hipearscáthlán céanna.

Ceanglas 1.15: Néalríomhaireacht

Ní mór úsáid réiteach poiblí agus/nó néil hibrideacha sa Slabhra Idirbhearta Íocaíochta a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca foirmiúil, agus na rialuithe teicniúla agus na clásail chonarthacha a bhaineann leis an néalréiteach a chur san áireamh.

Má úsáidtear réitigh néil hibrideacha, tuigtear gurb é leibhéal criticiúlachta an chórais iomláin an ceann is airde de na córais nasctha. Ní mór gach comhpháirt de na réitigh hibrideacha san áitreabh a scaradh ó na córais eile san áitreabh.

2. **Bainistíocht leanúnachais gnó**

Baineann na ceanglais seo a leanas le bainistíocht leanúnachais gnó. Beidh straitéis leanúnachais gnó i bhfeidhm ag gach rannpháirtí TARGET arna ainmniú ag an Eurochóras mar rannpháirtí ríthábhachtach maidir le feidhmiú rianúil chóras TARGET a chomhlíonfaidh na ceanglais seo a leanas.

([3]) Ba cheart soláthróir i gcomhthéacs an chleachtaidh seo a thuiscint mar aon tríú páirtí (agus a phearsanra) atá faoi chonradh (comhaontú), leis an institiúid, chun seirbhís a sholáthar agus faoin gcomhaontú seirbhíse tugtar rochtain, go cianda nó ar an láthair, don tríú páirtí (agus dá phearsanra) ar fhaisnéis agus/nó ar chórais faisnéise agus/nó ar shaoráidí próiseála faisnéise na hinstitiúide atá faoi raon feidhme nó a bhaineann leis an raon feidhme a chumhdaítear faoin gcleachtadh den fhéindheimhniú TARGET.

Ceanglas 2.1:

Forbrófar pleananna leanúnachais gnó agus beidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun iad a chothabháil.

Ceanglas 2.2:

Beidh láithreán oibriúcháin eile ar fáil.

Ceanglas 2.3:

Beidh próifíl riosca an láithreáin mhalartaigh difriúil ó phróifíl riosca an láithreáin phríomha, chun nach ndéanfaidh an teagmhas céanna difear don dá shuíomh ag an am céanna. Mar shampla, beidh an láithreán malartach ar eangach fuinnimh agus ar chiorcad lárnach teileachumarsáide atá difriúil ó na cinn atá sa phríomhshuíomh gnó.

Ceanglas 2.4:

I gcás suaitheadh oibriúcháin mhór a fhágann nach mbeidh rochtain ar an bpríomhláithreán agus/nó nach mbeidh an fhoireann chriticiúil ar fáil, beidh an rannpháirtí criticiúil in ann gnáthoibríochtaí a atosú ón suíomh malartach, áit a mbeifear in ann an lá gnó a dhúnadh i gceart agus oscailt an lá/na laethanta dar gcionn.

Ceanglas 2.5:

Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go dtosófar ar phróiseáil na n-idirbheart ón suíomh malartach laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis suaitheadh tosaigh na seirbhíse agus atá i gcomhréir le criticiúlacht an ghnó ar cuireadh isteach air.

Ceanglas 2.6:

Déanfar tástáil ar an gcumas chun déileáil le suaitheadh oibriúcháin uair amháin sa bhliain ar a laghad agus cuirfear oiliúint chuí ar an bhfoireann chriticiúil. Ní rachaidh an uastréimhse idir tástálacha thar aon bhliain amháin.

IARSCRÍBHINN II

SOCRUITHE RIALACHAIS TARGET

Leibhéal 1 — Comhairle Rialaithe	Leibhéal 2 — Comhlacht bainistíochta teicniúil agusoibríochtúil	Leibhéal 3 — BCNanna Leibhéal 3
1. *Forálacha ginearálta*		
Inniúlacht deiridh i ndáil le gach saincheist TARGET, go háirithe na rialacha maidir le cinnteoireacht i TARGET, agus freagrach as feidhm phoiblí TARGET a chosaint	Tascanna teicniúla, feidhmiúla oibríochtúla agus bainistíochta airgeadais a dhéanamh i ndáil le TARGET agus na rialacha maidir le rialachas arna gcinneadh ag Leibhéal 1 a chur chun feidhme.	Cinntí a dhéanamh maidir le reáchtáil laethúil TARGET a bheidh bunaithe ar na leibhéil seirbhíse a shainítear sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 7(6) den Treoirlíne seo.
2. *Beartas praghsála*		
— Cinneadh a dhéanamh ar struchtúr praghsála/beartas praghsála — Cinneadh a dhéanamh ar na imchlúdaigh praghsála	— Athbhreithniú rialta ar struchtúr praghsála/beartas praghsála — Clúdaigh praghsála a dhréachtú agus faireachán a dhéanamh orthu	*(Neamhbhainteach)*
3. *Maoiniú*		
— Cinneadh a dhéanamh ar rialacha maidir le córas airgeadais TARGET — Cinneadh a dhéanamh ar na clúdaigh airgeadais	— Tograí a dhréachtú le haghaidh phríomhghnéithe an chórais airgeadais mar a chinntear ag Leibhéal 1. — Dréachtú agus faireachán ar imchlúdaigh airgeadais — Faomhadh agus/nó tús a chur le tráthchodanna arna n-íoc ag BCanna an Eurochórais go Leibhéal 3 chun seirbhísí a sholáthar — Faomhadh agus/nó tús a chur le haisíocaíocht táillí le BCanna an Eurochórais	Figiúirí costais a sholáthar go Leibhéal 2 don soláthar seirbhíse
4. *Leibhéal seirbhíse*		
Cinneadh a dhéanamh ar an leibhéal seirbhíse	Ag fíorú gur seachadadh an tseirbhís de réir an leibhéil Seirbhíse comhaontaithe	An tseirbhís a sheachadadh de réir an leibhéil Seirbhíse comhaontaithe
5. *Oibríocht*		
	— Cinneadh a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le teagmhais agus cásanna géarchéime — Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí gnó	An córas a bhainistiú ar bhonn na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Treoirlíne seo
6. *Bainistíocht athraithe agus scaoilte*		
Cinneadh a dhéanamh i gcás formhéadaithe	— Na hiarratais ar Athrú a cheadú — An scóip scaoilte a cheadú — An plean scaoilte a fhaomhadh agus a fhorghníomhú	Na hIarratais ar Athrú a Mheasúnú Na hIarratais ar Athraithe a Chur i bhFeidhm i gcomhréir leis an bplean comhaontaithe

7. *Bainistíocht riosca*		
— Creat Bainistíochta Riosca TARGET agus lamháltas riosca le haghaidh TARGET a fhormheas chomh maith le glacadh leis na rioscaí atá fágtha. — freagracht deiridh a ghlacadh as gníomhaíochtaí na chéad líne agus an dara líne cosanta. — an struchtúr eagraíochtúil a bhunú do róil agus freagrachtaí a bhaineann le riosca agus rialú	— Bainistíocht riosca iarbhír a dhéanamh — Anailís riosca agus obair leantach a dhéanamh — ag cinntiú go ndéantar gach socrú bainistíochta riosca a chothabháil agus a choinneáil cothrom le dáta — an plean leanúnachais gnó a fhaomhadh agus a athbhreithniú mar atá leagtha amach sna doiciméid oibriúcháin ábhartha	An fhaisnéis riachtanach a sholáthar le haghaidh anailíse riosca de réir iarratais Leibhéal 1/Leibhéal 2
8. *Rialacha an chórais*		
— Creat dlíthiúil an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais maidir le TARGET a bhunú agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go leordhóthanach é, lena n-áirítear na Coinníollacha Comhchuibhithe maidir le rannpháirtíocht in TARGET	*(Neamhbhainteach)*	*(Neamhbhainteach)*

IARSCRÍBHINN III

SAINMHÍNITHE

(1) ciallaíonn **"grúpa faireacháin cuntas"** grúpa de dhá MCA nó níos mó agus/nó dhá DCA nó níos mó a bhfuil dearcadh ag rannpháirtí amháin acu, an páirtí ceannais, ar an iarmhéid ar gach ceann de chuntais TARGET sa ghrúpa;

(2) ciallaíonn "**sealbhóir BIC inteagmhála**" eintiteas: (a) a shealbhaíonn Cód Aitheantóra Gnó (BIC); agus (b) is comhfhreagraí nó custaiméir de chuid sealbhóir DCA RTGS nó brainse de shealbhóir DCA RTGS é, agus atá in ann orduithe íocaíochta a chur isteach chuig córas comhpháirte de TARGET agus íocaíochtaí a fháil uaidh trí shealbhóir an DCA RTGS sin;

(3) ciallaíonn "córas coimhdeach" (AS) córas arna oibriú ag eintiteas a bunaíodh san Aontas nó sa LEE agus atá faoi réir maoirseachta agus/nó formhaoirseachta ag údarás inniúil agus a chomhlíonann na ceanglais mhaoirseachta maidir le suíomh bonneagair a thairgeann seirbhísí in euro, arna leasú ó am go ham agus atá foilsithe ar shuíomh Gréasáin an BCE, ina ndéantar íocaíochtaí agus/nó ionstraimí airgeadais a mhalartú agus/nó a imréitiú nó a thaifeadadh (a) leis na hoibleagáidí airgeadaíochta a eascraíonn as orduithe aistrithe a shocraítear in TARGET agus/nó (b) le cistí a shealbhaítear i TARGET, i gcomhréir le Treoirlíne BCE/2022/8;

(4) ciallaíonn **"cuntas cistí ráthaíochta córais choimhdigh" (cuntas cistí ráthaíochta AS)** cuntas teicniúil a úsáidtear chun críche cistí ráthaíochta a shealbhú chun tacú le nósanna imeachta socraíochta RTGS AS A agus B;

(5) ciallaíonn **"nós imeachta socraíochta córais choimhdigh"** (nós imeachta socraíochta AS) aon nós imeachta socraíochta AS TIPS nó nós imeachta socraíochta AS RTGS ;

(6) ciallaíonn **"ordú aistrithe córais choimhdigh" (ordú aistrithe AS)** aon ordú aistrithe airgid a thionscnaíonn córas coimhdeach chun críche nós imeachta socraíochta córais choimhdigh RTGS;

(7) ciallaíonn **"uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh"** creidmheas ionlae arna dheonú ag banc ceannais náisiúnta an limistéir euro (BCN) in airgead bainc cheannais a spreagtar nuair nach bhfuil cistí leordhóthanacha ag sealbhóir DCA T2S chun idirbhearta urrús a réiteach, trína comhthaobhaítear an creidmheas ionlae sin leis na hurrúis a cheannaítear (comhthaobhacht ar shreabhadh), nó le hurrúis atá i seilbh shealbhóir DCA T2S i bhfabhar BCN an limistéir euro (comhthaobhacht ar stoc); Tá dhá idirbheart ar leith in idirbheart maidir le huathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh, ceann amháin chun an t-uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a dheonú agus ceann amháin lena aisíoc. Féadfaidh sé tríú idirbheart a áireamh freisin maidir le haon athlonnú comhthaobhachta sa deireadh, Chun críocha Iarscríbhinn 1, Cuid I, Airteagal 18, meastar gur iontráladh na trí idirbheart uile sa chóras agus meastar iad a bheith neamh-inchúlghairthe ag an am céanna leis an idirbheart chun an uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh a dheonú;

(8) ciallaíonn **"uathordú aistriú leachtachta"** ordú aistrithe leachtachta a ghintear go huathoibríoch chun cistí a aistriú ó DCA RTGS ainmnithe go dtí MCA an rannpháirtí i gcás nach bhfuil cistí leordhóthanach ar an MCA sin chun oibríochtaí bainc cheannais a shocrú;

(9) ciallaíonn "**leachtacht atá ar fáil**" iarmhéid sochair ar chuntas rannpháirtí agus, más ábhartha, aon líne creidmheasa ionlae arna dheonú ar an MCA ag BCN ábhartha an limistéir euro i ndáil leis an gcuntas sin ach nár tarraingíodh uirthi fós, nó más infheidhme, arna laghdú ag an méid aon chúl-leachtachta atá próiseáilte nó aon bhlocáil cistí ar MCAnna nó DCAnna;

(10) ciallaíonn **"grúpa baincéireachta"**:

a. comhdhéanamh institiúidí creidmheasa a áirítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite máthairchuideachta ina bhfuil oibleagáid ar an máthairchuideachta ráitis airgeadais chomhdhlúite a chur i láthair faoin gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 27 (IAS 27), arna ghlacadh de bhun Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 1126/2008 ([1]) agus a bheidh comhdhéanta de: (i) máthairchuideachta agus fochuideachta amháin nó níos mó; nó (ii) dhá fhochuideachta nó níos mó de mháthairchuideachta; nó

b. comhdhéanamh institiúidí creidmheasa dá dtagraítear i bhfomhír (a)(i) nó (ii), i gcás nach gcuireann máthairch-uideachta ráitis airgeadais chomhdhlúite i láthair de réir IAS 27, ach go bhféadfadh sí a bheith in ann na critéir a shainmhínítear in IAS 27 um chuimsiú i ráitis airgeadais chomhdhlúite a chomhlíonadh, faoi réir fhíorú BC shealbhóir an rannpháirtí;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe de réir Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

c. líonra déthaobhach nó iltaobhach institiúidí creidmheasa atá: (i) eagraithe trí chreat reachtúil lena gcinntear cleamhnacht institiúidí creidmheasa le líonra den sórt sin; nó (ii) arb iad na saintréithe atá aige meicníochtaí féineagraithe comhair (leasanna gnó a chomhaltaí a chur chun cinn, tacú leo agus ionadaíocht a dhéanamh orthu) agus/nó dlúthpháirtíocht eacnamaíoch a théann thar an gnáthchomhar idir institiúidí creidmheasa a bhfuil comhar agus dlúthpháirtíocht den sórt sin ceadaithe trí fho-dhlíthe nó airteagail chorpraithe nó arna mbunú de bhun comhaontuithe ar leith agus i ngach cás go bhfuil iarratas ceadaithe ag Comhairle Rialaithe an BCE chun a mheas gur grúpa é;

(11) ciallaíonn "**brainse**" brainse de réir bhrí phointe (17) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([2]) nó pointe (30) d'Airteagal 4(1)de Threoir 2014/65/AE ([3]);

(12) ciallaíonn **"teachtaireacht craolta"** faisnéis a chuirtear ar fáil do ghrúpa roghnaithe de rannpháirtithe nó dóibh go léir;

(13) ciallaíonn **"lá gnó"** nó **"lá gnó TARGET"** aon lá a bhfuil MCAnna, RTGS nó DCAnna T2S ar fáil chun orduithe aistrithe airgid a shocrú;

(14) ciallaíonn **"Cód Aitheantóra Gnó"** (BIC) cód mar atá sainmhínithe ag Caighdeán ISO Uimh. 9362;

(15) ciallaíonn "**tuairim acmhainní**" tuairim a bhaineann go sonrach le rannpháirtí ina bhfuil measúnú ar chumas dlíthiúil rannpháirtí dul i mbun oibleagáidí agus iad a chomhlíonadh;

(16) ciallaíonn **"ordú aistrithe airgid'**aon treoir ó rannpháirtí nó ó pháirtí atá ag gníomhú thar a cheann méid airgid ó chuntas amháin a chur ar fáil d'fhaighteoir trí iontráil leabhair i gcuntas eile agus ar ordú aistrithe córais choimhdigh, ordú aistrithe leachtachta, ordú íocaíochta meandraí, freagra athghairme dearfach nó ordú íocaíochta é;

(17) ciallaíonn "**banc ceannais**" **(BC)** BC an Eurochórais agus/nó BCN bainteach;

(18) ciallaíonn "**oibríocht banc ceannais**" aon ordú íocaíochta nó ordú aistrithe leachtachta arna thionscnamh ag BC ar MCA a osclaíodh in aon chóras comhpháirte de TARGET;

(19) ciallaíonn **"BCN bainteach**" BCN, seachas BCN an limistéir euro, atá nasctha le TARGET de bhun comhaontaithe sonrach;

(20) ciallaíonn **"Réiteach Teagmhasachta"** an fheidhmiúlacht lena ligtear do BCanna agus do rannpháirtithe orduithe aistrithe airgid a phróiseáil i gcás nach féidir gnáthoibriú na MCAnna agus/nó na DCAnna RTGS agus/nó na gcuntais theicniúla AS RTGS;

(21) ciallaíonn **"institiúid creidmheasa"**: (a) institiúid creidmheasa de réir bhrí phointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (agus na forálacha dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) mar is infheidhme don institiúid chreidmheasa} atá faoi réir maoirseachta ag údarás inniúil; nó (b) institiúid creidmheasa eile de réir bhrí Airteagal 123(2) den Chonradh atá faoi réir grinnscrúdaithe ar chaighdeán atá inchomparáide le maoirseacht ag údarás inniúil;

(22) ciallaíonn **"iarmhéid meabhráin creidmheasa (CMB)"** teorainn arna socrú ag sealbhóir DCA TIPS chun leachtacht ar DCA TIPS a úsáid ag páirtí sonrach inrochtana;

(23) ciallaíonn **"socraíocht traschórais"** socraíocht orduithe aistrithe AS lena gcuirtear do dhochar an cuntas teicniúil RTGS AS nó fo-chuntas bainc socraíochta AS amháin a úsáideann nós imeachta socraíochta AS C nó D agus a chuireann chun sochair an cuntas teicniúil AS RTGS nó fochuntais banc socraíochta de chuid AS eile a úsáideann nós imeachta socraíochta AS C nó D;

(24) ciallaíonn **"cuntas airgid tiomnaithe" (DCA)**DCA RTGS, DCA T2S nó DCA TIPS;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([3]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.06.2014, lch. 349).

([4]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(25) ciallaíonn **"saoráid taisce"** "saoráid taisce" mar a shainmhínítear i bpointe (21) d'Airteagal 2 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);

(26) ciallaíonn **"ráta na saoráide taisce"** "ráta na saoráide taisce" mar a shainmhínítear i bpointe (22) d'Airteagal 2 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);

(27) ciallaíonn **"BCN an limistéir euro"** banc ceannais náisiúnta (BCN) Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige;

(28) ciallaíonn **"Scéim Aistrithe Creidmheasa Meandraí SEPA (SCT Inst) de chuid na Comhairle Eorpaí um Íocaíochtaí"** nó "Scéim Inst SCT" scéim um chaighdeáin oscailte uathoibrithe lena soláthraítear sraith rialacha idirbhainc atá le comhlíonadh ag rannpháirtithe SCT Inst, lena gceadaítear soláthraithe seirbhísí íocaíochta i Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA), chun táirge aistrithe creidmheasa meandraí uathoibrithe in euro ar fud SEPA a thairiscint;

(29) ciallaíonn **"BC Eurochórais"** an BCE nó BCN an limistéir euro;

(30) ciallaíonn **"teagmhas mainneachtana"** aon teagmhas atá le teacht nó atá ann cheana, a d'fhéadfadh bagairt ar fheidhmíocht ag rannpháirtí dena chuid oibleagáidí faoi na Coinníollacha seo nó faoi aon rialacha eile a bhaineann leis an gcaidreamh idir an rannpháirtí sin agus BC an rannpháirtí nó aon BC eile, lena n-áirítear:

(a) cás nach gcomhlíonann an rannpháirtí na critéir rochtana a leagtar síos i gcur chun feidhme náisiúnta Chuid I, Iarscríbhinn I, Airteagal 4 nó na ceanglais a leagtar síos i gcur chun feidhme náisiúnta ábhartha Chuid I, Iarscríbhinn I, Airteagal 5(1) a thuilleadh, pointe (a)(i);

(b) tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta i ndáil leis an rannpháirtí;

(c) tíolacadh iarratais a bhaineann leis na himeachtaí dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) eisiúint dearbhaithe i scríbhinn ag rannpháirtí maidir lena neamhábaltacht a chuid fiacha go léir nó aon chuid díobh a íoc nó a oibleagáidí a eascraíonn as creidmheas ionlae a chomhlíonadh;

(e) dul i mbun comhaontaithe nó socraithe dheonaigh ghinearálta ag rannpháirtí lena chreidiúnaithe;

(f) cás ina bhfuil, nó má mheasann BC an rannpháirtí go bhfuil an rannpháirtí dócmhainneach nó nach bhfuil sé in ann a chuid fiacha a íoc;

(g) cás ina bhfuil iarmhéid creidmheasa an rannpháirtí ar aon dena chuntas TARGET, nó gach cuid nó cuid mhaith de shócmhainní an rannpháirtí faoi réir ordaithe chalctha, astú, urghabhála nó aon nós imeachta eile atá beartaithe chun leas an phobail nó cearta chreidiúnaithe an rannpháirtí a chosaint;

(h) cás inar cuireadh rannpháirtíocht an rannpháirtí i gcóras comhpháirte TARGET eile agus/nó in AS ar fionraí nó gur foirceannadh é;

(i) cás ina bhfuil aon uiríoll ábhartha nó ráiteas réamhchonarthach a rinne an rannpháirtí nó a bhfuil sé intuigthe go ndearna an rannpháirtí é faoin dlí is infheidhme mícheart nó bréagach;

(j) sannadh gach cuid nó cuid shuntasach shócmhainní an rannpháirtí;

(31) ciallaíonn "**cistí ráthaíochta**" cistí a sholáthraíonn rannpháirtithe AS le húsáid i gcás go dteipfeadh, ar chúis ar bith, ar rannpháirtí amháin nó níos mó a gcuid oibleagáidí íocaíochta sa AS a chomhlíonadh;

(32) ciallaíonn **"imeachtaí dócmhainneachta"** imeachtaí dócmhainneachta de réir bhrí Airteagal 2(j) de Threoir 98/26/CE;

(33) ciallaíonn "**ordú íocaíochta meandraí**", i gcomhréir le Scéim um Aistriú Meandrach Creidmheasa SEPA (SCT Inst) na Comhairle Eorpaí um Íocaíochtaí, ordú aistrithe airgid is féidir a fhorghníomhú 24 uair sa lá aon lá féilire den bhliain, le socraíocht láithreach nó gar do láithreach agus fógra don íocóir, agus lena n-áirítear: (i) orduithe íocaíochta meandraí DCA TIPS go DCA TIPS; (ii) orduithe íocaíochta meandraí ó DCA TIPS go cuntas teicnIúil AS TIPS; (iii) orduithe íocaíochta meandraí ó chuntas teicniúil AS TIPS go DCA TIPS; agus (iv) orduithe íocaíochta meandraí ó chuntas teicniúil TIPS AS go AS TIPS;

(34) ciallaíonn **"páirtí treorach"** eintiteas atá ainmnithe amhlaidh ag sealbhóir DCA TIPS nó ag sealbhóir cuntas teicniúil AS TIPS, agus a cheadaítear chun orduithe íocaíochta meandraí nó orduithe aistrithe leachtachta a sheoladh agus/nó orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta a fháil thar ceann an tsealbhóra cuntais sin nó páirtí inrochtana de chuid an tsealbhóra cuntais sin;

(35) ciallaíonn **"creidmheas ionlae"** creidmheas arna fhadú ar feadh tréimhse níos lú ná lá gnó amháin.

(36) ciallaíonn "**gnólacht infheistíochta**" gnólacht infheistíochta de réir bhrí [cuir isteach forálacha dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 4(1)(1) de Threoir 2014/65/AE, seachas na hinstitiúidí a shonraítear i agus na forálacha dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhm Airteagal 2(1) de Threoir 2014/65/AE de réir mar is infheidhme don ghnólacht infheistíochta, ar choinníoll go bhfuil an gnólacht infheistíochta i gceist:

a) údaraithe agus maoirsithe ag údarás inniúil aitheanta, atá ainmnithe mar sin faoi Threoir 2014/65/AE; agus

b) i dteideal na gníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi (forálacha dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme ítimí 2, 3, 6 agus 7 de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, mar is infheidhme don ghnólacht infheistíochta);

(37) ciallaíonn **"BCNanna Leibhéal 3"** Deutsche Bundesbank, Banque de France, Banca d'Italia agus Banco de España ina gcáil mar na BCanna atá ag forbairt agus ag oibriú TARGET ar mhaithe leis an Eurochóras;

(38) ciallaíonn **"ordú aistrithe leachtachta"** ordú aistrithe airgid chun méid sonraithe cistí a aistriú chun críche bainistithe leachtachta;

(39) ciallaíonn **"ráta na saoráide iasachta imeallaí"** "ráta na saoráide iasachta imeallach" mar a shainmhínítear i bpointe (57) d'Airteagal 2 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);

(40) ciallaíonn **"saoráid iasachta imeallach"** "saoráid iasachta imeallach" mar a shainmhínítear i bpointe (56) d'Airteagal 2 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60);

(41) ciallaíonn **"seirbhís shoghluaiste cuardaigh ionadaithe (MPL)"** seirbhís a chuireann ar chumas sealbhóirí DCA TIPS, AS a úsáideann cuntais theicniúla AS TIPS agus páirtithe inrochtana, a fhaigheann iarratas óna gcustaiméirí ordú íocaíochta meandraí a fhorghníomhú i bhfabhar tairbhí a shainaithnítear trí ionadaí (e.g. uimhir shoghluaiste), chun IBAN agus BIC an tairbhí chomhfhreagraigh a úsáidfear chun creidmheas a dhéanamh don chuntas ábhartha Chórais Íocaíochta Meandraí TARGET (TIPS) a fháil ón stór lárnach MPL;

(42) ciallaíonn **"íocaíocht gar meandrach"** ordú aistrithe airgid a chomhlíonann Caighdeán NL Seirbhísí Breise Roghnacha um Aistriú Creidmheasa SEPA (SCT AOS) maidir le haistrithe creidmheasa SEPA a phróiseáil láithreach;

(43) ciallaíonn "**soláthraí seirbhísí líonra" (NSP)** gnóthas ar dámhadh lamháltas dó leis an Eurochóras chun seirbhísí nascachta a sholáthar trí Thairseach an Eurochórais um Bonneagar Margaidh Aonair chuig seirbhísí TARGET;

(44) ciallaíonn **"ordú aistrithe airgid neamhsocraithe"** ordú aistrithe airgid nach bhfuil socraithe ar an lá gnó a nglactar leis;

(45) ciallaíonn "**rannpháirtí**"; a) eintiteas a bhfuil MCA amháin ar a laghad aige agus a fhéadfaidh freisin DCA amháin nó níos mó] a shealbhú] i TARGET; nó b) AS;

(46) ciallaíonn **"íocaí"**, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear é in Iarscríbhinn I, Foscríbhinn II, rannpháirtí a bhfuil a MCA nó a DCA curtha chun sochair mar thoradh ar ordú aistrithe airgid a bheith socraithe;

(47) ciallaíonn **"íocóir"**, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear é in Iarscríbhinn I, Foscríbhinn II, rannpháirtí a gcuirtear an MCA nó a DCA do dhochar de thoradh ordú aistrithe airgid a bheith socraithe;

(48) ciallaíonn **"ordú íocaíochta**" aon treoir ó rannpháirtí nó páirtí a ghníomhaíonn ar a shon méid airgid ó chuntas amháin a chur ar fáil d'fhaighteoir trí iontráil leabhair i gcuntas eile agus nach ordú aistrithe AS, ordú aistrithe leachtachta, ordú íocaíochta meandraí nó freagra dearfach aisghairme é;

(49) ciallaíonn **"freagra dearfach aisghairme"**, ordú aistrithe airgid arna thionscnamh ag faighteoir iarrata ar aisghairm, mar fhreagairt ar iarraidh ar aisghairm, chun leasa seoltóir na hiarrata ar aisghairm sin,

(50) ciallaíonn **"comhlacht earnála poiblí"** eintiteas laistigh den "earnáil phoiblí", an téarma deireanach mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 3603/93 ([5]);

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 3603/93 ón gComhairle an 13 Nollaig 1993 lena sonraítear sainmhínithe chun na toirmisc dá dtagraítear in Airteagal 104 agus Airteagal 104b(1) den Chonradh a chur i bhfeidhm (IO L 332, 31.12.1993, lch. 1).

(51) ciallaíonn "**páirtí inteagmhála**" einteatas: (a) a shealbhaíonn Cód Aitheantóra Gnó (BIC); (b) atá ainmnithe amhlaidh ag sealbhóir DCA TIPS nó ag córas coimhdeach a bhfuil cuntas teicniúil AS TIPS aige; (c) is comhfhreagraí, custaiméir, nó brainse de shealbhóir DCA TIPS nó rannpháirtí de chóras coimhdeach é; nó is comhfhreagraí, custaiméir, nó brainse de rannpháirtí de chóras coimhdeach a bhfuil cuntas teicniúil AS TIPS aige agus (d) gur féidir dul i ngleic leis trí TIPS agus atá in ann orduithe aistrithe airgid a chur isteach agus orduithe aistrithe airgid a fháil trí shealbhóir DCA TIPS nó trí chóras coimhdeach a shealbhaíonn cuntas teicniúil AS TIPS, nó go díreach má údaraíonn sealbhóir an DCA TIPS amhlaidh nó trí chóras coimhdeach a bhfuil cuntas teicniúil AS TIPS aige;

(52) ciallaíonn **"nós imeachta córais coimhdigh um ollsocraíocht fíor-ama"** (nós imeachta socraíochta AS RTGS) ceann amháin den raon de sheirbhísí speisialta, réamhshainithe chun orduithe aistrithe AS a bhaineann le socraíocht AS ar DCAnna RTGS, ar fhochuntais agus ar chuntais theicniúla AS RTGS a thíolacadh agus a shocrú;

(53) ciallaíonn "**Cuntas teicniúil córais choimhdigh um ollsocraíocht fíor-ama" (cuntas teicniúil AS RTGS)** cuntas arna sealbhú ag AS nó ag BC ina chóras comhpháirte TARGET thar ceann an AS agus a úsáidtear i gcomhthéacs nós imeachta socraíochta AS RTGS;

(54) ciallaíonn **"iarraidh ar aisghairm"** teachtaireacht ó shealbhóir DCA RTGS nó ó shealbhóir DCA TIPS ag iarraidh aisíocaíocht ordú íocaíochta socraithe nó ordú íocaíochta meandraí faoi seach;

(55) **"ordú aistrithe leachtacha riailbhunaithe"** ordú aistrithe leachtacha a spreagtar mar thoradh ar: (a) an iarmhéid ar chuntas MCA ó DCA RTGS a sháraíonn íosteorainnr nó uasteorainn réamhshainithe; nó (b) cistí neamhleordhóthanacha ar fáil chun orduithe íocaíochta práinneach scuaine, orduithe aistrithe AS nó orduithe íocaíochta ardtosaíochta ar DCA RTGS a chumhdach;

(56) Ciallaíonn **"grúpa cuntas bainc socraíochta"** liosta de na DCAnna RTGS agus/nó de na fochuntais arna socrú i gcomhthéacs córais coimhdigh a shocrú trí úsáid a bhaint as samhlacha socraíochta AS RTGS;

(57) ciallaíonn **"banc socraíochta"** sealbhóir DCA RTGS a mbaintear úsáid as a DCA nó a fhochuntas RTGS chun orduithe aistrithe AS arna gcur isteach ag AS a shocrú trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta socraíochta AS RTGS;

(58) ciallaíonn **"fionraí"** cearta agus oibleagáidí rannpháirtí a chalcadh go sealadach ar feadh tréimhse ama a chinnfidh BCE an rannpháirtí;

(59) ciallaíonn **"cuntas TARGET"** aon chuntas a osclaítear i gcóras comhpháirte de TARGET;

(60) ciallaíonn "**córas comhpháirte de TARGET**" aon cheann de chórais BCanna atá mar chuid de TARGET;

(61) ciallaíonn **"comhordaitheoir TARGET"** duine arna cheapadh ag BCE chun bainistiú oibríochtúil laethúil TARGET a áirithiú, chun gníomhaíocht a bhainistiú agus a chomhordú i gcás ina dtarlaíonn staid neamhghnách agus chun scaipeadh na faisnéise ar na rannpháirtithe a chomhordú;

(62) ciallaíonn **"nós imeachta socraíochta córais coimhdigh um Socraíocht Íocaíochta Meandraí TARGET (TIPS)"** (nós imeachta socraíochta AS TIPS) an tseirbhís réamhshainithe chun orduithe aistrithe leachtachta agus orduithe íocaíochta meandraí a bhaineann le socraíocht AS ar DCAnna TIPS agus ar chuntais theicniúla AS TPS;

(63) ciallaíonn **"Cuntas teicniúil córais choimhdigh de Shocraíocht Íocaíochta Meandraí TARGET (TIPS)" (cuntas teicniúil AS TIPS)** cuntas atá á sealbhú ag AS nó ag BC ina chóras comhpháirte TARGET thar ceann an AS le húsáid ag an AS chun críche imréitigh íocaíochtaí meandracha lena socraítear íocaíochtaí meandracha ina leabhair féin;

(64) ciallaíonn **"bainisteoir socraíochta TARGET"** duine arna cheapadh ag BC an Eurochórais chun faireachán a dhéanamh ar oibriú a chóras chomhpháirte TARGET;

(65) ciallaíonn "**Urrúis-TARGET2 (T2S)**"an tacar crua-earraí, bogearraí agus comhpháirteanna bonneagair theicniúil eile trína soláthraíonn an Eurochóras na seirbhísí do TLUnna agus BCanna an Eurochórais lena ceadaítear idirbhearta urrús a shocrú go lárnach, go neodrach agus gan teorainn ar bhonn seachadta in áit íocaíochta in airgead bainc cheannais;

(66) ciallaíonn **"mífheidhm theicniúil TARGET"** aon locht nó teip ar an mbonneagar teicniúil agus/nó ar na córais ríomhaireachta a úsáideann an córas comhpháirte ábhartha de TARGET, nó aon teagmhas eile a fhágann nach féidir próiseáil orduithe aistrithe airgid a fhorghníomhú agus a chur i gcrích de réir codanna ábhartha den Treoirlíne seo sa chóras comhpháirte ábhartha de TARGET.